



Tuarascáil Bhliantúil 2020 agus na Ráitis Airgeadais



Réamhrá

Tá Tuarascáil Bhliantúil 2020 bunaithe ar na spriocanna atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise Teagasc. Déantar cur síos ar shamplaí d'éachtaí agus forbairtí lárnacha de chuid Stiúrtóireachtaí an Taighde, an Aistrithe Eolais agus na nOibríochtaí i gcomhthéacs na spriocanna sin.

INNEACHAR

Réamhrá	3
Ráiteas an Chathaoirligh	4
Tuarascáil an Stiúrtóra	6
Comhaltaí an Údaráis	8
An Fhoireann Ardbhainistíochta	9
Cairt Eagraíochta	10
Suímh na nOifigí	11
Alt Speisialta: Córas Meastóireachta Taighde Teagasc	12
Sprioc 1 - Iomaíocht na talmhaíochta, an bhia, agus an bhith-gheilleagair i gcoitinne a fheabhsú	28
Sprioc 2 - Tacaíocht a sholáthar d'fheirmeoireacht inbhuanaithe agus don chomhshaol	46
Sprioc 3 - Éagsúlú an gheilleagair tuaithe a spreagadh agus cáilíocht na beatha tuaithe a fheabhsú	53
Sprioc 4 - Inniúlacht na heagraíochta a fheabhsú agus luach a thabhairt ar airgead	61
Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais	69

Misean

Tacú le nuálaíocht ar bhonn na heolaíochta san earnáil agraibhia agus sa bhith-gheilleagar i gcoitinne d'fhonn bonn taca a chur faoi bhrabúsacht, acmhainn iomaíochta agus inbhuanaitheacht.

Fís

Is mian le Teagasc aitheantas náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaint amach mar an soláthraí eolais is rogha le hearnáil agraibhia na hÉireann.

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH



Mairfidh an bhliain 2020 go buan i gcuimhne na ndaoine. Cuireadh tús leis an gcéad ráithe den bhliain le roinnt forbairtí an-dearfacha amhail “casadh an chéad fhóid” don Mhol Náisiúnta Tionscail Bia ag Teagasc na Cloiche Léithe i mí Eanáir agus le cuairt ó Dhiúc agus Bandiúc Cambridge na Ríochta Aontaithe, ar Teagasc na Gráinsí go luath i mí an Mhárta. Ba ghearr ina dhiaidh a chuir paidéim COVID-19 claochlú ar ár saol agus gnáthaimh oibre go léir. Ba léará dóchais ón ngéarchéim é freagra bhaill foirne Teagasc a ghlac an dúshlán go fonnmhair clár iomlána a sholáthar sna seirbhísí comhairleacha agus oideachais thar na hardáin ar líne. Tá moladh mór ag dul freisin dár bhfoireann feirme agus dóibh siúd a oibríonn inár saotharlanna arbh éigean dóibh freastal ar a n-áit oibre ar feadh na tréimhse iomláine.

Gach bliain bailíonn Suirbhé Náisiúnta Feirme Teagasc (NFS) sonraí mionsonraithe ó shampla ionadaíoch d'fheirmeacha na hÉireann. Cuireadh isteach ar na gnáthphróisis bhailithe sonraí á n-úsáid ag Teagasc NFS in 2020 agus 2021 de bharr na mbeart sláinte phoiblí ba ghá chun víreas COVID-19 a chomhrac. Is le comhoibriú na gcéadta feirmeoirí a ghlacann páirt sa NFS, atá ár gcláraitheoirí feirme ag bailiú sonraí feirme ar bhealaí a chinntíonn go gcomhlíontar na treoirilínte sláinte poiblí go léir.

Mar thoradh ar na próisis seo agus na srianta beartais maidir le sláinte phoiblí ar ghluaiseacht, áfach, tá moill curtha le críochnú thuarascáil 2020 Teagasc NFS. I mbliana, mar a bhí anuraidh, táim ag tarraingt ar na meastacháin ar fheidhmíocht na hearnála in 2020 a d'fhoilsigh an Dr. Kevin Hanrahan agus na heacnamaithe ó Roinn Eacnamaíochta Talmhaíochta agus Suirbhéireachta Feirme Teagasc ina dtuarascáil Staide 2021.

Bhí na dálaí aimsire in 2020 fabhrach do chórais féaraigh thalmhaíochta na hÉireann, ach ba bhliain dheacair dá réir í do go leor táirgeoirí gránaigh Éireannacha. Measadh gurbh ionann an meánioncam feirme teaghlaigh in 2020 agus € 24,700, suas thart ar € 1,300 ó leibhéal 2019. Mar sin féin, maolaíonn an toradh dearfach seo ar an bhfeirmeoir “meánach” torthaí éagsúla ar fud na bpríomhchineálacha feirme a fheictear i dtalmhaíocht na hÉireann.

Ar fheirmeacha déiríochta agus stoic thirim, tháinig laghdú ar chostais táirgeachta iomlána in 2020 mar gheall ar phraghsanna beatha, leasacháin agus breosla níos ísle, agus bhí an úsáid ionchuir réasúnta seasmhach. Mar thoradh ar chobhsaíocht i bpraghsanna bainne agus arduithe i bpraghsanna uan agus eallaí tháinig fás ar ioncam ar fheirmeacha déiríochta, tógála eallaí agus caorach. D'fhan ioncam ar fheirmeacha “eallach eile” seasmhach - in ainneoin praghsanna níos ísle in earrach 2020 mar gheall ar chur isteach COVID-19 ar mhargáí feola na hEorpa. Tháinig meath mór sa mheánioncam ar fheirmeacha curaíochta de bharr na mbarr faoi bhun an mheáin in 2020.

Meastar go bhfacthas laghdú trí chéile in 2020 ar na príomhchostais féaraigh agus foráiste d'fheirmeoirí déiríochta na hÉireann. De réir mar a tháinig fás leanúnach ar an meántál bainne ar leibhéal na feirme in 2020 agus i bhfianaise na cobhsaíochta sa mheánphraghas bainne a fuarthas, meastar gur mhéadaigh meánioncam ar fheirmeacha déiríochta na hÉireann 5% go € 69,000 in 2020.

In 2020, bhí na praghsanna d'eallach críochnaithe den scoth cosúil leis na leibhéil a tuairiscíodh in 2019 ar an meán. In 2020, b'airde na praghsanna d'eallach níos óige i gcomparáid leis na praghsanna a gnóthaíodh in 2019, rud a d'fhág go raibh méadú ar luach aschuir an mhargaidh ar fhiontair diúil aonair. Tháinig laghdú ar luach aschuir an mhargaidh ar an meánfhiontar críochnaithe eallaigh in 2020 mar thoradh ar phraghsanna níos airde a íocadh as eallach ceannaithe. Chuir lagduithe beaga ar úsáid beatha agus i bpraghsanna beathaithe níos ísle le caiteachas beatha níos ísle ar fhiontair eallaigh in 2020.

Chuir tabhairt isteach na scéime um Chlár Éifeachtúlachta Comhshaoil Mairteola - Ba Diúil (BEEP-S) go dearfach le luach na holltáirgeachta ar fheirmeacha diúil aonair agus chuir an scéim íocaíocht Críochnaitheora Mairteola (BFP) le haschur comhlán ar fhiontair chríochnaithe eallaigh. In 2020, meastar gur mhéadaigh meánioncam feirme teaghlaigh ar fheirmeacha tógála eallaigh 17% go € 10,600. Meastar nár tháinig aon athrú ar mheánioncam feirme teaghlaigh a thuilltear ar fheirmeacha “eallach eile” in 2020 ag € 13,800.

Bhí luach onnmhairí caoireola na hÉireann chuig an Aontas Eorpach in 2020 suas 12% i gcomparáid leo siúd in 2019, á dtiomáint ag praghsanna uan Eorpacha níos airde agus méadú ar mhéid na feola a seoladh ó Éirinn. Meastar gur tháinig méadú beag ar chostais dhíreacha iomlána na táirgeachta d'fhiontair uan achréide i lár an bhiaiste in 2020. Le forchostais táirgeachta ag laghdú 2% in 2020, meastar gur tháinig méadú suntasach ar ioncam feirme teaghlaigh a thuilltear ó tháirgeadh caorach in 2020. Measann Teagasc gur tháinig méadú 30% ar ioncam feirme teaghlaigh ar fheirmeacha speisialaithe caorach in 2020 go € 19,200.

Cé go raibh praghsanna gránaigh idirnáisiúnta tráth an fhómhair in 2020 níos airde ná in 2019 mar gheall ar tháirgeadh níos ísle i roinnt réigiún agus leibhéil stoic réasúnta íseal, léiríodh dálaí deacra fáis agus fómhair in Éirinn i meántorthaí i bhfad níos ísle. Tháinig laghdú os cionn 10% ar thorthaí eorna earraigh agus cruithneachta geimhridh i gcomparáid le 2019. Rinneadh méideanna táirgeachta níos ísle a fhritháireamh i bpáirt le laghdú éigin ar chostais. In 2020 measann Teagasc gur tháinig laghdú 11% ar mheánioncam feirme teaghlaigh curaíochta go € 29,000 in aghaidh na feirme.

Chuir conclúid an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair (TCA) idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe Oíche Nollag 2020 deireadh leis an mbagairt ó Bhreiteimeacht “gan Mhargadh”, agus mar thoradh air sin tá an t-ionchas eacnamaíoch do thionscail talmhaíochta agus bhia na hÉireann níos dóchasáil agus níos cinnte ná mar a bhí sé don chuid is mó de 2020.

Idir an gearrthéarma agus an meántéarma ar a laghad, coimeádann an TCA rochtain fhabhrach margaidh na hÉireann ar mhargadh na RA. Ceadáíonn an margadh a comhaontaíodh do thrádáil leanúnach shaor ó tharaifí idir an RA agus an tAontas Eorpach maidir le hearraí incháilithe, ach ciallaíonn sé go bhfuil constaicí nua ar thrádáil dhéthaobhach AE-RA tagtha chun cinn, i bhfoirm custam, deimhniúcháin táirge agus seiceálacha maidir le rialacha tionscnaimh. In ainneoin na bhfrithchuimiltí breise agus na gcostas trádála a thug an Breiteimeacht isteach, tá na hionchais mhargaidh ghinearálta do 2021 dearfach d’earnáil agraibhia na hÉireann.

Bhain go leor dúshlán leis an mbliain 2020, go háirithe uasoiliúint na bhfeirmeoirí ar shaincheisteanna inbhuanaitheachta. Tá 6,500 feirmeoir in Éirinn a dhéanann iarratas in aghaidh na bliana ar mhaolú d’fheirmeoireacht os cionn 170 kg NpH suas go 250 kg NpH. Caithfidh an cohórt feirmeoirí seo freastal ar chúrsa oiliúna chun na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le maolú a chomhlíonadh.

Is éard atá san oiliúint mhodúlach seo Éifeachtúlacht Úsáid Cothaitheach, Feirmeoireacht Inbhuanaithe i maolú (Cáilíocht Uisce, Astaíochtaí Gásacha agus Bithéagsúlacht), agus Bainistíocht Féarach. Chuir speisialtóirí agus comhairleoirí aistrithe eolais Teagasc oiliúint mhodúlach idirghníomhach ar fáil do 3,000 de na feirmeoirí sin in 2020, a raibh níos mó ná 100 cúrsa bainteach leo, thar an ardán ar líne Zoom.

Thug RTBM maoiniú in 2020 chun Faireachlann Náisiúnta Carbóin Ithreach Talmhaíochta (FNCIT) a bhunú. Is éard a bheidh san ardán sin sraith túir mhnatáireachta um fhlosc dé-ocsaíde carbóin a bhfuiltear á mbunú ag láithreáin tagarmharcála monatóireachta fhadtéarmacha d’fhonn acmhainn ceaptha carbóin féarach agus talamh barr a mheas; tionchar na bainistíochta ar cheapadh carbóin a mheasúnú; agus tionchar draenála agus ath-fhliuchta ar ithreacha móna a chainníochtú.

Comhtháthóidh roinnt suíomhanna FNCIT sa dá Chlár Dobharcheantair Feirme agus Talmhaíochta SignPost faoi stiúir Teagasc. Bunóidh an t-ardán saotharlanna beo ina ndéanfar meastóireacht ar thionchar athfhliuchadh tailte portaigh ar GCTanna, bithéagsúlacht, cáilíocht uisce agus tuilte. Úsáidfear na sonraí seo ó FNCIT chun samhlacha carbóin ithreach a bhailíochtú agus chun cleachtais bhainistíochta inbhuanaitheachta a áireamh i bhfardail náisiúnta gás ceaptha teasa.

In 2020 sheol Teagasc sraith seimíneáir ghréasáin agus cúrsaí oiliúna fíorúla, a forbraíodh go sonrach do thionscal bia na hÉireann, agus iad ag súil le srianta leanúnacha COVID-19 le linn 2020. Chlúdaigh na seimíneáir ghréasáin raon ábhar feidhmeach mar fhorbairt táirgí bia, pacáistiú agus eolaíocht chéadfach go dtí ábhair níos núosaí mar fheithidí mar fhoinsé próitéine atá ag teacht chun cinn agus íomháu a úsáid mar uirlis chun staidéar a dhéanamh ar struchtúr bia. In éineacht leis sin bhí forbairt agus soláthar cúrsaí oiliúna nua agus reatha an tionscail bhia i bhformáid ar líne. Soláthraíodh Geataí Nuálaíochta Bia Teagasc, príomhócáid dhébhliantúil i bhféilire an tionscail.

De réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, is mian liom a dheimhniú go gcloíonn Teagasc leis na gnéithe cuí den Chód Caiteachais Phoiblí.

Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le Elizabeth Reynolds agus Brian Rushe as a gceapachán ar Údarás Teagasc agus comhghairdeas a dhéanamh le Liam Woulfe as a athcheapadh. Gabhaim buíochas ó chroí freisin le Cliona Murphy as a seirbhís iontach don Údarás.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Stiúrthóir Teagasc, an tOllamh Gerry Boyle, agus lena chuid comhghleacaithe uile in Teagasc as ucht a dtiomantais agus a n-ionchuir don eagraíocht le linn dálaí fiordheacra in 2020.



Cuireann cathaoirleach Teagasc, Liam Herlihy (sa lár) an Prionsa William in aithne don Ollamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc le linn chuairt Dhiúc agus Bhandiúc Cambridge ar Teagasc na Gráinsí.

TUARASCÁIL AN STIÚRTHÓRA



Bhí tionchar drámatúil ag paindéim COVID-19 in Éirinn agus ar fud an domhain in 2020. Léirigh foireann Teagasc solúbthacht agus athléimneacht den chéad scoth, agus is iontach an méid oibre atá déanta acu chun tacú le geallsealbhoirí, custaiméirí agus cliaint.

Choinnigh Teagasc le soláthar a chlár oideachais in 2020 in ainneoin COVID-19. Chuaigh an eagraíocht in oiriúint do mhúnla soláthair hibrideach a chomhcheanglaíonn soláthar duine le duine agus cianda laistigh de na paraiméadair threorach náisiúnta atá leagtha amach d'institiúidí oideachais faoi na bearta Leibhéal 1 go 5 COVID-19. Ba é príomhfhócas sábháilteacht na bhfoghlaimoirí agus na foirme a áirithiú.

Cuireadh plean bainistíochta Teagasc COVID-19 i bhfeidhm ar fud gach láthair soláthair Teagasc. Choinnigh Teagasc sceidil chríochnaithe agus deimhnithe QQI dá chlár lánaimseartha 2019/2020. Cuireadh tús le clár don bhliain 2020/2021 de réir an sceidil i Meán Fómhair 2020. Mar an gcéanna, choinnigh Teagasc soláthar dá chlár oideachais pháirtaimseartha agus chian-oideachais don Teastas Glas le cúrsaí ag tosú i gcónaí agus á gcur i gcrích ar bhonn rollach.

Tríd an mbliain féilire 2020 réachtáil Teagasc 201 Seimineár gréasáin Zoom, 6,682 cruinniú Zoom, trí 250 cuntas Zoom ag tacú le cliaint is feirmeoirí agus le geallsealbhoirí eile.

Mheall seimineár gréasáin amháin *Transfer the Family Farm* (Aistriú na Feirme Teaghlaigh) lucht féachana de 1,500 agus ina dhiaidh sin breis agus 2,500 radharc ar YouTube. Tá sé rithabhachtach díospóireacht teaghlaigh a chur chun cinn maidir le comharbas agus oidhreacht ar fheirmeacha na hÉireann chun feirmeoirí óga oilte

a áireamh le gnó na feirme teaghlaigh ag aois an-óg, agus ar an gcaoi sin éifeachtúlacht an ghnó feirme a fheabhsú trí eolas, scileanna agus teicneolaíochtaí feabhsaithe a chur chun cinn.

Arís, in ainneoin na paindéime, sháraigh comhghleacaithe comhairleacha Teagasc a gcuid spriocanna 2020 maidir le líon na gcliant, ioncam agus comhairliúcháin, cé gur soláthraíodh go leor díobh sin thar an teileafón nó go fíorúil. I dteannta leis an ngnáthrochtain atá ar fáil do chliant d'oibrigh an tseirbhís chomhairleach Líne Chabhreach thiomnaithe d'fheirmeoirí atá ag streachailt le dúshlán COVID-19.

In 2020 sheol Teagasc sraith seimineáir ghréasáin agus cúrsaí oiliúna fíorúla, a forbraíodh go sonrach do thionscal bia na hÉireann, agus iad ag súil le srianta leanúnacha COVID-19 le linn na bliana. Chlúdaigh na seimineáir ghréasáin raon ábhar feidhmeach mar fhorbairt táirgí bia, pacáistiú agus eolaíocht chéadfach go dtí ábhair níos núiosaí mar fheithidí mar fhoinsé próitéine atá ag teacht chun cinn agus íomháu a úsáid mar uirlis chun staidéar a dhéanamh ar struchtúr bia. In éineacht leis sin bhí forbairt agus soláthar cúrsaí oiliúna nua agus reatha an tionscail bhia i bhformáid ar líne. Soláthraíodh Geataí Nuálaíochta Bia Teagasc, príomhócaid dhébhlantúil i bhféilire an tionscail.

Bhí taighdeoirí ó Teagasc na Cloiche Léithe i gceannas ar chuibhreannas náisiúnta eolaithe ama mhaoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann atá tiomnaithe do sheicheamhú leaganacha de SARS-CoV-2, an coróinvíreas is cúis le COVID-19. Chuir an cuibhreannas seicheamh ar RNA na víreas atá aonraithe ó othair ag a raibh ionfhabhtuithe COVID-19 deimhnithe ag saotharlann. Comhroinneadh na sonraí seicheamhaithe leis na hospidéal, leis an tSaotharlann Tagartha Náisiúnta maidir le Víris agus leis an bpobal i gcoitinne d'fhonn scaipeadh an víris isteach agus laistigh d'Éirinn a rianú agus aithint na sóchán a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar a tharchur agus a chóireáil.

Tháinig roinnt blianta d'obair forbartha i gcrích i mí Feabhra 2020 nuair a rolladh amach córas nua um Bainistíocht agus Billeáil Caidrimh le Custaiméirí. Mar thoradh ar theacht COVID-19 rinneadh uasghrádú tapa ar acmhainní chun ligean do thromlach an phearsanra obair ón mbaile, agus seirbhísí a sholáthar thar an idirlíon. Úsáideann gach ball foirme ríomhairí glúine anois agus Windows 10 curtha in ionad Windows 7 acu.

Seimineáir Ghréasáin trí Zoom in 2020



Leanadh ar aghaidh le huasghrádú na nasc sonraí gan staonadh.

Seoladh Córas Bainistíochta Foghlama saincheaptha nua darbh ainm T-Learn d'fhoireann Teagasc in 2020. Tá an córas ina óstach ar chúrsaí aisioncronacha (féintreoirithe) agus sioncronacha araon. Éascóidh sé freisin eagrú cúrsaí seomra ranga, fóraim phlé foime, meastóireacht ar thaifid oiliúna agus oiliúna.

Sheol Teagasc Workvivo, ardán Cumarsáide Inmheánaí i mí Iúil 2020. Tar éis teacht COVID-19 i Márta 2020 agus go leor ball foime tar éis tosú ar obair ón mbaile. Feictear an t-ardán seo mar phríomhuirlis rannpháirtíochta laistigh den eagraíocht.

Tá an t-ardán deartha timpeall ar na príomhspreagthaí maidir le rannpháirtíocht na bhfostaithe lena n-áirítear: cumarsáid dhá bhealach, obair a nascadh le spriocanna eagraíochtúla agus cultúr aitheantais agus pobail a chur chun cinn.

Ainmníodh cúigear taighdeoirí Teagasc i measc an chéad chéatadán is fearr ar domhan do pháipéir is mó luaite i liosta Clarivate 2020 de "Thaighdeoirí Ardluaite". Aithnítear sa liosta bliantúil a mbítear ag súil go mór leis taighdeoirí a léirigh tionchar suntasach ina réimse nó réimsí roghnaithe, trí fhoilsiú ilpháipéir ardluaite le deich mbliana anuas. Tarraingítear a n-ainmneacha ó na foilseacháin atá sa chéad chéatadán is fearr de réir luanna don réimse agus don bhliain foilsitheoireachta san innéacs luanna *Web of Science*.

Léirigh Teagasc, i gcomhar le ABP agus ICBF, torthaí ón gClár Taighde Géiniteach Mairteola Déiríochta, ina léiríodh athrú suntasach i laghdúithe carbóin sa mhairteoil déiríochta. Taispeántar sna torthaí an fhéidearthacht astaíochtaí meatáin eintrigh a laghdú suas le 17% laistigh de phór eallaigh, suas le 28% thar phóir eallaigh agus suas le 36% ar fud córais éagsúla feirmeoireachta.

Aibhsítear sna tuairiscí tionscail (Fómhar Bia 2020 agus Food Wise 2025) an ról tábhachtach atá ag féar i gcórais táirgeachta beostoic. Baineann domhan íomhánna inbhuanaithe, glas agus ardchaighdeán ag córais féarbhunaithe de tháirgeadh bainne agus feola. I gcórais féaraigh dá airde an cion d'fhéarach innilte sa réim bia is ea is ísle na costais a bhaineann le bainne agus feoil a tháirgeadh. Is féidir buntáiste comparáideach na hÉireann i dtáirgeadh bainne agus feola a mhíniú leis an gcostas coibhneasta a bhaineann le féar, sadhlas agus fothaí dlúthbhianna a mheastar a bheith ag 7, 15 agus 30 cent in aghaidh an Kg d'ábhar tirim faoi seach.

Tugadh le fios ó anailís Teagasc go méadaítear glanbhrabús in aghaidh an heicteáir € 173 / ha in aghaidh gach tonna breise féir DM a úsáidtear ar fheirmeacha déiríochta na hÉireann, agus an figiúr comhfhreagrach d'fheirmeacha stoic thirim thart ar € 105 / ha. Os coinnle an chúlra sin, sheol Teagasc feachtas cheithre bliana Grass10 (2017-2020) chun sármhaitheas féaraigh inbhuanaithe a chur chun cinn ar fheirmeacha déiríochta, mairteola agus caorach na hÉireann.

Is iad Grassland Agro, AIB, FBD, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Irish Farmers Journal comhpháirtithe Grass10. Chomh maith le bheith ag obair go dlúth leis na comhpháirtithe go léir, d'oibrigh an clár Grass10 go dlúth le Roinn Eolaíochta Féaraigh Teagasc.

Ba é príomhchuspóir an Fheachtais Grass10 deich dtonna féir DM / ha / bliain a úsáid le deich n-innilt in aghaidh na banraí ar fheirmeacha féaraigh in Éirinn. Mhéadaigh líon na bhfeirmeoirí déiríochta a rinne 20 tomhas féir nó os a chionn ó 659 in 2016 go 1,623 in 2020. B'ionann na figiúirí sin d'fheirmeoirí stoic thirim agus 49 in 2016 agus 116 in 2020.

Agus é mar mheabhrúchán tochtmhar nach aon rud nua atá sna holltubaistí domhanda arb orgánaigh ghinte galar is cúis leo, ba í an bhliain 2020 an comóradh ar an 175ú bliain den taighde ar dhúchan phrátaí.

Cé gur galar planda seachas galar daonna é, ní féidir an iomarca béime a chur ar thábhacht *Phytophthora infestans*, gníomhaí cúisíoch na dúchana prátaí, agus a theacht go hÉirinn in 1845. Bhí an chuid ba mhó de shochaí na hÉireann ag brath ar an mbarr prátaí roimhe sin, ónar táirgeadh flúirse bia chothaithe le hionchuir agus achar cuibheasach íseal. Chomhéabhlóidigh an dúchan phrátaí lena hóstaigh phrátaí agus thrátaí i ngleann Toluca i Meicsiceo.

Bhí na chéad phrátaí a tugadh isteach ón réigiún seo chun na hEorpa agus go Meiriceá Thuaidh saor ó dhúchan, rud a d'fhág go raibh rath ar an mbarr prátaí i dtimpeallacht réasúnta shaor ó ghalair. Mar sin féin, ba le lastais phrátaí ionfhabhtaithe ó Mheiriceá Theas go Nua-Eabhrac i 1844 a tugadh isteach an dúchan ansin, agus thug lastais bhreise chun na Beilge i 1845 isteach san Eoraip í. Ón áit sin scaip sí go tapa ar fud na hEorpa, agus ar deireadh tháinig sí go hÉirinn faoi dheireadh an tsamhraidh 1845.

Spreag an dúshlán chun an galar agus a mhodhanna rialaithe a thuiscint flúirse forbairtí eolaíochta (díreach mar a chonaiceamar in 2020 le COVID-19) as ar eascair bunús eolaíoch na paiteolaíochta plandaí, agus cuireadh tús le pórú plandaí le haghaidh frithsheasmhachta in aghaidh galar. Trí shaothar eolaíochta daoine mar George Pethybridge agus Paul Murphy, a bhunaigh cuid den taighde is luaithe ar an bpataigin ag a stáisiún taighde sa Chlochán, Co. na Gaillimhe go luath sa 20ú haois, Austin Bourke a cheap an tsamhail réamhaisnéise a úsáidtear go dtí an lá atá inniu ann, agus Leslie Dowley, Eugene O'Sullivan agus Harry Kehoe, a bhí i gceannas ar thaighde comhcheangailte ar an bpataigin agus prátaí ag An Foras Talúntais (Teagasc níos déanaí), tá dul chun cinn suntasach déanta chun barra prátaí na hÉireann a chosaint.

Is é an chéad dúshlán eile ámh ná conas is féidir linn an dul chun cinn sin a chosaint agus freastal ar na laghdúithe uailmhianacha 50% ar úsáid lotnaidicídí mar atá leagtha síos i straitéis an Aontais Eorpaigh "Ón bhFeirm go dtí an Forc".

Mar sin féin, díreach mar a dhéantar le seicheamhú na n-athraitheach COVID-19, rannchuideoidh Teagasc le réitigh a fháil ar chuid de na dúshláin is mó os comhair na sochaí.

Chuaigh beirt dár gcomhghleacaithe sinsearach, Tom Doherty agus an tOllamh Tom Kelly ar scor i rith na bliana.

Guím gach rath ar Alan Phelan, a ceapadh mar Phríomhoifigeach Oibriúcháin, agus ar an Dr. Stan Lalor, a ceapadh mar Cheann na Stiúrthóireachta um Aistriú Eolais, ina bpoist nua.

COMHALTAÍ AN ÚDARÁIS



An tUas. John Buckley



An tUas. Tommy Cooke



Donnelly, Martina, Uas.



An tUas. Patrick Duffy



An tOll. Gerald Fitzgerald



An tOll. Thia Hennessy



An tUas. Liam Herlihy (Cathaoirleach)



An tUas. Richard Kennedy



Cliona Murphy, Uas.



Eilís O'Connell, Uas.



An tUas. Liam Woulfe



Elizabeth Reynolds, Uas.



An tUas. Brian Rushe

AN FHOIREANN ARDBHAINISTÍOCHTA



An tOll. Gerry Boyle
Stiúrthóir




An tOll. Frank O'Mara
An Stiúrthóir Taighde




An tUas. Alan Phelan
An Príomhoifigeach
Oibriúcháin




an Dr. Stan Lalor
An Stiúrthóir um Aistriú Eolais



CAIRT EAGRAÍOCHTA



OIFIGÍ AGUS IONAIÐ TEAGASC



Alt Speisialta

RÉAMHRÁ: CÓRAS

MEASTÓIREACHTA TAIGHDE

TEAGASC



Údar:
An tOll. Gerry Boyle,
Stiúrthóir ¹, Teagasc.

Caitheann Teagasc thart ar € 75 m ar thaighde sa talmhaíocht agus bia gach bliain. Cuirtear na cistí seo ar fáil trí Dheontas i gCabhair (DIC) arna vótáil ag an Dáil, rath i ndámhachtainí taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhuachan, tobhaigh ar tháirgeoirí don déiríocht agus do mhuca, cistiú ón tionscal don taighde comhoibritheach agus ar conradh, ioncam a ghintear trí ghníomhaíocht feirme agus soláthar seirbhísí anailíseacha agus taighde éagsúla lena n-áirítear seirbhísí treoirghléasra. Is acmhainní suntasacha iad seo agus tá sé tábhachtach go nginfidh siad torthaí suntasacha as an infheistíocht iontu.

Tagann gach tionscadal taighde a dhéanann Teagasc faoi réir dianmheastóireachta ilchéime le saineolaithe seachtracha. Sa chás go n-éiríonn le Teagasc dámhachtainí náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhuachan is amhlaidh a leabaítear próiseas meastóireachta an-éilitheach san iarratas. Maidir le tionscadail taighde eile a mhaoinítear go príomha tríd an GIA, féachann Teagasc féin leis na próisis mheastóireachta “chéadscothacha” a mhacasamhlú agus a úsáidtear sna comhlachtaí dámhachtana náisiúnta agus idirnáisiúnta sin (m.sh., Fís 2020, FIRM agus STIMULUS (RTBM), Fondúireacht Eolaíochta Éireann, srl). Is iondúil go nglacann na próisis atá i gceist córas dhá chiseal a éilíonn idir mheasúnú tionchair eacnamaíoch ex ante agus mheasúnú eolaíochta.

Feidhmíonn na córais mheastóireachta eile laistigh de Teagasc chun próiseas roghnaithe na dtionscadal agus leithdháileadh acmhainní optamúil a bhailíochtú. Tagann gach clár taighde Teagasc faoi réir próiseas timthriallach piarmheasúnaithe. Cuimsíonn sé sin foireann cuairte de thaighdeoirí oirce (eolaithe idirnáisiúnta de ghnáth) a tháirgeann tuarascáil ar chlár taighde ar leith thar chuairt dhian idir dhá agus trí lá ar Teagasc. Cuirtear an tuarascáil seo ar fáil d’Údarás Teagasc.

Bhunaigh Údarás Teagasc Bord Comhairleach Eolaíochta Idirnáisiúnta (BCEI) freisin ar a bhfuil eolaithe idirnáisiúnta iomráiteacha ina ndéantar iniúchadh ar ghníomhaíocht taighde iomlán Teagasc gach dhá bhliain agus a thuairiscíonn chuig Údarás Teagasc.

Is í an chéim dheiridh sa mheastóireacht ná PTFanna a rianú trí Phlean Gnó bliantúil Teagasc nach mór don Údarás faomhadh dó. Glactar sa Phlean Gnó triológ táscairí chun feidhmíocht a fheidhmeanna taighde, comhairleacha agus oideachais a mheas. Áirítear leo sin táscairí aschuir na ngníomhaíochtaí go léir; sraith táscairí glactha cleachtais a mholann Teagasc chun inbhuanaitheacht ár n-earnálacha talmhaíochta agus próiseála a fheabhsú; agus roinnt táscairí tionchair atá deartha chun a thaispeáint conas a d’fhéadfadh tionchar a bheith ag gníomhaíochtaí taighde, comhairleacha agus oideachais Teagasc ar inbhuanaitheacht na n-earnálacha bia príomhúla agus próiseála.

Ní féidir an iomarca béime a leagan ar chumas na gníomhaíochta taighde, comhairlí nó oideachais tionchar a fheidhmiú ar iompar an iliomaid gníomhaithe aonair. Is léir nach féidir le haon eagraíocht, beag beann ar a sainordú, neart iomlán a bheith aici ar a cumas tionchar a fheidhmiú ar eagraíochtaí eile. Bíonn Teagasc freagrach go hiomlán ar ndóigh as na haschuir a léiríonn sé. Agus caithfidh siad seo teacht faoi réir an ghrinnscrúdaithe is leithne is féidir go bhfeictear ar a laghad an bhfuil siad inchurtha le feidhmíocht ár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta. Níl neart iomlán ag Teagasc ach an oiread an nglacfaidh na feirmeoirí agus na cuideachtaí bia le cleachtais ar bith a mholfadh sé. Is ionann an scéal,

1. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thacaíocht mo chomhghleacaithe in ullmhú an ailt seo, lena n-áirítear, Frank O'Mara, Justin Kidd, Mark Moore, Michael O'Donovan, Donagh Berry, Diarmuid Sheehan, Paul Cotter, John Spink, Stephen Kildea agus Kevin Hanrahan. Níl aon duine acu seo freagrach as aon cheann de na tuairimí nó na hearráidí atá anseo.

níos mó fós fiú amháin i gcás an tionchair a bhaineann lenár ngníomhaíochtaí. Tíocfaidh feirmeoirí agus cuideachtaí próiseála faoi réir tionchair agus tionchairí eile. Feidhmeoidh an eacnamaíocht agus an riosca coibhneasta a bhaineann le húsáid cleachtais mholta ar an nglacadh leo. Agus is leis sin ar a sheal féin a chinnfear tionchar aon tionscadail taighde ar deireadh thiar.


PTFanna i bhfeidhmíocht taighde

Socraíonn Teagasc spriocanna bliantúla i dtéarmaí PTFanna caighdeánacha a nglactar leo go hidirnáisiúnta chun feidhmíocht taighde a thomhas, a chuimsíonn foilseacháin agus luanna in irisleabhair eolaíochta measúnaithe, rath i maoiniú taighde buacach agus maoirseacht a dhéanamh ar mhic léinn PhD.

Foilseacháin taighde

Taispeántar i bhFíor a haon an treocht i bhfeidhmíocht Teagasc ar fhoilseacháin taighde.

Fíor 1: Foilseacháin eolaíochta bhliantúla Teagasc in aghaidh an taighdeora bhuain, 2012-2020




Mhéadaigh ráta na bhfoilseachán ó thart ar 4.5 in aghaidh an taighdeora bhuain sa tréimhse anuas go 2015 go dtí níos mó ná sé cinn anuraidh. I dtéarmaí iomlána tá an leibhéal táirgiúlachta seo go hiontach i gcomparáid le hinstiúidí taighde eile in Éirinn agus in áiteanna eile. Is ráta fáis nótáilte é freisin. Tá feabhas mór tagtha ar cháilíocht na bhfoilseachán freisin arna thomhas ag fachtóir tionchair na n-irisí a bhfuil taighdeoirí Teagasc ag foilsiú iontu níos mó agus de réir leibhéil na luanna a fhaigheann foilseacháin Teagasc. San athbhreithniú is déanaí ar fhoilseacháin Teagasc, bhí 20% de na páipéir Teagasc go léir sna 10% is fearr de na páipéir ábhartha a luadh go domhanda.

Maoiniú don taighde seachtrach

Is comhartha maith é an rath a bhí ar Teagasc maidir le dámhachtainí taighde Fhís 2020 a bhuachan ar ár rath i gcistí seachtracha a sholáthar dár dtaighde. Taispeántar i bhFíor a dó rath coibhneasta Teagasc i gcomparáid le heagraíochtaí eile ar fud na hEorpa. Ar feadh na tréimhse sheacht mbliana ar fad, tá Teagasc tar éis a bheith i measc na sé cinn ag an mbarr go seasmhach maidir le líon na dtionscadal a fuair maoiniú sa chatagóir Dúshlán Sochaíoch a dó (DS2) ina bpléitear le taighde agraibhia. Ní bhfacthas aon instiúid Éireannach eile ná de chuid na RA san aicmiú do na 20 ceann ag an mbarr ar fud an Aontais Eorpaigh. Thairis sin, roinneann Teagasc an áit sna sé cinn ag an mbarr le heagraíochtaí mar INRAE sa Fhrainc agus Wageningen san Ísiltír atá thart ar 9 agus 2.5 uair níos mó, faoi seach ná Teagasc i dtéarmaí líon na foirne.


Fíor 2: Rangú Teagasc maidir le maoiniú taighde Fhís 2020 an Aontais Eorpaigh a bhuachan, 2014-2020



Maoirseacht PhD

Is é an táscaire aschuir tábhachtach deiridh ná líon na Scoláireachtaí PhD Walsh a ndéanann taighdeoirí Teagasc maoirseacht orthu i gcomhar le comhpháirtithe ollscoile in Éirinn agus ar fud an domhain. Taispeántar an treocht i líon na PhDanna a bhain céim amach tríd an gcóras seo i bhFíor a trí.

Fíor 3: Céimeanna PhD bliantúla ó Chlár Scoláireachta Teagasc Walsh, 2011-2020



Feictear méadú seasta ó thart ar mheán bliantúil de 50 PhD céimithe anuas go dtí 2015 go dtí thart ar 60 le blianta beaga anuas. Téann na céimithe seo ar aghaidh ag obair ar fud na hearnála agraibhia, sa taighde agus san earnáil phoiblí.

Cleachtadh a ghlacadh

Molann Teagasc cleachtais feirme a léiríodh ina chuid taighde go bhfeabhsaíonn siad inbhuanaitheacht táirgeachta talmhaíochta na hÉireann. Eascraíonn glacadh na gcleachtas molta le teaghlaim de ghníomhaíochtaí taighde, comhairleacha, oideachais agus oiliúna agus ar ndóigh toilteanas feirmeoirí




glacadh le teicneolaíocht nua. Déanann Teagasc rianú ar roinnt de na táscairí glactha cleachtais seo ar bhonn bliantúil. Sna cairteacha seo a leanas tugaimid breac-chuntas ar na treochtaí maidir le rogha de na cleachtais seo. Cuirimid na sonraí seo i láthair mar shraith mheán gluaisteach trí bliana chun luaineacht ó bhliain go chéile a bhaint mar gheall ar an aimsir agus ar fhachtóirí eile.

Úsáid féir

Is cuid lárnach de chlár thaighde agus chomhairleacha Teagasc é úsáid féir a chur chun cinn. I bhFíor a ceathair léirimid na treochtaí idir 2011 agus 2019 do na hearnálacha déiríochta agus mairteola. Tá an fás ar leibhéil úsáide i bhfiontair dhéiríochta thart ar thona amháin in aghaidh an heicteáir thar an tréimhse. Feictear bearna shoiléir chomhsheasmhach de thart ar 1.5 agus dhá thonna in aghaidh an heicteáir in úsáid idir fiontair dhéiríochta agus mhairteola. Mar sin féin tá méadú seasta de thart ar 0.5 tonna in aghaidh an heicteáir ar leibhéil úsáide ar fheirmeacha mairteola thar an tréimhse a ndearnadh athbhreithniú uirthi.


Fíor 4: Úsáid féir, tDM / ha, fiontair dhéiríochta agus mhairteola



Feabhsú géiniteach sa déiríocht

Ceann de na héachtaí móra a bhain le taighde agus aistriú eolais in Éirinn le 30 bliain anuas ab ea an feabhas iontach a baineadh amach i gcáilíocht ghéiniteach ár dtréada déiríochta go háirithe. Gabhtar an méid sin i bhFíor a cúig ina dtaispeántar gur tháinig méadú € 60 ar mheán-EBI i dtréad déiríochta na hÉireann thar thréimhse ocht mbliana idir 2012 agus 2020.


Fíor 5: Éabhlóid EBI ar thréada déiríochta na hÉireann



Eatramh breithe lao (lín laethanta)

Mhol Teagasc go seasmhach eatramh breithe laonna laghdaithe do bha déiríochta agus mairteola. Is táscaire criticiúil é seo ar bhrabúsacht go háirithe i gcórais diúil. Ba cheart gurbh ionann an toradh inmhiannaithe gur chóir go mbreithfeadh bó lao laistigh de bhliain féilire amháin. Taispeántar an treocht i bhFíor a sé.

Fíor 6: Eatramh breithe lao (lín laethanta) do bha déiríochta agus diúil



Tá an t-eatramh breithe lao iomlán i bhfad níos sásúla ar ndóigh i gcás ba déiríochta. Mar sin féin, tá an t-eatramh tar éis a bheith ag laghdú don dá thréad: thart ar chúig lá do bha diúil agus thart ar ocht lá do bha déiríochta.

Tháinig feabhas suntasach freisin ar fheirmeacha déiríochta i ndlúthbhreith laonna le méadú idir 10% agus 65% thar an tréimhse i líon na dtréada a ina mbreitheann a mba laonna laistigh de thréimhse sé seachtaine.




Feidhmíocht táirgiúlachta i bhfiontair éagsúla

Déiríocht

Is táscaire maith é an méid solaid bhainne a tháirgtear in aghaidh an heicteáir ar tháirgiúlacht san fhiontar déiríochta mar go gcomhcheanglaíonn sé dlús stocála agus tál bainne. Taispeántar an treocht sa táscaire seo i bhFíor a seacht. Cé go bhfuil an meánleibhéal feidhmíochta iomlán faoi bhun an méid a ghnóthaíonn na feirmeoirí is fearr againn nó an méid is féidir a ghnóthú i gcomhthéacs taighde, is díol suntais an fás os cionn 160 kg a ghnóthaíodh le hocht mbliana anuas.


Fíor 7: Táirgeadh solaid bhainne i líon cileagram in aghaidh an heicteáir



Líon na gceall sómach (LCS)

Is dlúth-chomhpháirt den táirgiúlacht í cáilíocht an bhainne, agus feidhmíonn sí tionchar mór ar an bpraghas a fhaightear don bhainne. Le roinnt blianta anois chomhoibrigh Teagasc le Sláinte Ainmhithe Éireann (SAÉ) mar chuid d'iarracht chomhchoiteann chun líon na gceall sómach (LCS) i dtáirgeadh bainne a laghdú. Taispeántar torthaí na hiarrachta seo i bhFíor a hocht. Tá laghdú suntasach thart ar 31% ar LCS thar an tréimhse ocht mbliana. Is cosúil go bhfuil an meánleibhéal tar éis teacht chuig leibhéal na blianta beaga anuas ach d'fhéadfadh sé seo a bheith mar gheall ar fháltais laghdaitheacha de réir mar a laghdaítear leibhéal an LCS chuig leibhéal níos ísle de réir a chéile.


Fíor 8: Líon na gceall sómach (LCS), '000 cill/ml



Mairteoil

I bhFíor a naoi úsáidimid aschur mairteola i meáchan beo cileagraim in aghaidh an heicteáir mar ár dtáscaire táirgiúlachta don earnáil mhairteola. Mar is léir thar thréimhse réasúnta gearr tá an táscaire tar éis a bheith luaineach go leor agus níl aon treocht shoiléir ann.

Fíor 9: Aschur mairteola i meáchan beo cileagraim in aghaidh an heicteáir






Caoirigh

Taispeántar táirgiúlacht earnáil na gcaorach de réir leibhéal an aschuir chonablaigh in aghaidh an heicteáir i bhFíor a deich. Sainítear an táscaire seo mar tháirge an ráta stocála faoi líon na n-uan beo a thógtar in aghaidh na caorach. Tá táirgiúlacht thar an tréimhse ocht mbliana tar éis méadú thart ar 30 kg.


Fíor 10: Aschur conablaigh caorach (cileagram in aghaidh an heicteáir)



Muca

Tá táirgiúlacht den táirgeadh muc, arna thomhas le líon na muc a tháirgtear in aghaidh na cránach, tar éis méadú go mór le blianta beaga anuas. Sna sé bliana idir 2013 agus 2019 (Fíor a haon déag) tá méadú thart ar 2.5 ar líon na muc a tháirgtear in aghaidh na cránach.


Fíor 11: Muca a tháirgtear in aghaidh na cránach



Gránaigh

Taispeántar barra eorna i bhFíor a dó dhéag mar léiriú ar éabhlóid na mbarr gránaigh foriomlán. Tá an treocht sna barra tar éis méadú beagán le cois tonna amháin sna seacht mbliana ó 2012 i leith.

Fíor 12: Barr eorna t/ha




Táscairí comhshaoil

Is féidir roinnt táscairí comhshaoil a rianú ach dírímid anseo ar an lorg carbóin do na fiontair dhéiríochta agus mhairteola. Cibé scéal é, taispeánfar sa chuid is mó de tháscairí comhshaoil, maidir le cáilíocht uisce agus amóinia mar shampla, treochtaí comhchosúla a bheag nó a mhór


Is ionann an meath bliantúil meánach i dtreocht an loirg charbóin (arna shloinneadh mar choibhéis CO_2 in aghaidh an chileagraim de “bainne arna cheartú do shaill agus próitéin (BCSP)”) don fhiontar déiríochta ná thart ar 1.11% faoin gcéad (Fíor a trí dhéag).

Fíor 13: Lorg carbóin na déiríochta, cileagraim de choibhéis CO_2 / BCSP



Taispeántar i bhFíor a ceathair déag an táscaire comhfhreagrach d'earnáil na mairteola a thomhaistear mar chileagraim de choibhéis CO_2 in aghaidh an chileagraim de mheáchan beo. Is é an meath bliantúil meánach ar an táscaire seo ná thart ar 1.66% in aghaidh na bliana.

Fíor 14: Lorg carbóin na mairteola, cileagraim de choibhéis CO_2 / meáchan beo



Cás-staidéir ar thionchar taighde

Tá na táscairí ardleibhéil a leagadh amach agus a pléadh sna codanna roimhe seo úsáideach, ach ní thugann siad tuiscint ghrinn ar conas is féidir le tionchar chomh mór sin a bheith ag teicneolaíochtaí ceannródaíocha. Sa chuid seo roghnaímid roinnt teicneolaíochtaí a raibh tionchar soiléir acu ar an earnáil agraibhia ar bhealaí follasacha le blianta beaga anuas. Níl ár rogha ionadaíoch ar shaothar Teagasc agus ar ndóigh ní rogha uileghabhálach í. Ní áirímid roinnt réimsí léi a bhféadfaí ailt iomlána a dhéanamh orthu as a stuaím féin. Mar shampla, ní áirímid ár n-obair leis faoin mbeartas eacnamaíoch, lena n-áirítear anailísí ar an mBreathimeacht agus ar Athchóiriú an CBT. Ní dhéanaimid iniúchadh ach an oiread ar an obair a bhfuil cáil idirnáisiúnta uirthi a dhéantar lenár gcomhpháirtithe i COC ar an micribhithóm daonna.

Bainistiú Féaraigh


Le roinnt blianta anuas tá taighde agus forbairt déanta ag Teagasc maidir le táirgeadh féir a mhéadú agus maidir lena thomhailt dhíreach faoi dhálaí innilte. Bíonn úsáid féir an-éifeachtach ó thaobh costais de nuair is féidir torthúlacht na hithreach a bharrfheabhsú, tá bonneagar innilte den scoth ann, tá meascán den seagalach ilbhliantúil agus seamair bhán sa bháinseach agus úsáidtear dea-chleachtais bhainistíochta innilte le monatóireacht sheachtainiúil ar sholáthar féir agus ar an éileamh air.

D'fhorbair Teagasc PastureBase Ireland (PBI) chun cabhrú le feirmeoirí a n-acmhainn féaraigh a bhainistiú go héifeachtach. Tá méadú tagtha ar líon na bhfeirmeoirí a úsáideann PBI ó 2,393 in 2017, ag críochnú 14 thomhas clúdaigh féir ar an meán in aghaidh na feirme, chuig 3,664 feirmeoir féaraigh in 2020, ag críochnú 19 dtomhas clúdaigh féir ar an meán in aghaidh na feirme.

Laistigh de chórais féar-bhunaithe na hÉireann tá sé léirithe go bhfuil gaol láidir idir an méid féarach innilte a itheann an t-ainmhí agus brabúsacht an táirgthe bainne agus feola (Fíor 15). Léirigh taighde Teagasc go comhsheasmhach na torthaí an-arda ó úsáid féaraigh². Tugadh le fios ó anailís Teagasc go méadaítear glanchorrlach in aghaidh an heicteáir € 173 / ha in aghaidh gach tonna breise féir DM a úsáidtear ar fheirmeacha déiríochta na hÉireann, agus an figiúr comhfhreagrach d'fheirmeacha stoic thirim thart ar € 105 / ha.

Cé is moite den bhrabúsacht shoiléir a bhaineann le féar a úsáid mar bheatha ainmhithe, léirigh taighde Teagasc freisin go bhfuil córais atá bunaithe ar fhéarach optamach freisin maidir le hastaíochtaí gásacha díobhálacha a íoslaghdú, cáilíocht an uisce agus an bhithéagsúlacht a fheabhsú.

Fíor 15. An gaol idir úsáid féir agus glanbhrabús (€ / ha)




2. Hanrahan, L., N. McHugh, T. Hennessy, B. Moran, R. Kearney, M. Wallace, agus L. Shalloo. 2018. Factors associated with profitability in pasture-based systems of milk production. *J. Dairy Sci.* 101:5474–5485. <https://doi.org/10.3168/jds.2017-13223>.

Feabhsú géiniteach

Is sampla den scoth é an feabhsú géiniteach ar conas is féidir gnóthachain bhuana a ghiniúint i dtáirgiúlacht ón taighde³. Déantar iniúchadh sa taighde ar phórú ainmhithe ag Teagasc ar fheinítiopaí nua, samhlacha staidrimh, uirlisí agus meastóireachtaí géiniteacha agus géanómaíochta, tógáil na spriocanna pórúcháin, agus dearadh na scéime pórúcháin. Is féidir roinnt fachtóirí a luas mar bhunús leis an rath ar an taighde a rinneadh sa réimse seo ó dheireadh na 1980í anuas. Ó thús na céime seo den taighde leagadh an bhéim sa taighde ar straitéisí pórúcháin a cheapadh d'fhonn tosaíocht a thabhairt don tairbhe eacnamaíoch, seachas ar thréithe aonair amhail táirgeadh bainne, ach ar mheascán de thréithe, lenar áiríodh torthúlacht ainmhithe. Ón gcur chuige sin, forbraíodh an tInnéacs Pórúcháin Eacnamaíoch (IPE) a chuir uirlis chinnteoireachta shothuighe ar fáil d'fheirmeoirí déiríochta mar gur toghadh é i dtéarmaí airgeadaíochta. Ba é an dara fachtóir rathúil ná cruthú an bhunachair shonraí il-phórtha déiríochta agus mairteola is mó ar fud an domhain. Is le feirmeoirí na hÉireann é an bunachair sonraí seo, agus tá sé á bhainistiú ag ár gcomhpháirtithe, Cónaidhm Phórú Eallaigh na hÉireann (ICBF). An tríú fachtóir atá mar bhonn agus mar thaca ag rath an chláir is ea an ról a fheidhmíonn seirbhís chomhairleach Teagasc maidir le scaipeadh na bhfionnachtana a thagann dá bharr ar fheirmeoirí. San earnáil déiríochta tá an leibhéal glactha thar a bheith ard mar gheall ar úsáid fhorleatach an inseamhnaithe shaorga (IS).

Feictear tionchar an chláir thaighde agus chomhairligh seo san fheabhsú inbhuanaithe agus comhsheasmhach ar éifeachtúlacht an táirgthe, rud a chuireann le luach síormhéadaitheach na n-earnálacha faoi seach. Bhain an sochar eacnamaíoch seo freisin le laghdú ar an lorg comhshaoil in aghaidh an táirge aonaid a tháirgtear. Ag baint úsáide as an IPE, tá an brabús in aghaidh an lachta tar éis méadú le 20 bliain anuas, ar an meán, le €282 (Fíor 16). Nuair a chuirimid san áireamh costas na gclár taighde thar na blianta mar aon le costas chur chun feidhme bliantúil measta, tá cóimheas costais is tairbhe suntasach de thart ar 17:1 intuigthe. Thairis sin, tá laghdú 14% tagtha ar an gcostas carbóin in aghaidh an kg de sholaid bhainne a tháirgtear le linn na tréimhse ama sin. Tá treochtaí comhchosúla ann do na hearnálacha eile.

Fíor 16: Treocht san Innéacs Pórúcháin Eacnamaíoch, 1997-2020



3. Ruminant breeding with a particular focus on past, present and future Irish endeavours D.P. Berry, F.L. Dunne, N. McHugh, S. McParland, A.C. O'Brien, and A.J. Twomey (a cuireadh isteach le heagrán speisialta den Irish Journal of Agricultural and Food Research).



Tá Teresa Roche taobh thiar de chruthú Kylemore Farmhouse Cheese, a tháirgtear ar fheirm a teaghlaigh i nGaillimh. Sampla den chultúr bia rathúil i nGaillimh dar le hAnne Kinsella (ar dheis) de Chlár Forbartha Geilleagar Tuaithe Teagasc, Baile Átha an Rí.

Taighde cáise

D'easpórtáil Éire 282,000 tonna cáise anuraidh de luach comhbhainteach €1.03 bn. Is ionann é sin agus fás de bheagnach 37% ó cuireadh deireadh le cuótaí déiríochta.

Bhí Teagasc páirteach i dtaighde cáise beagnach ó bhunú An Foras Talúntais i leith. San am a chuaigh thart bhí ról lárnach ag a chuid taighde i bhforbairt brandaí cáise ar nós Dubliner agus Pilgrim's Choice. Le blianta beaga anuas d'fhorbair sé comhpháirtíocht an-rathúil le Ornua. Tógadh rath na comhpháirtíochta seo ar shoiléireacht ó thús ról an dá eagraíocht faoi seach. Bunaithe ar stair fhada sa taighde cáise, chuir Teagasc príomhionchuir eolaíochta agus teicneolaíochta ar fáil, go háirithe i réimsí na ceimice agus na teicneolaíochta déiríochta, a bhí ailínithe le léargas Ornua ar thomhaltóirí agus lena ngréasán domhanda margaidh agus dáileacháin.

Mar thoradh ar an gcomhpháirtíocht forbraíodh os cionn 300 cineál cáise le haghaidh glacadh tráchtála⁴. I measc na ndeiseanna tráchtála a forbraíodh, bhí cáis de chineál ilchríochach do mhargái na hEorpa agus cáis bhán úr a ídítear go forleathan sa Mheánoirthear. Bhí an dara cáis bunaithe ar theicneolaíocht phaitinnithe a d'fhorbair Teagasc lena ligtear do chomhábhair nuálacha próitéine bainne a onnmhairiú ar fud an domhain agus iad a athchuingriú ansin ag saoráid áitiúil chun táirgí cáise báine úire a chruthú. Ina dhiaidh sin d'infheistigh Ornua €20 milliún san Araib Shádach, lena n-áirítear leas 75 % a fháil in Al Wazeen Trading LLC (Al Wazeen) agus monarcha nua déantúsaíochta cáise úrscothach a fhorbairt ag saoráid Al Wazeen in Riyadh chun cáiseanna bána úra a tháirgeadh.

Tá baint lárnach ag Teagasc freisin le dul i ngleic le saincheistean cáilíochta a thagann chun cinn i monarú tráchtála cáise ó am go chéile (m.sh. comhsheasmhacht i dtréithe comhdhéanamh agus aeistéitiúla cáiseanna de chineál súl ilchríochach a mhonaraítear ó sholáthar bainne séasúrach Éireannach) agus a thacaíonn le táirgeoirí cáise ceardaíochta freisin (m.sh. Wicklow Farmhouse Cheese).

Díreofar sa taighde amach anseo ar inbhuanaitheacht agus ar laghdú na n-astaíochtaí a dhíorthaíonn ó mhonarú cáise. Beidh impleachtaí aistí bia ainmhithe féar-chothaithe ar bhlas cáise agus ar thréithe déantúsaíochta le feiceáil freisin. Leagfar béim i sruth eile ar an ról a bhíonn ag an bpróiseas agus ar na tosca teicneolaíochta a mbíonn tionchar acu ar shláinte tomhaltóirí. D'éiligh Breatimeacht ar phróiseálaithe déiríochta a margaí onnmhairithe a éagsúlú agus díreoidh Teagasc ar theicneolaíochtaí ardáin a fhorbairt le haghaidh nuálaíocht cáise do mhargái na Síne agus na hÁise i mbéal forbartha.

4. Hickey, CD, Auty, M.A.E., Wilkinson, M.G., agus Sheehan, J.J. (2015). The influence of cheese manufacture parameters on cheese microstructure, microbial activity and their interactions during ripening: A Review. Trends in Food Science and Technology, 41 (2), 135-148.

Seicheamhú DNA Ard-Tréchuir agus COVID-19

Óstálann Ionad Taighde Bia Teagasc ag an gCloch Liath saoráid náisiúnta Seicheamhaithe DNA Ard-Tréchuir. Faightear san áis seo an bonneagar go léir a theastaíonn chun samplaí a eastóscadh, a ullmhú, a gcáiliúcht a dhearbhu agus a sheicheamhú le haghaidh seicheamhú Ard-Tréchuir. Is iondúil go bhfostaítear an áis ar thaighde a bhaineann le miocróib agus le líonta miocróbacha atá ábhartha don réimse bia agus sláinte, agus oibrímid go dlúth lenár gcomhpháirtithe in APC Institute Ireland agus Food for Health Ireland maidir leis seo. Le linn phaindéim COVID, ghiairail taighdeoirí Teagasc an bonneagar agus an saineolas seo chun cur leis an iarracht náisiúnta COVID a cheansú trí Chuibhreannas Seicheamhaithe Coróinviris na hÉireann a bhunú agus a stiúradh⁵. Tá an Chuibhreannas seo maoinithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun faisnéis ghéiniteach SARS-CoV-2, an víreas is cúis le COVID-19, a sheicheamhú (nó a "léamh").

Faightear faisnéis ghéiniteach sa víreas SARS-CoV-2 ar féidir léi athrú le himeacht ama. Leis an gcumas na hathruithe sin a rianú, is féidir mapáil a dhéanamh ar an gcaoi a scaipeann an víreas ar fud réigiún. Is féidir leis sin tacú le hiarrachtaí chun freagairt do bhraislí ionfhabhtuithe de réir mar a thagann siad chun cinn agus chun scaipeadh an víris a íoslaghdú. Cumasóidh sé sin freisin athruithe tábhachtacha nua le gabháil a d'fhéadfadh tionchar a fheidhmiú ar chumas an víris galar a ghiniúint nó cóireálacha nó vacsaíní a sheachaint.

Dá bhrí sin, chuir tionscnamh seicheamhaithe Teagasc go mór le rianú leathadh an víris a éascú agus trí athraithigh is cúis inní a shainaithint (i.e., iad siúd a d'fhéadfadh tionchar a fheidhmiú ar an ngalar nó ar a chóireáil) in Éirinn.

Ní féidir tionchar an taighde sin a chainníochtú i dtéarmaí eacnamaíocha, cé gur léir go mbaineann drochthionchair shuntasacha eacnamaíocha leis an víreas. Is léir gur uirlis thábhachtach é an cumas éabhlóid an víris agus a athraitheach a rianú chun a fhorbairt a ghabháil, agus tá súil againn go dtiocfaidh deireadh leis an bpaindéim go luath.

Frithsheasmhacht in aghaidh fuingicídí i ngránaigh

Tá aeráid chineálta agus thais na hÉireann oiriúnach chun gránaigh ar nós cruithneacht gheimhridh a tháirgeadh, le báisteach rialta ag cinntiú soláthar leordhóthanach uisce le linn na tréimhse criticiúla líonta gráin. Mar thoradh air sin, faightear torthaí thar a bheith ard in Éirinn. Mar sin féin, ní hionann na torthaí agus iomaíochas mar gheall ar ról na gcostas táirgthe a thagann chun cinn den chuid is mó chun galar barr de bharr aimsire a chomhrac.

Ar an drochuair, soláthraíonn ár n-aeráid na coinníollacha foirfe d'fhás fungasach, lena n-áirítear iad siúd atá pataigineach don cruithneacht. Ina measc sin tá *Zymoseptoria tritici*, arb é is cúis leis an ngalar smál *septoria tritici*, an ceann is millteanaí go heacnamaíoch faoi láthair do bharr cruithneachta geimhridh na hÉireann. Agus é ag leathadh tríd an ngaoth agus trí stealladh báistí araon, is féidir le *Z. tritici* torthaí a laghdú suas le 50% mura dtugtar cóireáil dóibh. Chun cosc a chur ar laghduithe mar sin is amhlaidh a chleachtaítear dianchláir rialaithe lena gcomhtháthaítear cuir chuige shaothraithe, chineálacha agus cheimiceacha. Cuid lárnach d'éifeachtacht na gclár seo is ea a chinntiú go leanfaidh gach ceann de na cuir chuige sin de bheith éifeachtach. Leis an bhfrithsheasmhacht ar chóireáil cheimiceach tá an fhéidearthacht ann go laghdófar táirgeacht suas le 25% a chosnódh thart ar € 375 / ha i dtéarmaí ollchorraigh i mbliana.

Ba le meascán de theicnící monatóireachta micribhitheolaíocha traidisiúnta agus móilíneacha a d'aimsigh taighdeoirí barr Teagasc athruithe i líonta *Z. tritici* na hÉireann a mbeadh drochthionchar acu ar chlár chóireála murach sin⁶. D'aimsigh an mhonatóireacht sin frithsheasmhacht in aghaidh príomhghrúpaí fuingicídí, lena n-áirítear na hasóil agus na Coscairí Díhiodraganáise Sucsainéite (CDHSanna) go han-luath ina bhforbairt, agus braitheadh nimhneacht le frithsheasmhachtaí cineálacha núíosacha freisin sna séasúir le déanaí roimh a saothrú tráchtála go forleathan. Ag an am céanna, chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na n-athruithe seo agus chun straitéisí a cheapadh ar féidir leo a dtionchar a mhaolú, déantar trialacha fairsinge allamuigh gach bliain. Tháinig moltaí ó na trialacha sin maidir le spriocdhírú ar chur fuingicídí chun sraitheanna duilleoige atá ag teacht chun cinn a mheaitseáil, agus modhanna gníomhaíochta fuingicídí a mhalartú agus a mheascadh chun éagsúlacht na gceimiceoirí a chuirtear ar an mbarr a uasmhéadú. I ngach cás, ceapadh forbairt straitéisí a eascraíonn as an taighde seo i ndlúthchomhairle le comhairleoirí agus speisialtóirí curaíochta Teagasc, chun a chinntiú go nglacfaidh feirmeoirí le cleachtais leasúcháin láithreach bonn.

5. <https://www.teagasc.ie/food/research-and-innovation/research-areas/food-bioscience/irish-coronavirus-sequencing-consortium/>

6. Burke, JJ agus Dunne, B. 2008. Investigating the effectiveness of the Thies Clima 'Septoria Timer' to schedule fungicide applications to control *Mycosphaerella graminicola* on winter wheat in Ireland. *Crop Protection* 27: 710–718.



Ról Teagasc maidir le hastaíochtaí gásacha a mhaolú

Bhí ról lárnach ag Teagasc maidir le tionchar a fheidhmiú ar bheartas i ndáil le hastaíochtaí gáis cheaptha teasa (GCT) agus amóinia araon ón talmhaíocht le deich mbliana anuas. D'fhoilsigh Teagasc a chéad Chuar Costais Laghdaithe Imeallaigh GCT (CCLI) in 2012 a bhí ar cheann de na chéad CCLIanna GCT talmhaíochta a foilsíodh ar fud an domhain freisin⁷. Go bunúsach, soláthraíonn an CCLI an gaol idir méid na n-astaíochtaí a choiglítear mar thoradh ar theicneolaíochtaí éagsúla, arna dtomhas i dtonnaí de choibhéis CO₂ agus an costas in aghaidh an tonna de choibhéis CO₂ a choiglítear. Ba é seo an chéad iarracht freisin bealach ísealcharbóin a leagan amach do thalmhaíocht na hÉireann agus cainníochtaíodh leis cumas maolaithe na talmhaíochta.

Bhí an foilseachán sin agus an obair ullmhúcháin chomhbhainteach d'fhoilseachán 2019 ina dhiaidh sin ina chuid lárnach de phlé an Rialtais ar Bhille um Ghníomhú ar son na hAeráide 2019 a raibh idirbheartaíocht ann roimhe sin laistigh den AE maidir le rannchuidiú na hÉireann leis an gcomhaontú comhroinnte ualaigh, faoi mar a thugtar air. D'fheidhmigh infhaighteacht an CCLI tionchar ar fháil an chion is mó de sholúbthachtaí d'Éirinn lena spriocanna GCT 2030 a bhaint amach d'aon Bhallstát, mar aitheantas ar an sciar mór astaíochtaí a d'eascair as an talmhaíocht. Foilsíodh an dara leagan den CCLI GCT in 2018, chomh maith le réamh-mheastacháin ar na hastaíochtaí amach anseo ó thalmhaíocht na hÉireann síos go dtí 2030⁸.

D'fheidhmigh an dá staidéar MACC tionchar mór ar an mbeartas náisiúnta maidir le hastaíochtaí gásacha. Chuir siad go mór leis an ráiteas beartais maidir le hastaíochtaí, AgClimatise, a d'fhoilsigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara le déanaí agus an Bille nua um Ghníomhú ar son na hAeráide (Leasú), 2021.

D'fhoilsigh Teagasc CCLI Amóinia in 2015. Gineadh an tuarascáil seo mar fhreagairt ar an sprioc laghdaithe amóinia 10% atá beartaithe tar éis 2030 ó Choimisiún an Aontais Eorpaigh. Cuireadh an CCLI Amóinia agus an anailís bhunúsach ar fáil don Choimisiún, rud a d'fhág go raibh laghdú faoina leath ar an sprioc laghdaithe atá beartaithe chuig 5%. D'fhoilsigh Teagasc CCLI amóinia nuashonraithe in 2020, agus bhí tionchar tábhachtach ag an bhfoilseachán sin ar AgClimatise freisin⁹.

Is léir tionchar an taighde sin ar fhorbairt an bheartais phoiblí. Ach is é an rud is tábhachtaí ná go gcuirfear ar chumas na hÉireann, trí ghlacadh leis na CCLIanna ar fheirmeacha, a hoibleagáidí náisiúnta agus idirnáisiúnta a chomhlíonadh chun astaíochtaí gásacha a laghdú, rud a chriostalóidh rannchuidiú na hÉireann chun an drochthionchar eamálach ar théamh domhanda agus aer glan a laghdú.

Dá gcuirfí na CCLIanna GHG i bhfeidhm ar fheirmeacha, a mbeadh iarracht chomhairleach shubstaintiúil ag teastáil uathu, bheadh tionchar eacnamaíoch acu freisin. Molann an Roinn Caiteachais Phoiblí

7. Schulte, R.P.O., Crosson, P., Donnellan T., Farrelly, N., Finnan, J., Lalor, S., Lanigan, G., O'Brien D., Shalloo L., & Thorne, F. (2012). A Marginal Cost Abatement Curve for Irish Agriculture. Aighneacht Teagasc chuig an gcomhairliúchán poiblí ar fhorbairt an Bheartais Aeráide. Teagasc, Ceatharlach, 30 Aibreán 2012. https://www.teagasc.ie/media/website/publications/2012/1186_Marginal_Abatement_Cost_Curve_for_Irish_Agriculture.pdf

8. Lanigan, G.J. agus Donnellan, T. (Eagarthóirí) An Analysis of Abatement Potential of Greenhouse Gas Emissions in Irish Agriculture 2021-2030, Teagasc, Páirc na Darach, Ceatharlach, Márta 2019. <https://www.teagasc.ie/media/website/publications/2018/An-Analysis-of-Abatement-Potential-of-Greenhouse-Gas-Emissions-in-Irish-Agriculture-2021-2030.pdf>

9. Buckley, C agus Krol, D.J. "An Analysis of the Cost of the Abatement of Ammonia Emissions in Irish Agriculture to 2030". Teagasc, Páirc na Darach, Ceatharlach Meán Fómhair 2020. <https://www.teagasc.ie/media/website/publications/2020/NH3-Ammonia-MACC.pdf>

agus Athchóirithe praghas de choibhéis CO₂ de € 100 in aghaidh an tonna do 2030¹⁰. D'fhéadfadh cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí maolaithe Teagasc 3.4m tonna de choibhéis CO₂ a shábháil idir 2018 agus 2030. Ar phraghas carbóin de € 100 in aghaidh an tonna de choibhéis CO₂, b'fhiú € 340m an coigilteas iomlán. Is ionann an coigilteas sin agus thart ar 16% de luach earnáil na mairteola.

Conclúidí

Mar an phríomhghníomhaireacht in Éirinn atá freagrach as taighde agus nuálaíocht a dhéanamh don earnáil agraibhia tá sé riachtanach go mbeadh próisis láidre i bhfeidhm chun tionchar ár n-infheistíochta taighde agus nuálaíochta a mheas. Táimid ag brath go mór ar bhailíochtú seachtrach ár gclár taighde go díreach agus go hindíreach. Baineann tábhacht leis na próisis mheastóireachta fhoirmiúla dhíreacha, cuir i gcás na hathbhreithnithe timthriallacha piaraí a dhéantar do gach clár taighde agus an mhaoirseacht a sholáthraíonn an Bord Comhairleach Eolaíoch Idirnáisiúnta. Freisin téann gach tionscadal taighde atá á mhaoiniú ag Teagasc faoi chóras measúnaithe 'an dá bhac', ina mbíonn saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta lasmuigh de Teagasc, a dhéanann measúnú ar gach tionscadal i dtéarmaí a fhiúntais eolaíochta agus a luach eacnamaíoch don earnáil agraibhia. Agus ar ndóigh soláthraíonn Údarás Teagasc, a choistí, agus córas mór coistí comhairleacha, atá comhdhéanta d'fheirmeoirí agus rannpháirtithe gnó, sraitheanna breise athdhearbhairthe maidir le cáilíocht eolaíochta agus go háirithe an ábharthacht eacnamaíoch.

Ach is dócha go mbaineann tábhacht níos mó le bailíochtú indíreach chlár taighde agus nuálaíochta Teagasc trí chumas ár dtaighdeoirí foilsíú i bhfoilseacháin idirnáisiúnta iomráiteacha, agus na foilseacháin sin a lua go mór ar fud an domhain, mar aon lenár gcumas dámhachtainí maoinithe taighde iomaíochta substaintiúla a bhuachan go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Cé go bhfuil na táscairí seo tábhachtach agus feidhmíocht Teagasc á meas i gcoinne Eagraíochtaí Taighde eile in Éirinn agus in áiteanna eile, is é an rud is tábhachtaí dúinn ná go mbíonn tionchar againn ar ár bhfeirmeoirí agus ár gcuideachtaí bia chun a dtáirgiúlacht agus a n-inbhuanaitheacht a fheabhsú. Maidir leis an ngné sin is féidir linn roinnt samplaí a léiriú ina raibh ionchur tábhachtach againn. Ní féidir, ar ndóigh, a bheith críochnúil faoi thionchar agus éifeacht, ná ní bheimis ag iarraidh a bheith. Bíonn tionchar ag go leor fachtóirí ar fheirmeoirí mar shampla, lena n-áirítear a dtaithí féin agus eispéireas a bpiaraí, na meáin feirmeoireachta, an t-idirlíon, a soláthraithe agraibhia, taighde agus comhairle náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus a lán bealaí eile. Cosúil leis sin, bíonn tionchar mór ar cuideachtaí bia ag a soláthraithe, a gcomhpháirtithe agus soláthraithe taighde eile. Agus le blianta beaga anuas cé go bhfuil baint níos mó ag Teagasc sa tacaíocht do lucht ceaptha beartas, is léir go bhfaigheann lucht ceaptha beartas a spreagadh ó iliomad foinsí.

D'ainneoin na deacrachta cúis agus éifeacht a chur i leith, níl sé míréasúnta tagairt a dhéanamh do roinnt réimsí ina raibh tionchar mór ag taighde agus nuálaíocht Teagasc ar ghlacadh na teicneolaíochta, ar phróiseáil bia nó ar dheardh beartais. Sa pháipéar seo measadh éacht soiléir a bheith ann i réimsí mar fheabhsú géiniteach, úsáid féaraigh, táirgiúlacht beostoic agus barr, cáilíocht bainne, frithsheasmhacht in aghaidh galar, maolú ar athrú aeráide, táirgeadh cáise agus seicheamhú DNA i gcás COVID-19. Tagann na héachtaí seo chun cinn mar gheall ar chomhiarrachtaí taighdeoirí, comhairleoirí, oideoirí agus, ar ndóigh, na feirmeoirí agus na cuideachtaí bia féin. Bíonn comhpháirtíochtaí criticiúla i gceist freisin leo i dteannta le RPOna agus gníomhaireachtaí eile mar AHI agus ICBF.

In éineacht lenár gcumas tacú le nuálaíocht ar ár bhfeirmeacha agus inár gcuideachtaí bia, trínár gclár taighde táimid ag traenáil an chéad ghlúin eile de cheannairí eolaíochta dár dtionscal agraibhia trí thart ar 60 Scoláire Walsh a bhronnadh gach bliain. Ní féidir calcalas eacnamaíoch simplí a chur i bhfeidhm chun luach a chur ar an ranníocaíocht sin, ach tá sé ar cheann de na tionchair sin ar léir go mbaineann tábhacht shuntasach leo.

Ní féidir freagra críochnúil a thabhairt ar an méid a ghineann éacht maidir le glacadh teicneolaíochta agus cleachtais. Cuir i gcás an fheirmeoireacht féin. I ndeireadh na dála tá teicneolaíocht cuimsithe sna hionchuir a cheannaíonn feirmeoirí, cibé acu leasacháin, comhábhair bheatha nó innealra iad. Ní éilítear ar an bhfeirmeoir leis an teicneolaíocht is rathúla a cuireadh san áireamh san alt seo ach tacar soip sheamhain oiriúnach a cheannach dá t(h)réad. Tá riail an chinnidh réasúnta simplí cé go bhfuil an taighde bunúsach réasúnta casta. Cuir an cinneadh sin i gcodarsnacht le glacadh na teicneolaíochta úsáide optamaí féir. Tá an próiseas glactha níos casta agus éilítear ar an bhfeirmeoir machnamh a dhéanamh ar iliomad fachtóirí agus próiseas. Ní haon ionadh dá bharr sin cé go ndearnadh éacht mór chun spreagadh a thabhairt do leibhéil úsáide níos fearr, nílimid ach leath bealaigh chuig ár sprioc sa chás sin. Ní foláir taighde a dhéanamh chun tuiscint a fháil ar na constaicí atá os comhair feirmeoirí agus iad ag glacadh rialacha cinnteoireachta casta. Agus mar is gnách, beidh dianiarracht chomhairleach ag teastáil chun leibhéil glactha níos mó a bhaint amach.

10. Valuing Greenhouse Gas Emissions in the Public Spending Code, Laura Kevany, Climate Change Unit, Department of Public Expenditure and Reform, July 2019. <https://igees.gov.ie/valuing-greenhouse-gas-emissions-in-the-public-spending-code/>



Sprioc 1

Iomaíochas na talmhaíochta, an bhia, agus an bhith-gheilleagair i gcoitinne a fheabhsú

FORAOISEACHT

Críonadh Siar na Fuinseoige

Braitheann fulaingt ar chríonadh siar na fuinseoige san fhuinseog ar an iliomad fachtóirí, agus d'fhéadfadh géinitíopaí difriúla céimeanna éagsúla fulaingthe a léiriú ar chríonadh siar na fuinseoige idir an-fhulangach agus so-ghabhálach. Cuireadh tús le hobair in 2017 ag Teagasc laistigh den tionscadal FOIRM (RTBM) agus tionscadal Straitéiseach Chalara (Teagasc) agus é mar aidhm fuinseog fhulangach a aithint agus a iomadú agus uirlisí a fhorbairt chun críonadh siar na fuinseoige a chomhrac, faoi seach.

Onnmhairíodh míle géinitíopa fuinseoige Éireannach go dtí an Liotuáin chun dul faoi scagadh nádúrtha faoi bhrú ard galair agus rinneadh teagmháil le hinstitiúidí Eorpacha éagsúla chun géinitíopaí fulangacha a fháil. An lá inniu ann, tá banc géine ina bhfuil níos mó ná 200 géinitíopa fulangach in Éirinn.

Rinne Teagasc staidéar meitibileomaíochta freisin chun marcóirí bithcheimiceacha a aithint maidir le fulaingt ar chríonadh siar na fuinseoige in *Fraxinus excelsior*, rinne siad hibridí idir an fuinseog agus speicis frithsheasmhacha Áiseacha, agus d'fhorbair siad tacar barrachóid ghéiniteacha chun speicis fuinseoige a aithint agus a aicmiú.

Oiliúint ar Chur Chuige an Leanúnachais Foraoise

In 2020 ghlac Rannóg Forbartha Foraoiseachta Teagasc uirlis nua um Aistriú Eolais digiteach a d'fhorbair IFE (Institiúid Foraoiseachta na hEorpa): aip táibléad-bhunaithe le húsáid i gceapacha foraoise speisialta ar a dtugtar "martalascóip". Mar chuid den tionscnamh seo, i gcomhpháirt le Coillte, suiteáladh ceapach martalascóip nua i bPáirc Foraoise na Cora, Contae Luimnigh.

Úsáideadh an tsaoráid nua seo mar chuid de chúrsa oiliúna fíorúil nua d'úinéirí foraoise chomh maith le hoiliúint inseirbhíse do chomhairleoirí agus do thaighdeoirí. Tá ceapacha martalascóip breise á suiteáil in Teagasc Pháirc na Darach, le húsáid le haghaidh réimse cláir oiliúna a dhírítear ar úinéirí foraoise, foraoiseoirí, mic léinn foraoiseachta agus geallsealbhóirí eile.

An Dr. Ian Short, Taighdeoir Foraoiseachta Teagasc, sa phictiúr leis an Aire Stáit um Úsáid-Talún agus Bithéagsúlacht, an Seanadóir Pippa Hackett ... agus an iontráil bhuacach i gcomórtas grianghraf foraoise Teagasc dar teideal 'Celebrating Our Forests'.



MAIRTEOIL

Córais bheostoic

Léirigh Teagasc, i gcomhar le ABP agus ICBF, torthaí ón gClár Taighde Géiniteach Mairteola Déiríochta, inar léiríodh athrú suntasach i laghduithe carbóin sa mhairteoil déiríochta. Taispeántar sna torthaí an fhéidearthacht astaíochtaí meatáin eintrigh a laghdú suas le 17% laistigh de phór eallaigh, suas le 28% thar phórtha eallaigh agus suas le 36% ar fud córais éagsúla feirmeoireachta.

Rialú Seadán

Léirigh taighde Teagasc frithsheasmhacht fhrith-heilminteach i néimeatóidí gastraistéigeacha eallach agus caorach chomh maith le leith uisce. Díreann an clár taighde faoi láthair ar straitéisí a fhorbairt chun seadán a bhainistiú i bhfianaise na frithsheasmhachta frith-heilmintí. Áirítear leo sin uirlisí nua a fhorbairt mar dhiagnóisic núíosach agus vacsaíní chomh maith le straitéisí bainistíochta leasaithe, amhail cóireáil roghnach spriocdhírthe agus dísiú a uasmhéadú.

Galar Riospráide Bólachta (GRB)

Tá galar riospráide bólachta (GRB) ar cheann de na cúiseanna is suntasaí le galracht agus básmhaireacht in eallach. Is gá diagnóis chruinn agus luath a dhéanamh ar ghalar riospráide bólachta cliniciúil (GRB) agus fo-chliniciúil (fGRB) chun aicmiú níos fearr a fháil ar an ngalar agus chun cóireáil éifeachtach a threorú.

Ag Teagasc na Gráinsí, tá teicníc núíosach na hultrashonagrafachta tóracsáí (UST) á húsáid in eallach chun cuma na scamhóg a scrúdú agus GRB a dhiagnóisiú i dteannta le comharthaí riospráide cliniciúla. Ní féidir brath GRB in eallach le loit scamhóige gan comharthaí riospráide cliniciúla a thaispeáint, ach amháin le húsáid UST.

Tithíocht agus Leas Eallaigh

Aithníodh liúntas spáis agus cineál urláir mar fhachtóirí criticiúla a théann i bhfeidhm ar leas eallaigh mairteola á gcríochnú faoi dhíon. Tháinig staidéar Teagasc le déanaí ar an gconclúid nach raibh aon tairbhe d'fheidhmíocht ainmhithe é an liúntas spáis a mhéadú os cionn 3.0 m² in aghaidh an ainmhí ar urlár lataí coincréite (ULC) ach gur chuir sé feabhas ar ghlaimeacht ainmhithe. Ba le cur bodóg faoi dhíon ar urlár tuí seachas ULC a méadaíodh achar luí uair amháin an chloig in aghaidh an lae; cé nach ndeachaigh sé i bhfeidhm ar mheáchan conablaigh.

Straitéisí Laghdaithe Meatáin

Tá obair Teagasc ag dul ar aghaidh ag stáisiún tástála feidhmíochta ICBF (An Tulaigh) maidir le hastaíochtaí meatáin agus éifeachtúlacht beatha a thomhas i líon mór eallaí mairteola trí roinnt tionscadal mar RumenPredict (arna mhaoiniú ag ERA-GAS) agus MASTER (arna mhaoiniú ag Fís 2020 an Aontais Eorpaigh) leis an aidhm an nasc a bhunú idir micribhithóm na cogansaí, éifeachtúlacht beatha agus astaíochtaí meatáin, agus an ghéanómaíocht óstach.

Taispeántar sna réamhshonraí go bhfuil comhghaolú diúltach idir astaíochtaí meatáin eintrigh agus éifeachtúlacht beatha, rud a thugann fianaise go bhfuil eallach a tháirgeann leibhéal íseal meatáin níos éifeachtúla ó thaobh beatha de. Cuirfidh an obair seo le forbairt luachanna pórúcháin d'aschur íseal meatáin d'aithreacha mairteola agus déiríochta araon don tionscal eallaigh.

Breiseáin Bheathaithe

Tá staidéar Teagasc arna mhaoiniú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ag déanamh measúnú faoi láthair ar raon breiseáin bheathaithe lena n-áirítear feamainn, 3-NOP, olaí, hailídí, eastóscáin ghiocaí srl. dá n-acmhainn mhaolaithe meatáin ar bhonn in vitro. Déanfar meastóireacht ar na hiarrthóirí is dóchúla le haghaidh caorach,



Ag cuimhneamh ar COVID-19 (pictiúr a tógadh roimh shrianta leibhéal a cúig) tá Alan Dillon agus Sean Cummins ó Chlár Teagasc Green Acres Lao Déiríochta go Mairteoil, Joe Hand (comhairleoir áitiúil Teagasc) agus an feirmeoir JP Hammersley.

ba déiríochta agus eallaí mairteola. Tá obair ar siúl freisin ar straitéisí imchochlaith do na breiseáin sin ionas gur féidir iad a sholáthar ar fhéarach, i bhfeirmeacha bólaís mallscailte.

Toradh ar Shaothar ar Fheirmeacha Mairteola

Thaifead na feirmeoirí a bhí rannpháirteach i gClár Teagasc Green Acres Lao Déiríochta go Mairteoil a gcuid uaireanta saothair i rith 2020. Tá fostaíocht lasmuigh den fheirm ag líon mór feirmeoirí in Éirinn - íocann go leor de na poist seo go maith (> € 35,000), b'fhéidir gur róbheag é méid na bhfeirmeacha chun ioncam lánaimseartha a sheachadadh, nó b'fhéidir nach bhfeilfeadh cáilíocht na talún don diantalmhaíocht.

Sna cásanna sin, déanann feirmeoirí feirmeoireacht laistigh de na huaireanta a bhíonn ar fáil lasmuigh dá bhfostaíocht lasmuigh den fheirm agus d'am teaghlaigh. Nuair a ríomhtar toradh in aghaidh na huaire ar fheirm atá leagtha amach go maith, is toradh cuibheasach fabhrach in aghaidh na huaire é. Léiríodh sa staidéar gur minic arb é seachaint na gcastachtaí córais a ghineann rath, trí éagsúlú ón bpríomhspríoc mairteoil a tháirgeadh ó laonna déiríochta ag 24-28 mí, agus chun dea-chleachtas a leanúint agus aon chur isteach gan iarraidh a sheachaint d'ionchur ama ar an bhfeirm. Is leis na prótacail sláinte tréada, bainistiú féaraigh agus cáilíocht sadhlais a bhunaítear an rath ar fheirmeacha mairteola freisin.

Podchraoladh The Beef Edge

Seoladh an Podchraoladh The Beef Edge i mí na Nollag 2019. Tá sé á stiúradh agus á chur i láthair ag an speisialtóir eallaigh Teagasc Catherine Egan; agus ba mar gheall ar an rath a bhí ar scaoileadh na chéad 12 eipeasóid agus mar gheall ar an dianghlaisáil COVID-19 i lár mhí an Mhárta 2020, a méadaíodh a mhinicíocht go seachtainiúil. Shroich an chéad 45 eipeasóid 25,000 éistoir san iomlán.

Clúdaítear sna podchraoltaí nuacht, faisnéis agus comhairle maidir le conas feidhmíocht feirme mairteola a fheabhsú. Ba le seoladh roinnt scéimeanna mairteola in 2020 amhail clár éifeachtúlachta comhshaoil na mairteola - diúil (BEEP-S) agus an clár críochnaitheoirí mairteola (BFP) a bhí an podchraoladh ina chuidiú le scaipeadh sonraí scéime d'feirmeoirí.

Seachtain Fhíorúil na Mairteola

Reáchtáladh Seachtain Fhíorúil Teagasc na Mairteola sa dara seachtain de mhí Iúil 2020. Clúdaíodh téama difriúil gach lá lena áiríodh seimineár gréasáin BeefTalk réamhthaifeadta

uair an chloig i gcomhar leis an Irish Farmers Journal, gach maidin agus eisiúintí fiseáin agus bileoga eolais i rith an lae. Soláthraíodh plé idirghníomhach uair amháin an chloig i gcomhar le AgriLand ar a dtugtar Live@Grange gach tráthnóna agus deis ag an lucht féachana painéal saineolaithe a cheistiú.

Díríodh ar tháirgeadh mairteola diúil ar an Luan; clúdaíodh lao go mairteoil ar an Máirt; clúdaíodh an inbhuanaitheacht comhshaoil mar ábhar ar an gCéadaoin. Athraíodh an aird ar an Déardaoin go féarach agus cothú; breathnaíodh ar an Aoine ar an eacnamaíocht agus beartas sa táirgeadh mairteola Éireannach. Craoladh cuid mhór ábhair ar na meáin shóisialta gach lá freisin; bhí an fhreagairt ó fheirmeoirí agus ón tionscal ar an tionscnamh seo thar a bheith dearfach.

Imeachtaí Stoic Thirim ar Líne

I rith an chuid is mó de 2020, bogadh formhór na n-imeachtaí agus na gceardlann stoic thirim a bhí beartaithe don bhliain go formáidí fíorúla ar líne. Áiríodh leis sin siúlóid fhíorúil ar fheirm mairteola ar fheirm Teagasc Green Acres Lao Déiríochta go Mairteoil le Martin Connolly i gCo. Ros Comáin, agus Comhdháil Mairteola Náisiúnta Teagasc i mí na Nollag.

Chuir comhairleoirí agus speisialtóirí stoic thirim líon mór fiseán gearr ar fáil d'feirmeoirí ar réimse leathan ábhar freisin. Chuir Teagasc tús freisin le sraith seimineáir ghréasáin rialta "Let's Talk Cattle and Sheep" agus tá sé ag cur lena líon lucht féachana.

Léirigh feirm taispeána lao diúil go mairteoil Teagasc an Átha Nua i gcomhar le Dawn Meats ocht bhfiseán ghearra in 2020. Chlúdaigh na fiseáin sin táirgeadh sadhlais, bainistíocht féaraigh, póru, baint den diúl agus críochnú eallaigh. Bhí os cionn 100,000 amharc ag na fiseáin seo ar Facebook agus os cionn 20,000 amharc ar YouTube

Cuairt Ríoga

Thug aionna ón Ríocht Aontaithe, Diúc agus Bandiúc Cambridge, in éineacht le hAmbasadóir na Breataine go hÉirinn, an tUas. Robin Barnett, cuairt ar Theagasc na Gráinsí cuairt ar Éirinn go luath i mí an Mhárta, 2020. Ba é Michael Creed T.D., an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara; agus Liam Herlihy, Cathaoirleach Teagasc a d'fheall fáilte roimh an lánúin chuig Teagasc.

Cuireadh in aithne ar an Ollamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc, an Chomhairleoir Wayne Harding, Cathaoirleach Chomhairle Contae na Mí, agus Jackie Maguire, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae na Mí iad. Bhí comhaltáí Údarás Teagasc i láthair freisin.

Thaispeáin Paul Crosson agus Edward O'Riordan, taighdeoirí mairteola ag Teagasc na Gráinsí,

trí bhó don lánúin ríoga, gach ceann acu le cúpla laonna, atá mar chuid de tréad diúil taispeántais Dhoire Phádraig tréasa ag Ionad Taighde agus Nuálaíochta Ainmhithe agus Féaraigh Teagasc (AGRIC) sa Ghráinseach, Co. na Mí.

Thug Paul agus Edward breac-chuntas ar na céimeanna a glacadh ar fheirmeacha eallaigh na hÉireann chun a chinntiú go dtáirgtear mairteoil ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus labhair siad freisin faoi na teicneolaíochtaí a forbraíodh agus a glacadh chun astaíochtaí gáis cheaptha teasa ón tréad a laghdú.

Rinne Speisialtóir Bainistíochta Tuaithe Teagasc, Catherine Keena, cur síos ar thionscnaimh chun bithéagsúlacht a chur chun cinn agus fáil a fhorbairt ionas go mbeidh siad oiriúnach 'd'éin agus do bheacha' araon, ag soláthar suíomhanna oiriúnacha neadaithe agus caora do na héin, agus bláthanna do phailneoirí.

Bhuail an lánúin ansin le comhairleoirí Teagasc Eilish Burke agus William Byrne, a chuir in aithne ar fheirmeoirí Ronan Hughes, Justin Walsh, Teleri Thomas, David Hannon, agus Donal Keane iad; a labhair faoina bhfuil ar siúl acu chun feirmeoireacht a dhéanamh 'i gcomhar leis an dúlra' trí úsáid a bhaint as na géineolaíocht ainmhithe is fearr, córais táirgthe féarbhunaithe atá dírithe ar athshíoladh agus ar dheaeagrú banraí; agus i gcás Donal Keane mhínigh sé an chaoi ar feirmeoir taispeána orgánach atá ann.

Bronnadh féirín dair phortaigh shnoite ar an Diúc agus ar an mBandiúc arna léiriú ag Christy Slattery, Leatracha, Co. Thiobraid Árann le Liam Herlihy, Cathaoirleach Teagasc.



CAOIRIGH

Córais Chríochnaithe

Léirigh móráireamh caorach RTBM don bhliain 2019 go bhfuil díreach faoi bhun leath den tréad caorach náisiúnta ina gcaoirigh shléibhe nó ina gcaoirigh shléibhe thrasphóraithe (sa phictiúr). Mar sin féin, cuirtear srian ar earnáil na gcaorach sléibhe trí leibhéil chomparáideacha ísle d'aschur uaineola agus margaí d'uain sléibhe ar lag go minic iad. Léirítear sna réamhanailísí ó staidéir leanúnacha Teagasc go bhfuil an cumas ann do cheannaitheoirí uain stóir uain sliabhthógtha a chríochnú ar bharr foráiste praisí le huain ag baint amach spriocmheáchain agus sonraíochtaí conablaigh.

Ach a n ndeachaigh uain in oiriúint do bharr praisí bhí an breisiú meáchain laethúil na n-uan idir 100g / ceann / lá go 150g / ceann / lá. Bhí tionchar suntasach ag beomheáchan agus toradh barr ag an tús ar fheidhmíocht uan agus ar rátaí dréachtaithe

i gCill Chainnigh, Co. Chill Chainnigh faoi seach. Díríodh an aird gach oíche ar roinnt príomhréimsí: úsáid éifeachtúil cothaitheach ar fheirmeacha caorach; sonraí tráchtála a úsáid i gcláir feabhsúcháin ghéiniteacha agus frithsheasmhacht fhrith-heilminteach a bhainistiú. Phléigh buaiteoir chatagóir caorach Grass 10 2019 agus rannpháirtí BETTER farm John O'Connell conas a chabhraigh teicneolaíochtaí éagsúla leis a ghnó feirme a fhorbairt.

Reáchtáladh an Chomhdháil Náisiúnta do Chaoirigh Shléibhe i mBealach Féich, Co. Dhún na nGall i mí Feabhra. Chonacthas ábhar na frithsheasmhachta frith-heilmintí arís, rud a léiríonn an dúshlán atá os comhair an tionscail. Pléadh go feiceálach na réimsí inbhuanaitheachta agus na hearraí poiblí a sholáthraíonn feirmeacha caorach sléibhe. Sa chuid dheireanach den chomhdháil chonacthas plé painéil ar ábhar na straitéisí chun Tailte Feirme le Meas ar an Dúlra (MD) a chothabháil le rannchur ó roinnt sainchainteoirí.



le 20% de na huain a dréachtaíodh lena marú ón mbarr leis an toradh is ísle suas le 60% ar an mbarr leis an toradh is airde.

Podchraoladh OviCast

Seoladh OviCast, an podchraoladh caorach, i mí na Bealtaine 2019. Arna chur i láthair ag speisialtóir caorach Teagasc Ciaran Lynch pléitear an chomhairle, na léargais agus na nuashonruithe teicniúla is déanaí ann do thionscal na gcaorach. Mar fhreagra ar DHIANGHLASÁILCovid-19 méadaíodh minice Ovicast ó eagrán míosúil go heagrán sheachtainiúla. Le linn 2020 bhí os cionn 12,000 éisteoir ag an bpodchraoladh le méadú ar a lucht éisteachta. Bhí rannchuidithe rialta ann ó fhoirne speisialtóirí agus taighde Teagasc, ó shaineolaithe tionscail agus ó fheirmeoirí. Pléadh bainistiú féaraigh, sláinte tréada, córais táirgthe, nuashonruithe margaidh agus airgeadais chomh maith le hábhair shláinte agus shábháilteachta i rith na bliana.

Comhdháilacha Caorach

Reáchtáladh na comhdháilacha Caorach Náisiúnta bliantúla i mí Eanáir i gCill Airne, Co. Chiarraí agus

Ceardlanna Básmhaireachta Uan a Laghdú

Reáchtáil an speisialtóir caorach agus an fhoireann taighde i gcomhar le comhghleacaithe sa tseirbhís chomhairleach agus foireann na gColáistí Talmhaíochta sraith ceardlann feirme a bhí dírithe ar bhásmhaireacht uan a laghdú agus díriú ar úsáid laghdaithe frithmhiocróbach ar fheirmeacha caorach. San iomlán, reáchtáladh 15 acu ar cheardlanna feirme le linn mhí Eanáir agus mhí Feabhra 2020.

Seachtain Fhíorúil na gCaorach

Reáchtáladh an ócáid seachtaine seo i mí Mheán Fómhair, agus léirigh sí an taighde, an chomhairle agus na tionscnaimh is déanaí in earnáil na gcaorach; agus díríodh gach lá ar théama ar leith. Scaoileadh réimse leathan fiseáin faisnéise agus ailt theicniúla gach lá ag teacht chun críche le seimineár gréasáin idirghníomhach beo gach tráthnóna ar a dtugtar Live@Athenry.

DÉIRÍOCHT

Podchraoladh DairyEdge

Thosaigh sé i mí Eanáir 2018, agus tá méadú seasta tagtha ar an lucht éisteachta i bpodchraoladh DairyEdge. In 2020, mheall na podchraoltaí seachtainiúla breis agus 120,000 éisteoir. Pléann an podchraoladh, a d'eagraigh Emma-Louise Coffey, Teagasc na Cloiche Léithe, le hábhair éagsúla a bhaineann le déiríocht lena n-áirítear an comhshaoil agus inbhuanaitheacht shóisialta agus eacnamaíoch na feirmeoireachta déiríochta.

Imeachtaí CalfCare agus Bó Sheasc

Reáchtáil Teagasc agus Sláinte Ainmhithe Éireann (SAÉ) imeachtaí CalfCare i mí Eanáir le breis agus deich mbliana anuas. Ba é Meán Fómhair 2020 an dara huair a reáchtáladh imeachtaí Bó Sheasc. Tugadh chun suntais sna himeachtaí ar na cleachtais lena bhfeabhsaítear sláinte ainmhithe agus lena laghdaítear an t-éileamh ar úsáid antaibheathach i laonna agus ba. Mheall imeachtaí an earraigh agus an fhómhair lucht féachana de níos mó ná 1,200 agus 400 faoi seach.

Cruinnithe Pléghrúpa ar Líne

Go traidisiúnta reáchtáiltear pléghrúpaí déiríochta Teagasc ar bhonn duine le duine. Le níos mó ná 4,200 ball in isteach is amach ar 300 grúpa, ba é an toradh ar an gcur isteach a rinne COVID-19 athrú tapa ar chruinnithe ar líne chun a leanúnachas a chinntiú. Mar thoradh air sin, reáchtáladh thart ar leath de na cruinnithe go léir ar líne in 2020.

Athnuachan ar Chlár Agradhnó Kerry Teagasc

Cuireann os cionn 3,000 feirmeoir déiríochta 1.1 billiún lítear bainne ar fáil gach bliain do Kerry Agribusiness. Comhchlár tionscail Teagasc le Kerry Agribusiness a athnuadh i mí na Samhna 2020. Le haitheantas do cheithre fheirmeoir déag faireacháin, áirítear le fócas an chlár inbhuanaitheacht soláthraithe a fheabhsú trí fheabhas a chur ar tháirgeadh bainne, ar éifeachtúlacht airgeadais agus saothair.

Parai-Eitinn

Is galar tábhachtach eindéimeach é galar Johnie i go leor tréada déiríochta in Éirinn agus is dua mór é ainmhithe ionfhabhtaithe a dhiagnóisiú. Tá staidéar ar siúl in Teagasc na Cloiche Léithe chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht modha scagthástála tréada mhalartaigh do ghalar Johnie i dtréada déiríochta. Tá na modhanna tástála atá ar fáil faoi láthair costasach agus baineann easnamh cruinnis leo.

Is éard atá i gceist le sampláil chomhshaoil tréada samplaí d'aoileach agus de shlodar a thógáil ó sheideanna agus ó chlóis nuair a chuirtear ba faoi dhíon, agus na samplaí seo a thástáil do na baictéir is cúis le galar Johnie. Taispeántar sna torthaí tosaigh gur aithníodh sa straitéis sin 38% de thréada ionfhabhtaithe as sampla 63 tréad.

Tréad Teagasc den Chéad Ghlúin Eile

Bunaíodh Tréad Taighde Déiríochta den Chéad Ghlúin Eile ag Teagasc na Cloiche Léithe thiar in 2013 mar thréad taighde faire chun feidhmíocht na mba todhcháioch arna roghnú ag baint úsáide



Rinne an grúpa DairyMilk a bhunaigh Teagasc na Cloiche Léithe thiar in 1979 ceiliúradh ar a chomóradh 40 bliain go luath in 2020.

as ár n-uirlis phórúcháin náisiúnta, an tInnéacs Pórúcháin Eacnamaíoch (IPE) a bhailíochtú. Déantar comparáid sa tréad idir ba SCOTHAICME atá ionadaíoch don 1% is fearr go náisiúnta agus meánbha náisiúnta (MN), bunaithe ar IPE.

Léiríonn feidhmíocht na mbó SCOTHAICME go soláthraítear leis an roghnú ag baint úsáide as IPE ba atá níos táirgiúla agus níos torthúla, agus go bhfeidhmeoidh siad i gcomhréir le spriocanna an tionscail. Táirgeann ba SCOTHAICME níos lú toirte bainne i gcomparáid le MN (-205kg), ach trí chion bainne agus próitéine níos airde a bheith acu (+0.28 % saille agus +0.18 % próitéine) táirgeachtaí níos airde de sholaid bhainne (saille móide toradh próitéine; +8kg).

Choinnigh ba scothaicme riocht coirp níos airde (+0.18), bhí siad beagán níos éadroime (-6kg), agus bhí éifeachtúlacht atáirgthe i bhfad níos fearr acu (e.g. ráta sé seachtaine ionlao +15 aonad chéatadánacha) agus marthanais go dtí an 5ú lachtadh (+20 aonad céatadánach). Bhí iontógáil beatha comhchosúil i gcás na mba SCOTHAICME AGUS MN araon. Ba mhó an cumas iontógála, an méid beatha a chaitear i gcoibhneas le meáchan coirp, i gcás na n-ainmhithe SCOTHAICME, tréith a thugann le tuiscint go bhfuil sé níos oiriúnaí d'aiste bia bunaithe ar fhéarach.

Bhí brabús feirme i bhfad níos fearr don SCOTHAICME i gcomparáid leis na ba MN (os cionn €200 in aghaidh na bó in aghaidh an lachta) agus tháirg ba SCOTHAICME bainne le lorg carbóin 15% níos ísle.

Dairymis

Rinne an grúpa Dairymis a bhunaigh Teagasc na Cloiche Léithe thiar in 1979 ceiliúradh ar a chomóradaí 40 bliain go luath in 2020. Bunaíodh an grúpa chun gníomhú mar ghrúpa tagarmharcála ina bhféadfaí faisnéis faoi bhainistíocht déiríochta a mheas agus a scaipeadh ar fheirmeoirí déiríochta.

Ceann de phríomhchuspóirí Dairymis ab ea gur forbraíodh na sonraí a bailíodh ó na feirmeacha ina gcóras faisnéise bainistíochta ríomhaireachta, agus gur úsáideadh iad chun éifeachtúlacht na gcóras feirme aonair a mheasúnú le haghaidh anailís chomparáideach a dhéanamh. Tá Comharchumainn, ICBF, cuideachtaí agra-bhogearraí agus Teagasc é féin tar éis go leor de na tuarascálacha tosaigh a leasú agus a chur in oiriúint.

Tá dlúthnasc idir an grúpa seo le Teagasc na Cloiche Léithe, ba é ball foirme na Cloiche Léithe a chomhordaigh agus d'éascaigh dó riamh anall. Sa phictiúr ag an gceiliúradh i mBaile an Róistigh, Corcaigh tá baill ghrúpa in éineacht le Liam Herlihy, Teagasc agus cathaoirleach FBD, Michael Gowen, Cathaoirleach Ghrúpa Dairymis, éascaitheoir grúpa Michael O'Donovan, Teagasc agus comhordaitheoir grúpa Katie Sugrue, Teagasc.

GRASS

Grass10

Aibhsítear sna tuarascálacha tionscail (Fómhar Bia 2020 agus Food Wise 2025) an ról tábhachtach a fheidhmíonn an féar i gcórais táirgeachta beostoic. Baineann domhan íomhánna inbhuanaithe, glas agus ardchaighdeán ag córais féarbhunaithe de tháirgeadh bainne agus feola.

I gcórais féaraigh dá airde an cion d'fhéarach innilte sa réim bia is ea is ísle na costais a bhaineann le bainne agus feoil a tháirgeadh. Is féidir buntáiste comparáideach na hÉireann i dtáirgeadh bainne agus feola a mhíniú leis an gcostas coibhneasta a bhaineann le féar, sadhla agus dlúthbhianna a mheastar a bheith ag 7, 15 agus 30 cent in aghaidh an Kg faoi seach.

Tugadh le fios ó anailís Teagasc go méadaítear glanbhrabús in aghaidh an heicteáir € 173 / ha in aghaidh gach tonna breise féir DM a úsáidtear ar fheirmeacha déiríochta na hÉireann, agus an figiúr comhfhreagrach d'fheirmeacha stoic thirim thart ar € 105 / ha.

Os coinne an chúlra sin, sheol Teagasc feachtas cheithre bliana Grass10 (2017-2020) chun sármhaitheas féaraigh inbhuanaithe a chur chun cinn ar fheirmeacha déiríochta, mairteola agus caorach na hÉireann. Leabaítear leis an bhfeachtas seo úsáid PastureBase Ireland (PBI).

Is ionann comhpháirtithe Grass10 agus Grassland Agro, AIB, FBD, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus an Irish Farmers Journal. Chomh maith le bheith ag obair go dlúth leis na comhpháirtithe go léir, oibríonn an clár Grass10 go dlúth le Rannóg Eolaíochta Féaraigh Teagasc.

Ba é príomhchuspóir an Fheachtais Grass10 deich dtonna féir DM / ha / bliain a úsáid thar dheich n-innilt in aghaidh na banraí ar fheirmeacha féaraigh in Éirinn.

Tábla 1: Líon na bhfeirmeacha déiríochta agus stoic thirim a bhfuil 20 tomhas féir nó níos mó curtha i gcrích acu ar PBI sa tréimhse 2016-2020.

Bliain	Feirmeacha déiríochta	Feirmeacha stoic thirim	Iomlán
2020	1623	116	1739
2019	1014	106	1120
2018	731	93	824
2017	739	70	809
2016	659	49	708

Léiríonn sonraí ó Shuirbhé Feirme Náisiúnta Teagasc gur tháinig méadú 0.3 tonna (7.7-8.0 tonna DM/ha) ar fheirmeacha déiríochta, agus d'fhan sé statach ag 5.9 tonna ar fheirmeacha stoic thirim le cúpla bliain anuas.

Freagraíonn sé sin do tháirgeadh féir bliantúil de 10.7 agus 7.9 tonna DM/ha faoi seach ar fheirmeacha déiríochta agus stoic thirim in 2019. Ar fheirmeacha déiríochta ina n-úsáidtear PBI, fásadh 13.6 tonna d'fhéar DM/ha ar an meán in 2019. Tugann sé seo le fios go bhfuil cumas suntasach ann fós níos mó féir a fhás ar an meánfheirm dhéiríochta. Tháinig feabhas suntasach ar thorthúlacht na hithreach thar an tréimhse chomh maith le thart ar 20% de shamplaí ithreach a tástáladh anois ag an torthúlacht ithreach is fearr i gcomparáid le 10% ag tús an fheachtais Grass10.



John Douglas ó Chlár Grass10 Teagasc, an feirmeoir Seamus Sweeney agus a chomhairleoir áitiúil Teagasc, Martin Doyle

Fás Féir a Réamh-mheas

"Ó 2018 i leith, baineadh úsáid as samhail MoSt GG chun fás féir a réamh-mheas ar an bhfeirm," dar le Elodie Ruelle, oifigeach taighde i Teagasc na Cloiche Léithe. "Baineadh úsáid as 30 feirm ar dtús nuair a réamh-mheasadh an fás féir dá bhfeirm, tá sé seo tar éis méadú go 59, ar feirmeacha tráchtála iad den chuid is mó."

"Reachtáiltear na réamh-mheastacháin uair sa tseachtain ar an Máirt agus ar an Aoine, seoltar réamh-mheas na hAoine go díreach chuig Met Éireann le cur i láthair gach Domhnach ar theilifís Náisiúnta na hÉireann, RTÉ 1 le linn 'Réamhaisnéis na Feirmeoireachta' (sa phictiúr thíos), chomh maith le cuntas twitter Met Éireann."



MUCA

Seachtain Fhíorúil na Muc

D'óstáil Rannóg Forbartha Muc Teagasc Seachtain Fhíorúil na Muc i mí Dheireadh Fómhair 2020, le seimineáir ghréasáin idirghníomhacha beo thar cheithre lá. Chonacthas sa tseachtain: Turas fíorúil ar Shaoráid Taighde Muc na Cloiche Léithe; príomhchleachtais riarta sa táirgeadh muc; cuairt fheirm fíorúil ar fheirm fhorásach muc a dhíríonn ar bhithshlándáil agus ar fhoinsí malartacha fuinnimh; agus seimineár gréasáin leis an Dr. Scott Dee ó Pipestone Veterinary Services in Minnesota ar Ról na gComhábhar Beatha i dTarchur Galar. Bhí seisiún ceisteanna agus freagraí le painéal beo ann gach lá.



Ciarán Carroll, Emer McCrum, Aisling Holmes agus Tomás Ryan, ar Lá a hAon de Sheachtain Fhíorúil na Muc 2020: Turas Fíorúil ar Áis Taighde Muc Teagasc na Cloiche Léithe.

Let's Talk Pigs

Reachtáladh Sraith Seimineáir Ghréasáin Let's Talk Pigs gach re Aoine ar feadh sé eagrán idir Meitheamh agus Meán Fómhair. I measc na n-ábhar a clúdaíodh bhí Éirí Barainneach; an bhithshlándáil; dul chun cinn i gcothú muc coisceora; muca a thógáil le heireabaill shlána; úsáid & laghdú antaibheathach; agus bainne forlíontach sa seomra beirthe banbh.

Podchraoladh The Pig Edge



Seoladh Podchraoladh The Pig Edge in 2020 agus ghnóthaigh sé breis agus 2,000 éisteacht ó Aibreán go Nollaig. Thug an seó cuireadh d'aichainteoir difriúil do gach eagrán chun nuacht, eolas agus comhairle

feirmeoireachta muc a phlé, idir fhiabhras afracach na muc agus chostais fuinnimh ar an bhfeirm. Liostaíodh The Pig Edge ag uimhir a sé

sna podchraoltaí molta ag Feedspot.com "Top 15 Swine Industry Podcasts You Must Follow in 2021 (Na 15 Phodchraoladh is Fearr i dTionscal na Muc nach Mór duit a leanúint in 2021)". Bíonn eagrán nua ar fáil ar bhonn míosúil.

Físeáin agus Bileoga Eolais na Sraithe Scileanna


Thosaigh an Rannóg Forbartha Muc ag taifeadh na Sraithe Scileanna in 2020, sraith físeáin faisnéise agus bileoga eolais a díriodh ar chleachtais bhunriachtanacha i dtáirgeadh muc.



Léiríonn John Condon agus Aisling Holmes dea-chleachtas don chlibeáil cluaise ar mhuca i bhfíseáin na sraithe scileanna.

Póstaeir agus Grafaicí Faisnéise

Chuir an Rannóg Forbartha Muc ábhar faisnéiseach le chéile i bhfoirm póstaer agus grafaicí faisnéise in 2020, a chlúdaigh réimse ábhair spéise don earnáil.



Grafaic faisnéise ag an Rannóg Forbartha Muc. Leitheadúlacht an ghalair ar fheirmeacha muc na hÉireann, agus a dtionchar ar tháirgeadh.

Buaiteoirí EU PiG

Is tionscadal arna mhaoiniú ag Fís 2020 é PiG AE le Grúpa Nuálaíochta Muc na hEorpa, lena mbaineann líonra 19 n-eagras ó 13 thír AE. Tá sé mar aidhm ag PiG AE iomaíochas tionscal muc na hEorpa a mhéadú trí tháirgeoirí a nascadh agus na dea-chleachtais agus na nuálaíochtaí a chomhroinnt.

I measc téamaí an tionscadail bhí: Bainistiú Sláinte, Caighdeán Feola, Leas Ainmhithe agus Táirgeadh Beachtais agus baineann dhá dhúshlán in aghaidh na bliana le gach téama. Aithnítear an dea-chleachtas trí Grand Prix PiG an AE, comórtas bliantúil ar fud an Aontais Eorpaigh, le níos mó ná 300 táirgeoir san iomaíocht le bheith ar cheann d'ochtair Ambasadóirí PiG an AE, trína gcuid smaointe agus dea-chleachtas a chomhroinnt.

Bhí beirt bhuaiteoirí ag Éirinn in 2020, ceann amháin ar úsáid Na bPrionsabal Bainistíochta Barainní sa rannóg Táirgeadh Beachtais agus ceann eile in úsáid sonraí maraithe chun sláinte muc a fheabhsú sa rannóg Bainistíochta Sláinte.

CURAÍOCHT

Tréithriú Víreas

I staidéar a foilsíodh mar chuid de thionscadal SCOPE arna mhaoiniú ag RTBM, sonraítear an chéad tréithriú iomlán de líonta víreas prátaí Y i ngoirt tráchtála na hÉireann. Soláthraítear leis an obair bonn eolais tábhachtach do RTBM agus Teagasc maidir le straitéisí bainistíochta galar reata/amach anseo agus leagtar béim ar an bpoitéinseal a bhaineann le seicheamhú Minlon iniompartha chun ceisteanna bunúsacha eipidéimeolaíocha a fhreagairt ar éagsúlacht PVY. Is faisnéis chriticiúil í sin a bheidh ag teastáil chun tacú le táirgeadh síolta prátaí a leathnú in Éirinn.

Aip Ghréasáin Faisnéise Barr

Tá Faisnéis Barr Teagasc ina foilseachán tábhachtach tionscail le 30 bliain anuas. Tugtar le chéile ann taighde Éireannach agus ábhartha eile agus an dea-chleachtas ar an bhfeirm, chun straitéisí a chur le chéile le haghaidh feirmeoireachta barr i rith na bliana.

Bhí ciall a bhaint as an eolas ábhalmhór san Fhaisnéis Barr ag éirí ina fadhb go háirithe dóibh siúd a bhfuil gléasanna digiteacha acu. Ba é an réiteach a ceapadh aip ghréasáin a fhorbairt chun faisnéis a chomhdhlúthú agus a bheith so-aimsithe.

Ós rud é gur foilseachán 'íochta' í an Fhaisnéis Barr agus go bhfuil an balla íocaíochta iontógtha san aip nua. In 2020 bhí beagnach 2,200 úsáideoir ag an aip Faisnéis Barr, a chlúdaigh 7,000 seisiún, 35,000 amharc leathanaigh ag beagnach cúig nóiméad in aghaidh an tseisiúin (ón seoladh i mí an Mhárta 2020- Eanáir 2021), rud atá thar a bheith maith d'fhoilseachán saincheaptha mar seo.

Leathadh Beacht na Leasachán

D'oibrigh Teagasc, i gcomhar leis an Fertilizer Association of Ireland, Monaróirí Leatóirí Leasachán agus Cumann Conraitheoirí Talmhaíochta Feirme le cúig bliana anuas chun a chinntiú go leatar leasacháin cheimiceacha chomh beacht agus is féidir.

Gach bliain, díritear ar dhobharcheantar réigiúnach chun oiliúint a chur ar chonraitheoirí feirme agus ar a gcomhairleoirí a sholáthraíonn comhairle leasacháin agus seirbhís leata d'fheirmeoirí. Mar shampla, in 2020 ba é Coláiste Talmhaíochta an Ghoirtín an áit le haghaidh imeacht Leathadh Beacht na Leasachán.

Tugtar le chéile sna himeachtaí seo príomhshaineolaithe in Teagasc (taighdeoirí, comhairleoirí agus speisialtóirí) agus sa tionscal chun eolas agus saineolas a roinnt lena chinntiú go leatar cothaithe ag an ráta ceart, ag an am agus san áit cheart agus an comhshaol a chosaint ag an am céanna.

Cinnfhearainn Ghort

Ciallaíonn méid chuibheasach bheag na bpáirceanna in Éirinn gur achair thábhachtacha don táirgeadh iad na cinnfhearainn. Léiríodh ó shuirbhé ar 40 suíomh goirte gur bhain lagduithe toraidh suas le 44% ar chinnfhearainn. Cé go raibh tionchar ag innealra ag casadh ar chinnfhearainn ar struchtúr na hithreach, chuir leathadh leasacháin míchothrom leis freisin, le héagsúlacht mhór leata ar fud na gcinnfhearainn. Cuideoidh aghaidh a thabhairt ar an gcaoi a n-úsáidimid innealra le cosaint ár gcinnfhearainn.

Aip Goirt Spásúil do Shuirbhéireacht ar Fhailí Curaíochta

Is comhshaothrú mór de chuid Chlár Aistrithe Eolais agus Taighde Teagasc é an tionscadal Enable Conservation Tillage (ECT)(Cumasú na Curaíochta Caomhantais) a dhírítear ar chleachtais Churaíochta Caomhantais. Rinne foireann an tionscadail suirbhé ar 135 feirmeoir curaíochta ar fud an tionscail i mbliana. Trí theicneolaíocht na gCóras Faisnéise Geografach (CFG) a úsáid, d'fhorbair an tAonad Anailíse Spásúla i gClár Geilleagair agus Forbartha Tuaithe Teagasc Aip mhóibíleach-bhunaithe chun taifeadadh díreach sonraí a dhéanamh ar fhaisnéis na mbarr sa ghort. Chuir an aip goirt ar chumas úsáideoirí iolracha faisnéis faoi bharra gan pháipéar shuíomhbhunaithe a bhailiú go héifeachtúil agus go cruinn ar fud an tséasúir, agus beifear in ann dul siar go cruinn ar láithreacha samplacha sa séasúr goirt leantach in 2021.

GAIRNEOIREACHT

Ganntanas Saothair

D'fhorbair rannóg forbartha gairneoireachta Teagasc tairseach ar líne mar chuid d'fheachtas earcaíochta náisiúnta agus é mar aidhm aici líon mór oibrithe sealadacha a earcú don earnáil ghairneoireachta ón mBeochlár in Éirinn. Is iad sin an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS) a bhí i gceannas ar an bhfeachtas sin, le tacaíocht ó RTBM, Teagasc, agus ón IFA.

Cumarsáid Gairneoireachta

Forbraíodh líon mór ábhar/cumarsáide do láithreán gréasáin Teagasc lena n-áirítear nuachtlitreacha, bileoga eolais, treoracha, agus nótaí teicniúla ginearálta agus faisnéis ghinearálta. Cuireadh príomhfhoilseacháin maidir le planáil theagmhasach COVID-19 ar fáil don tionscal tríd an rannán tiomnaithe COVID-19 den láithreán gréasáin.

Thug sainchomhairleoirí faoi líon suntasach comhairliúchán ar líne, a tháinig in ionad cuairteanna ar shaothróirí. Soláthraíodh go leor imeachtaí KT ar líne, lena n-áirítear sraith seimineáir ghréasáin theicniúla do na hearnálacha glasraí, torthaí, stoic phlandlainne agus beacán.

Sábháilteacht Bia

In 2020 fuair Teagasc maoiniú RTBM mar chuid den tionscadal HortAssure, chomh maith le maoiniú ón scéim WF do mhac léinn PhD cheithre bliana chun oibriú ar Shábháilteacht Bia Gairneoireachta. Fuair Teagasc maoiniú freisin tríd an scéim Agri ICT ERANET do mhac léinn PhD cheithre bliana chun córais mhonatóireachta barr uathoibríocha a fhorbairt (ag díriú ar lotnaidí is feithidí) agus tionscadal Scoláireachta Walsh le hOllscoil Harper Adams chun córais cheaptha i ngaiste a fhorbairt do ghobacháin fhásta.

Baint Róbatach

Fuair Rannóg Forbartha Gairneoireachta Teagasc maoiniú faoi Fhís 2020 do thionscadal Softgrip le cuibhreannas teicniúil chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmiúlacht éifeachtúlacht ladhair róbataigh le haghaidh baint beacán. Ina theannta sin, mheall an rannóg tacaíocht inmheánach tionscadail chun scrúdú a dhéanamh ar roghanna malartacha don mhóin le haghaidh cásáil beacán.


Duilliúr Gearrtha

D'fhorbair an tionscadal Duilleoga Nua a chríochnaigh i mí na Nollag 2020 cineálacha nua plandaí agus uirlisí iomadaithe don earnáil ghearrtha duilliúr tráchtála. Is díol spéise ar leith iad línte nua polaplóideacha de na speicis Niamhscotha. Tá gais níos téagartha, duilleoga níos mó agus níos lú bláthanna ag na línte seo - tréithe a mbaineann tábhacht leo maidir le duilliúr gearrtha.

Forbraíodh prótacail mhicri-iomadaithe freisin le haghaidh speicis Eocalaípe ar deacair iad a iomadú. agus le haghaidh *Viburnum tinus* 'Purpureum' rud a chiallaíonn gur féidir plandaí aonair ardchaighdeán scothaicme a tháirgeadh go rathúil ar an mórchoír.

SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEACHA (SPRIOCANNA GNÓ)

Spriocanna Comhairleacha Teagasc




■ Dul chun cinn go dtí an 31/12/20


■ Beartaithe do 2020



Líon Comhairleoirí Teagasc



Gníomhaíochtaí Teagasc



*Is féidir tionchar na srianta COVID-19 a bhrath go suntasach anseo.

OIDEACHAS

Choinnigh Teagasc le soláthar a chláir oideachais in 2020 in ainneoin an tionchair mhóir ó COVID-19. Chuaigh an eagraíocht in oiriúint do mhúnla soláthair hibrídeach a chomhcheanglaíonn soláthar duine le duine agus cianda laistigh de na paraiméadair threorach náisiúnta atá leagtha amach d'institiúidí oideachais faoi na bearta COVID-19 Leibhéal 1 go 5. Ba é an príomhfhócas sábháilteacht na bhfoghlaimoirí agus na foirne a áirithiú.

Cuireadh plean bainistíochta COVID-19 Teagasc i bhfeidhm ar fud gach láthair soláthair Teagasc. Choinnigh Teagasc sceidil chríochnaithe agus dheimhnithe QQI dá chlár lánaimseartha 2019/2020. Cuireadh tús le clár don bhliain 2020/2021 de réir an sceidil i Meán Fómhair 2020. Mar an gcéanna, choinnigh Teagasc soláthar dá chlár oideachais pháirtaimseartha agus chian-oideachais don Teastas Glas le cúrsaí ag tosú i gcónaí agus á gcur i gcrích ar bhonn rollach.

Thug Teagasc bearta tacaíochta COVID-19 isteach d'fhoghlaimoirí lánaimseartha Teagasc i gcomhréir leis na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil d'fhoghlaimoirí lánaimseartha ar fud na hearnála oideachais i gcoitinne.

I measc na dtacaíochtaí seo bhí breisiú deontais cothabhála nó lacáiste coibhéiseach ar tháillí cúrsa agus scéim ríomhaire glúine d'fhoghlaimoirí atá i mbaol a bheith faoi mhíbhuntáiste digiteach. Mar a chéile le gach soláthraí oideachais, tháinig dúshlán chun

cinn maidir le ciansoláthar, go háirithe maidir le rannpháirtíocht foghlaimoirí agus nascacht dhigiteach.

Mar sin féin, tá sé cruthaithe go bhfuil paindéim COVID-19 ina pointe claochlaithe buan chun dlús a chur le glacadh forleathan na gcur chuige foghlama cumaiscthe ar fud soláthair oideachais Teagasc.

In ainneoin COVID-19, b'ionann líon na rolluithe foriomlána do 2020 ar fud chlár lánaimseartha, pháirtaimseartha agus chian-oideachais Teagasc Leibhéal 5 agus 6, agus clár ardoideachais nasctha le Teagasc agus thart ar 2,700, beagán os cionn na leibhéil don 2019. Lean an t-éileamh de bheith cuibheasach láidir d'oideachas Teastais Ghlais d'aoisigh Teagasc.

Chláraigh Teagasc thart ar 6,500 foghlaimoir thar a chlár pháirtaimseartha agus chian-oideachais don tréimhse 2016 go 2020 le meán-iontógáil bhliantúil de thart ar 1,300 rollú do na cúrsaí seo. Éascaíodh don leibhéal rollaithe eisceachtúil sin le ceadú ó RTBM do 97 post Teagasc d'oifigeach oideachais sealadach ar bhonn conradh dhá bhliain agus seacht bpost riaracháin oideachais shealadacha thar an tréimhse idir 2014 agus 2019.

Táthar ag tuar go leanfaidh an t-éileamh láidir ar na cúrsaí Teagasc seo ar aghaidh mar gheall ar an ngá atá le cáilíocht an Teastais Ghlais do scéimeanna feirme agus do bhearta airgeadais atá dírithe ar fheirmeoirí óga, nó mar gheall ar an mbuntáiste a bhaineann leo.

BIA

An Mol Náisiúnta Nuálaíochta Bia

Is áis nua de scoth domhanda é an Mol Náisiúnta Nuálaíochta Bia a ligfidh do chuideachtaí (náisiúnta nó idirnáisiúnta, déiríochta agus neamh-dhéiríochta) saotharlanna agus oifigí ardchaighdeán a fháil ar cíos chun a bhfoirne Taighde agus Forbartha (T&D) féin a lonnú laistigh d'Ionad Taighde Teagasc na Cloiche Léithe.



I láthair ag iompú an fhóid do Mhol Nuálaíochta Bia Náisiúnta nua dar luach €8.8 milliún ag Ionad Taighde Bia Teagasc, An Chloch Liath, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí inniu, Dé Luain, 13 Eanáir bhí: Michael Creed TD, An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus Liam Herlihy, Cathaoirleach Teagasc. Sa phictiúr freisin ó chlóg deas bhí: Gary Falconer, Ailtire, an Dr. Mark Fenelon, Ceann Chlár Taighde Bia Teagasc; An tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc; An tOllamh Ger Fitzgerald, Údarás Teagasc; Liam Woulfe, Údarás Teagasc agus an tOllamh Frank O' Mara, Stiúrthóir Taighde i Teagasc.

Comhoibreoidh na foirne sin le taighdeoirí Teagasc agus beidh rochtain acu ar threalamh saotharlainne úrscothach agus ar threoirshaoráid uasghrádaithe (infheistíocht €10 milliún) rí-nua-aimseartha Moorepark Technology Limited (MTL) in aice láimhe.

Cuibhreannas Seicheamhaithe Coróinvíris na hÉireann

Bhí taighdeoirí ó Teagasc na Cloiche Léithe i gceannas ar chuibhreannas náisiúnta eolaithe arna mhaoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann atá tiomnaithe do sheicheamhú athraitheach de SARS-CoV-2, an coróinvíreas is cúis le COVID-19.

Chuir an cuibhreannas seicheamhú ar RNA na víreas atá aonraithe ó othair ag a raibh ionfhabhtuithe COVID-19 deimhnithe ag saotharlann. Comhroinneadh na sonraí seicheamhaithe leis na hospidéal, leis an tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris agus leis an bpobal i gcoitinne d'fhonn scaipeadh an víris isteach agus laistigh d'Éirinn a rianú agus aithint na sóchán a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar a tharchur agus a chóireáil.

Mór-Chomhoibriú ar Shláinte Naíonán

Seoladh tionscadal taighde MiMIC, comhoibriú cheithre bliana dar luach €6.3 milliún, idir Ionad Taighde SFI APC Microbiome Ireland (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Teagasc na Cloiche Léithe) agus DuPont Nutrition and Biosciences in Washington DC in 2020. Beidh sé mar aidhm ag an tionscadal MiMIC réitigh micribhithóm-bhunaithe a fhorbairt chun cabhrú le micribhithóm sláintiúil a bhunú sa saol luath chun sláinte fhadtéarmach daoine aonair a éascú. Ceadúnaíodh an tréithchineál próibhitheach paitinnithe *Lactobacillus brevis* DPC6108 ón mbailiúchán saothrán ag Teagasc na Cloiche Léithe chuig DuPont in 2020, agus seolfar é ar mhargadh na Stát Aontaithe in 2021.

Sláinte na Bacainne Putóige

Tá Teagasc tar éis a ghníomhaíocht taighde a leathnú i sláinte na bacainne putóige do chéimeanna éagsúla saoil. Is é príomhfhócas na gníomhaíochta sin conas is féidir le díleá an bhia sláinte na bacainne putóige a fheabhsú. Léirítear ceannaireacht Teagasc sa réimse sin trí nochtadh aireagáin 2020; an príomhról a fheidhmíonn eolaithe Teagasc sa líonra idirnáisiúnta INFOGEST; tairiscint rathúil Teagasc an 7ú comhdháil idirnáisiúnta maidir le díleá

bia a óstáil i gCorcaigh in 2022; comhaontuithe taighde tionscail le déanaí agus maoiniú poiblí (Éireannach agus AE) a fháil.

Aclaíocht agus Micribhithóm na Putóige

Rinne taighdeoirí ag Teagasc na Cloiche Léithe imscrúdú ar na tionchair fhadaimseartha a bhaineann le folláine mhicribhithóm na putóige. Léirigh an anailís dhomhain seo ar rannpháirtithe a thugann faoi dhianphlean aclaíochta, gur tháinig feabhsú ar éagsúlacht miocróbach na putóige de réir mar a tháinig feabhsú ar aclaíocht, ar táscaire sláinte é.

I staidéar ar leithligh, rinne OlympicMet staidéar ar fhoireann na hÉireann do na Cluichí Oilimpeacha ar an mbóthar go Rio 2016. Léiríodh sa staidéar go mbíonn éagsúlachtaí idir micribhithóm na putóige ag brath ar an gcineál spóirt. Is céim iad na staidéir shuntasacha seo i dtreo leas a bhaint as anailís mhicribhithóm do chláir chothaithe agus oiliúna phearsantaithe.

Painéil Chéadfacha do Mheastóireachtaí Géiniteacha Náisiúnta ar Cháilíocht Itheacháin Mairteola

Tá cáilíocht na mairteola nasctha go láidir le saintréithe céadfacha a bhraitear amhail boige, súmhaireacht agus blas. Mar chuid de thionscadal Meat Technology Ireland (MTI), cuireadh oiliúint ar phainéal céadfach in Teagasc Bhaile an Ásaigh ag baint úsáide as teicnící anailíse tuairisciúla chun difríochtaí beaga i saintréithe cáilíochta feola i samplaí mairteola úra a bhrath agus cur síos a dhéanamh orthu.

Táthar tar éis an bunachar sonraí feola céadfach is mó a ghiniúint ar bhonn domhanda ar ainmhithe géintíopaithe. As na torthaí fuarthas amach gur féidir athrú de thart ar 15% i mboige feola a chur i leith na géinitice. D'úsáid Cónaidhm Phóru Eallaigh na hÉireann (ICBF) na torthaí seo chun Innéacs Cáilíochta Itheacháin Mairteola a fhorbairt.

Tionscadal Uisce Beatha/Terroir

D'fhoilsigh taighdeoirí Teagasc, i gcomhar le Drioglann Phort Láirge agus Ollscoil Stáit Oregon, staidéar ceannródaíoch ina gcruthaítear go bhféadfaí coincheap "Terror" a chur i bhfeidhm ar tháirgeadh uisce beatha aon bhraiche.

Is ionann terroir agus an tacar fachtóirí comhshaoil a théann i bhfeidhm ar fhéinitíopa barr, comhthéacsanna timpeallachta uathúla agus cleachtais feirmeoireachta, nuair a fhástar an barr i ngnáthóg ar leith. Fuair an staidéar amach go raibh tionchar ag an gcineál eorna, timpeallacht gheografach agus idirghníomhaíocht idir cineál agus timpeallacht gheografach ar charachtar céadfach na biotáille 'nuadhéanta', le tréithe céadfacha torthaí géara agus úra a ndeachaigh gach fachtóir i bhfeidhm orthu (cineál, timpeallacht agus séasúr).

Cumas Phacáistithe Nua

Tá infheistíocht shuntasach déanta ag Teagasc i dtrealamh úrscothach chun gnáthábhair phacáistithe bia agus ábhair phacáistithe bia nua a fhorbairt, a thástáil agus a bhailíochtú. Mhaoinigh RTBM an infheistíocht seo mar chuid d'fhorbairt an Ionaí Náisiúnta Bia Ullmhaithe do Thomhaltóirí in Teagasc Bhaile an Ásaigh. Tacaíonn saineolas intí, agus líonra comhoibrithe méadaitheach, le taighde agus forbairt chriticiúil sa réimse seo, go háirithe maidir le hinbhuanaitheacht agus seilfré.

Oiliúint agus Seimineáir Ghréasáin do Thionscal an Bhia Fhíorúil

Sheol Teagasc sraith seimineáir ghréasáin agus cúrsaí oiliúna fíorúla, a forbraíodh go sonrach do thionscal bia na hÉireann, agus iad ag súil le srianta leanúnacha COVID-19 le linn 2020. Chlúdaigh na seimineáir ghréasáin raon ábhar feidhmeach amhail forbairt táirgí bia, pacáistiú agus eolaíocht chéadfach agus ábhair níos núíosáil amhail feithidí mar fhoinsé próitéine atá ag teacht chun cinn agus íomháu a úsáid mar uirlis chun staidéar a dhéanamh ar struchtúr bia.

Próifílí foirne



Zerlina Pratt, Teagasc Chill an Dátúnaigh.

Bhain Zerlina céim BAgSc amach in Eolaíocht Ainmhithe ó COBÁC thiar in 2013. Ansin bhain sí céim Mháistreachta amach i dTaighde Tacaíochta Nuálaíochta Talmhaíochta i gcomhar le COBÁC agus Teagasc. In 2014 thosaigh sí a gairmréim mar mhúinteoir talmhaíochta i gColáiste Talmhaíochta Chill an Dátúnaigh ag múineadh mic léinn Cianoideachais agus Pháirtaimseartha freisin. Ó 2015 i leith tá sí ag múineadh mic léinn talmhaíochta lánaimseartha Leibhéal 5 agus Leibhéal 6 i gColáiste Talmhaíochta Chill an Dátúnaigh. Teagascann sí modúil déiríochta freisin do mhic léinn talmhaíochta agus eolaíochta talmhaíochta ó WIT.

Is bainisteoir fiontair í ar an bhfiontar déiríochta sa choláiste. Is ise freisin a chomhordaíonn na cúrsaí Iompar Beostoic, Iompar Ainmhithe Beaga agus Iompar Éanlaithe Clóis don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) i Réigiún Theas na hÉireann.



Sprioc 2

Tacaíocht a sholáthar d'fheirmeoireacht inbhuanaithe agus don chomhshaol

INBHUANAITHEACTH

Faireachlann Náisiúnta Carbóin Ithreach Talmhaíochta

Thug RTBM maoiniú in 2020 chun Faireachlann Náisiúnta Carbóin Ithreach Talmhaíochta (FNCIT) a bhunú. Is éard a bheidh san ardán sin sraith túir mhonatóireachta um fhlosc dé-ocsaíde carbóin a bhfuiltear á mbunú ag láithreáin mhonatóireachta thagarmharcála fhadtéarmacha d'fhonn a) acmhainn ceaptha carbóin féaraigh agus talún barr a mheasúnú, b) tionchar na gcleachtas bainistíochta ar cheapadh carbóin a mheasúnú, agus c) tionchar draenála agus athfhliuchta ar ithreacha móna a chainníochtú.

Guimseofar dhá cheann de na láithreáin FNCIT i gCóras Comhtháite Breathnóireachta Carbóin AE (CCBC). Comhtháthófar roinnt láithreán FNCIT leis na Cláir Signpost maidir le Feirmeacha agus Dobharcheantair Talmhaíochta araon. Bunófar leis an ardán saotharlanna beo ina ndéanfar meastóireacht iomlánaíoch ar thionchar an athfhliuchta ar gháis cheaptha teasa, bithéagsúlacht, cáilíocht an uisce agus tuilte. Úsáidfear na sonraí sin ó FNCIT chun samhlacha carbóin ithreach a bhailíochtú agus chun cleachtais bhainistíochta a áireamh i bhfardail náisiúnta gháis cheaptha teasa.

Laghdaíonn Torthúlacht Ithreach Fheabhsaithe Astuithe Gáis Cheaptha Teasa

Tá eolas ann leis na deiceanna blianta ar an tionchar a bhain le feabhsú na leibhéal pH ithreach agus fosfair ar tháirgeadh féir agus barr; agus tá feirmeoirí tar éis torthúlacht na hithreach a bharrfheabhsú chun táirgiúlacht a fheabhsú. Táthar tar éis a fháil amach ón taighde a rinneadh ar thurgnaimh fhadtéarmacha maidir le fosfar agus aoladh go bhfuil baint dhíreach acu le hastú an gháis cheaptha teasa láidir ocsaíd nítriúil (N_2O).

Foilsíodh dhá pháipéar thábhachtacha ina dtaispeántar go laghdaítear astuithe ocsaíde nítriúla de réir mar a mhéadaítear pH na hithreach agus fosfar na hithreach. Is féidir leis an dá thoradh nua seo rannchuidiú a thuilleadh le hastaíochtaí gháis cheaptha teasa a laghdú agus lorg carbóin táirgí talmhaíochta na hÉireann a fheabhsú.

Cuar Costais an Laghdaithe Imeallaigh

I mí Mheán Fómhair 2020, d'fhoilsigh Teagasc cuar costais laghdaithe imeallaigh don amóinia (CCLI) darbh ainm "Anailís ar Chostas Laghdaithe na nAstuithe Amóinia i dTalmhaíocht na hÉireann go 2030". Rinneadh meastachán ann ar an bhféidearthacht astaíochtaí amóinia ó talmhaíocht agus an costas gaolmhar a laghdú, agus soláthraíodh tagarmharc úsáideach leis agus tugadh achoimre ann ar bhealaí do thionscal na talmhaíochta chun spriocanna inbhuanaitheachta a bhaint amach.

Scilbhisiú Feirmeoirí

Bhain go leor dúshlán leis an mbliain 2020, go háirithe scilbhisiú na bhfeirmeoirí ar shaincheisteanna inbhuanaitheachta. Tá 6,500 feirmeoir in Éirinn a dhéanann iarratas in aghaidh na bliana ar mhaolú d'fheirmeoireacht os cionn 170 kg NpH suas go 250 kg NpH. Caithfidh an cohórt feirmeoirí sin freastal ar chúrsa oiliúna chun na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le maolú a chomhlíonadh.


Is éard atá san oiliúint modúil ina bpléitear Éifeachtúlacht Úsáid Cothaitheach, Feirmeoireacht Inbhuanaithe i Maolú (Cáilíocht Uisce, Astaíochtaí Gásacha agus Bithéagsúlacht), agus Bainistíocht Féaraigh. Chuir speisialtóirí agus comhairleoirí aistrithe eolais Teagasc oiliúint mhodúlach idirghníomhach ar fáil do 3,000 de na feirmeoirí sin in 2020, a raibh níos mó ná 100 cúrsa bainteach leo, thar an ardán ar líne Zoom.

Meascáin Il-Speiceas le haghaidh Táirgeadh Féaraigh Faoi Choinníollacha Nítrigine Ísle

Taispeántar sna turgnaimh cheapaí ar mheascáin il-speiceas ag 150 kg ha⁻¹ yr⁻¹ de nítrigin neamhorgánach i gCaisleán Bhaile Sheáin go sáraíonn siad go comhsheasmhach na monashaothruithe den seagalach ilbhliantúil ó thaobh táirgeachta de suas go 300 kg ha⁻¹ yr⁻¹ de nítrigin. Mar sin, de réir na gcoinníollacha sin, bhaineamar táirgeacht níos airde ó níos lú ionchur. Rinneadh an chuid is mó de na turgnaimh faoi mheascáin faoi dhálaí gearrtha (ionsamhlú na hinnilte). Ag Teagasc Chaisleán Bhaile Sheáin, tá taighdeoirí anois ag déanamh comparáide idir meascáin il-speiceas de nítrigin níos ísle agus bainseacha idir sheamair agus seagalach de nítrigin níos airde i gcórais innilte ar ár bhfeirm déiríochta agus mairteola le hionchuir leasacháin nítrigine <100 kg ha⁻¹. Tá taighde comhlántach ar siúl freisin ag Teagasc na Cloiche Léithe.

Íocaíochtaí Bunaithe ar Thorthaí do Chuspóirí Comhshaoil

Cuireann íocaíochtaí bunaithe ar thorthaí íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht ar fáil d'fheirmeoirí chun cuspóirí comhshaoil comhaontaithe a ghnóthú e.g. speicis tháscacha a chosaint, cáilíocht fheabhsaithe gnáthóige, sláinte ithreach, agus cáilíocht uisce. Leagtar béim i leabhar a d'fhoilsigh Teagasc agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra in 2020 ar roinnt cás-staidéar Éireannach maidir le híocaíochtaí bunaithe ar thorthaí do chaomhnú na bithéagsúlachta. Tugtar sonraí ann maidir le pleananna feirme, bileoga scórála, meicníochtaí rialachais, ról na seirbhísí comhairleacha, roghnú na dtáscairí, agus torthaí monatóireachta.



FARM_ECOS

Leagadh béim níos mó i Straitéis an Aontais Eorpaigh "ón bhfeirm go dtí an forc" ar chaighdeán na ngnáthóg talaimh feirme a fheabhsú. Cuireann cuir chuige bunaithe ar thorthaí íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht ar fáil d'fheirmeoirí chun cuspóirí comhshaoil a sheachadadh (e.g. cáilíocht gnáthóige). Tá gá le modhanna láidre measúnaithe cáilíochta chun tacú le cuir chuige bunaithe ar thoradh.

Táthar tar éis scórchláir mheasúnaithe cáilíochta a fhorbairt i dtionscadal FARM_ECOS i leith príomhghnáthóga talaimh feirme. Tá aistrialla de na scórchártaí á n-úsáid ag roinnt Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta Eorpacha. D'fhéadfadh na scórchártaí tacú le tionscnaimh nua beartais amhail an Treoirthionscadal Agra-Chomhshaoil Torthaí-Bhunaithe atá beartaithe.

Aip Goirt Spásúil do Shuirbhéireacht ar Fhailí Curaíochta

Is comhshaothrú mór de chuid Chlár Aistrithe Eolais agus Taighde Teagasc é an tionscadal Enable Conservation Tillage (ECT)(Cumasú na Curaíochta Caomhantais) a dhírítear ar chleachtais Churaíochta Caomhantais. Rinne foireann an tionscadail suirbhé ar 135 feirmeoir curaíochta ar fud an tionscail i mbliana.

Trí theicneolaíocht na gCóras Faisnéise Geografach (GIS) a úsáid, d'fhorbair an tAonad Anailíse Spásúla i gClár Geilleagair agus Forbartha Tuaithe Teagasc Aip mhóibíleach-bhunaithe chun taifeadadh díreach sonraí a dhéanamh ar fhaisnéis na mbarr sa ghort. Chuir an aip goirt ar chumas úsáideoirí iomadúla faisnéis faoi bharra gan pháipéar shuíomhbhunaithe a bhailiú go héifeachtúil agus go cruinn ar fud an tséasúir, agus beifear in ann dul siar go cruinn ar láithreacha samplacha sa séasúr goirt leantach in 2021.

Oifigeach caomhantais

In 2018, chuir Teagasc tús le tionscadal aistrithe eolais agus taighde ar a dtugtar 'Cumasú na Curaíochta Caomhantais'. Dírítear sa tionscadal ar chleachtais Talmhaíochta Caomhantais sa tionscal curaíochta. Is tionscadal é seo arna mhaoiniú ag an gComhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach a oibríonn go dlúth le deich bhFeirm Fócais (agus grúpaí tionscail eile) ar fud na hÉireann a bhfuil córais bhunaithe barr éagsúla acu.

Faightear idir chórais bhunaithe ar threabhadh, churaíocht iomaire bháin, íoschuraíocht agus dhruileáil dhíreach. Dírítear sa tionscadal ar cheann de na príomhbhacainní a bhaineann le glacadh forleathan na gcóras Talmhaíochta Caomhantais, arb é scaipeadh agus rialú na bhfiailí féir é.



Léiríodh sraith fiseán ar aithint na bhfiailí féir chun cabhrú leis an tionscal na fiailí achrannacha sin a aithint. Rinneadh suirbhé mór ar shaothróirí freisin sa tionscadal ar fud na bpríomhcheantar curaíochta le meastóireacht a dhéanamh ar eolas feirmeoirí chun leibhéil na bhfiailí féir a aithint agus a mheasúnú ar fheirmeacha, fiailí féir a shampláil go fisiciúil agus iad a scagadh i gcomhair frithsheasmhacht in aghaidh luibhicídí agus meastóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann fachtóirí bainistíochta ar an bhfeirm i bhfeidhm ar líon na bhfiailí.

Tugann torthaí tosaigh na suirbhéanna le fios go bhfuil tuiscint réasúnta ann ar shaincheistean frithsheasmhachta in aghaidh luibhicídí ach roinnt éagsúlachta maidir leis an tuiscint agus an cleachtas seo sa ghort.

Aithníodh sa tionscadal roinnt coirce fiáin agus féir dhuibh atá frithsheasmhach in aghaidh luibhicídí, frithsheasmhacht in aghaidh luibhicídí atá ag teacht chun cinn i mbrómas steiriúil.

Seachtain na bhFálta Sceach

Sheol an tAire Hackett Seachtain Fálta Sceach Teagasc ar an 4 Nollaig. Bhí an ócáid le feiceáil ar Mooney Goes Wild ar Raidió RTÉ. I rith na seachtaine cuireadh 30 gné ar leithligh den dea-bhainistíocht fálta sceach in iúl trí seimineáir ghréasáin, ailt agus físeáin (a fuair 95,000 amharc).

Bhí rannpháirtíocht le conraitheoirí gearrtha fálta mar phríomhfhócas léi. D'athraigh conraitheoir gearrtha fálta sceach, Liam Herlihy, Fearann an Rí, Brú Rí, Contae Luimnigh a chleachtas gearrtha fálta in 2020. Ar mhaithe leis na héin agus leis an gcomhshaoil, d'athraigh sé ó ghearradh na bhfálta mar bharr cothrom go 'Díon A-chruthach', rud a fhágann go mbíonn fálta níos tibhe ann atá níos fearr don fhiadhúlra.

Dúirt Liam: "Déanta na fírinne is éasca agus is tapúla an fál a ghearradh mar fhána toisc gur féidir leat do mheaisín a rith ag uillinn 45 céim ar an dá thaobh agus bogadh ar aghaidh. Nuair a bhíonn tú ag gearradh fálta le barra cothroma, caithfidh tú iad a ghearradh agus dul thar iad dhá nó trí huaire chun iad a fháil deas agus réidh".

Dúirt Francis Quigley, Speisialtóir Innealra Teagasc: "Ní mór d'fheirmeoirí agus do chonraitheoirí cumarsáid a dhéanamh lena chéile chun an dearcadh atá ag feirmeoirí agus ag conraitheoirí ar fhál slachtmhar a athrú".

Tá pleananna bithéagsúlachta i bhfeidhm ar fheirmeacha uile Teagasc. Cuimsíonn gnáthóga reatha lena n-áirítear coillearnach, fálta sceach agus sruthchúrsaí thart ar 17% den cheantar ar an meán ar fheirmeacha Teagasc. Tá sé beartaithe 25 km a chur ar fheirmeacha Teagasc thar thréimhse chúig bliana agus corrlaigh fhéaracha a chruthú i ngóir churaíochta agus idir banracha féir freisin.



Speisialtóir comhshaoil Teagasc Catherine Keena, conraitheoir fálaithe, Tony Mullins, An Baile Beag, Baile Mhistéala, Contae Chorcaí agus a chomhairleoir Teagasc áitiúil.



Comhairleoirí CTCIT Clare Donovan ó Dairygold agus Lane Giles ó Teagasc in éineacht le John agus Jerry McCarthy a dhéanann feirmeoireacht laistigh d'Abhantrach na Ceachan.

Clár Tacaíochta agus Comhairleach um Inbhuanaitheacht na Talmhaíochta (CTCIT).

Oibríonn 30 comhairleoir CTCIT laistigh de struchtúr comhpháirtíochta aontaithe lena gcuimsítear Teagasc, na Comharchumainn agus LAWCO - Oifig Uisce agus Pobal na n-údarás áitiúil. Oibríonn na comhairleoirí inbhuanaitheachta ag obair le feirmeoirí chun cáilíocht an uisce a chosaint agus a fheabhsú.

Tá Réimse Tosaíochta na Ceachan um Ghníomhaíocht ar cheann de na chéad réimsí inar oibrigh foirne CTCIT. Is é an Cheacha an t-uisce uachtair go dtí Abhainn na Bandan agus baineann cuspóir 'Stádas Ard Uisce' leis. Tá cuid mhaith den chuid íochtarach den fho-dhobharcheantar suite freisin laistigh de Limistéar Caomhantais Speisialta, go príomha mar gheall ar an Diúilicín Péarla Fionnuisce atá i mbaol criticiúil a bheith i láthair.

Tá Innéacs Cleachtais Bhainistíochta Bithéagsúlachta (ICBB) nua de chuid Teagasc ag taispeáint d'fheirmeoirí cé chomh maith agus a scóráilann siad ar chleachtais bhainistíochta bithéagsúlachta. Baill de Phléghrúpa Thulach an Iarainn-na Leasa Móire-Chnoc an Óir in éineacht le mac léinn Chomhalta Walsh Teagasc Aoife Leader, comhairleoir Eamonn Lynch, agus an t-óstach Brian Ronayne.

Clár na nDobharcheantar Talmhaíochta

Cuireadh tús leis an gceathrú céim don Chlár Dobharcheantair Talmhaíochta in 2020, le sainchúram leathnaithe chun Astaíochtaí Gásacha agus Ceapadh Carbóin a chur san áireamh chomh maith le cáilíocht an uisce do na ceithre bliana amach romhainn. Earcaíodh foireann taighde agus theicniúil bhreise agus tá 22 ball foirne á bhfostú sa chlár anois. Coinníonn 300+ feirmeoir ó na sé dhobharcheantar staidéir orthu ag obair le Teagasc chun éifeachtúlacht na rialachán comhshaoil a mheas, rud a thacaíonn ar a sheal féin le faomhadh Mhaolú Níotráití na hÉireann.



Straitéisí Laghdaithe Meatáin

Tá obair Teagasc ag dul ar aghaidh ag stáisiún tástála feidhmíochta ICBF (An Tulaigh) maidir le hastaíochtaí meatáin agus éifeachtúlacht beatha a thomhas i líon mór eallaí mairteola trí roinnt tionscadal amhail RumenPredict (arna mhaoiniú ag ERA-GAS) agus MASTER (arna mhaoiniú ag Fís 2020 an Aontais Eorpaigh) leis an aidhm an nasc a bhunú idir micribhithóm na cogansaí, éifeachtúlacht beatha agus astaíochtaí meatáin, agus an ghéanómaíocht óstach.

Taispeántar sna réamhshonraí go bhfuil comhghaolú diúltach idir astaíochtaí meatáin eintrigh agus éifeachtúlacht beatha, rud a thugann fianaise go bhfuil eallach a tháirgeann leibhéal íseal meatáin níos éifeachtúla ó thaobh beatha de. Cuirfidh an obair seo le forbairt luachanna pórúcháin d'aschur íseal meatáin d'aithreacha mairteola agus déiríochta araon don tionscal eallaigh.

TACÚ LE FORBAIRT TALMHAÍOCHTA IDIRNÁISIÚNTA

an Eiritré

Cuireadh tús foirmiúil an 3 Feabhra 2020 le tionscadal arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach dar teideal 'Climate Smart Agriculture Research and Innovation Support for Dairy Value Chains in Eritrea (Taighde Talmhaíochta atá Cliste don Aeráid agus Tacaíocht Nuálaíocht do Shlabhraí Luacha Déiríochta san Eiritré)', le buiséad iomlán €4,250,000 (ranníocaíocht AE €4,000,000), agus mairfidh sé ar feadh tréimhse 52 mí.

Tá sé mar aidhm ag an gcuibhreannas idirnáisiúnta faoi stiúir Teagasc claochlú cuimsitheach, inbhuanaithe agus ábhartha ó thaobh na haeráide de ar shlabhra luacha déiríochta na hEiritré a chur chun cinn chun slándáil bia agus cothaithe a fheabhsú, bochtaineacht a laghdú, deiseanna fostaíochta a chruthú do dhaoine óga, agus athléimneacht i gcoinne an athraithe aeráide a chur chun cinn agus astaíochtaí gáis cheaptha teasa a mhaolú ag an am céanna.

Bhí drochthionchar ag ráig COVID-19 san Eiritré ar chur chun feidhme ar an láthair i rith na bliana. In ainneoin an chúlaithe seo, tá dul chun cinn maith déanta ag an bhfoireann tionscadail maidir le go leor de na príomhthacaíochtaí a theastaíonn chun tionscadail a sheachadadh san fhadtéarma a chur i bhfeidhm.

an Chéinia

Bhronn Rialtas na hÉireann maoiniú €1m ar Thaighde Cliste Aeráide agus Nuálaíocht d'Fhorbairt Beostoic sa Chéinia le béim ar dhéiríocht trína hambasáid sa Chéinia. Lean cuibhreannas Éireannach-Céiniach faoi stiúir Teagasc ar aghaidh ag obair ar an tionscadal seo le linn 2020. Rinne an fhoireann dul chun cinn maith maidir le clár taighde gníomhach a fhorbairt ag KALRO (Eagraíocht Taighde Talmhaíochta agus Beostoic na Céinia) ag díriú ar na teicneolaíochtaí le haghaidh córais foráiste feabhsaithe chun tacú le táirgeadh déiríochta atá cliste ó thaobh na haeráide de.

Bhunaigh an fhoireann tionscadail Aonad Tacaíochta Nuálaíochta ag KALRO agus tá eolas taighde á aistriú acu lena úsáid ag gníomhairí farisingithe agus ag feirmeoirí, agus ag tacú lena scaipeadh trí chúig nód for-rochtana (láithreáin thaispeána), atá nasctha le 18 bpríomhfheirmeoir.

an Tansáin

Tá Ambasáid na hÉireann sa Tansáin ag tacú le tionscadal dar teideal 'Greening the Dairy Value Chain in Tanzania (Glasú an tSlabhra Luacha Déiríochta sa Tansáin): Institutional Relationships and Innovations for Sustainable Milk Production 2021 to 2025' (Caidrimh Institiúideacha agus Nuálaíochtaí do Tháirgeadh Inbhuanaithe Bainne 2021 go 2025). Díríonn an tionscadal ar tháirgiúlacht sa déiríocht agus ar fhorbairt an tslabhra luacha déiríochta agus prionsabail an gheilleagair ghlais agus athléimneacht aeráide á gcur chun cinn ag an am céanna. Oibreoidh Teagasc ar dtús le hInstitiúid Taighde Beostoic na Tansáine (TALIRI - Tanzania Livestock Research Institute) chun an tionscadal a sheachadadh, a bhí le tosú go déanach in 2020, ach a gcuirfear tús leis anois in 2021.

Uganda

D'fhorbair ambasáid na hÉireann in Kampala Uganda togra agus plean ilbhliantúil do thionscadal comhpháirtíochta agus malartaithe eolais idir comhpháirtithe Éireannacha agus Ugandacha ar ábhar na Forbartha Beostoic Nuálaí agus Cliste ó thaobh na hAeráide de in Uganda.

Is iad na cuspóirí: feabhsuithe inbhuanaithe a chruthú i dtáirgeadh, táirgiúlacht, bainistiú agus sláinte eallaigh déiríochta agus mairteola; slabhraí luacha iomlána déiríochta agus mairteola a neartú; agus tacaíocht d'eolas institiúideach a threisiú do na hearnálacha. Ceanglaíodh ar chomhpháirtithe an tionscadail ar dtús tabhairt faoi shannadh dearaidh, a bhí sceidealta idir Meán Fómhair agus deireadh mhí na Nollag 2020, agus aontú leis an Ambasáid maidir le plean tionscadail agus buiséad deiridh, d'fhoillíodh é a chur i bhfeidhm idir 2021 agus 2025.

an Aetóip

Tá Teagasc ag páirtmhaoiniú triúir Scoláirí Walsh ar an tionscadal dar teideal 'Agricultural Fertility and Environmental Resources 'plus' (AFER+)(Torthúlacht Talmhaíochta agus Acmhainní Comhshaoil 'plus') i gcomhar le GIZ (Gníomhaireacht Cúnaimh na Gearmáine) agus Ollscoil Wageningen agus Taighde. Is é cuspóir an tionscadail AFER+ Uirlis Tacaíochta Cinntí fréamhshamhla (DST) a fhorbairt atá ábhartha d'fheirmeoirí ar ghabháiltais bheaga le haghaidh comhairle cothaitheach shonrach do bharra agus ithir, bunaithe ar shonraí sofhaighte (m.sh. amhairc) a fuarthas sa réimse. Tá Teagasc ag páirtmhaoiniú triúir Scoláirí Walsh ar an tionscadal dar teideal i gcomhar le GIZ (Gníomhaireacht Cúnaimh na Gearmáine) agus Ollscoil Wageningen agus Taighde.

Cúnamh Éireann

Bhí ionadaíocht ag Teagasc ar an Thascfhoireann Náisiúnta um Cheantair Thuaithe na hAfraice (NTTRA) a bhunaigh an Rialtas chun cur chuige cuimsitheach agus comhordaithe a fhorbairt tuilleadh trína bhféadfadh Éire a rannpháirtíocht le tíortha na hAfraice a uasmhéadú.

Leagtar amach i dtuarascáil NTTRA creat nua chun rannchuidiú reatha na hÉireann le claochlú gheilleagar talmhaíochta agus tuaithe na hAfraice a fheabhsú trí leas a bhaint as saineolas comhchoiteann na ranna rialtais, na ngníomhaireachtaí stáit amháil Teagasc, na hearnála príobháidí, na sochaí sibhialta, an lucht acadúil agus diaspóra na hAfraice.

FAO agus IFAD

Ghlac Teagasc páirt, mar chuid d'fhoireann náisiúnta níos leithne, i sraith comhráite le príomhghníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe sa Róimh - an FAO agus IFAD (An Ciste Idirnáisiúnta um Fhorbairt Talmhaíochta). Is é an príomhthoradh a bheidh ann ná síniú Meabhráin Tuisceana in 2021 chun an caidreamh idir eagraíochtaí Éireannacha (RTBM, Teagasc, SFSI, Bord Bia agus IFSA) agus FAO/IFAD a chur ar bhonn foirmiúil.



Sprioc 3

Éagsúlú an gheilleagair thuaithe a spreagadh agus cáilíocht na beatha sna ceantair thuaithe a fheabhsú


SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

Is dúshlán mór d'earnáil na talmhaíochta í sláinte agus sábháilteacht cheirde a fheabhsú mar gheall ar chineál guaiseach na hoibre feirme agus ar phróifil shocheacnamaíoch na hearnála. Feidhmíonn Teagasc Comhthionscnamh leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus le heagraíochtaí feirmeoireachta chun sláinte agus sábháilteacht feirme a chur chun cinn.

Cuimsítear le clár sábháilteachta agus sláinte ceirde Teagasc (CSS) idir Thaighde agus Aistriú Eolais trí na meáin, oideachas agus oiliúint agus soláthar comhairle. Glacann clár CSS Teagasc an tsamhail 'Sláinte Iomlán' ina gcuirtear sábháilteacht agus sláinte chun cinn ar bhealach comhtháite.

Príomhfhorbairtí 2020

- Fuair 20 duine bás in 2020 de bharr díobhála de bharr oibre, as iomlán de 53 bás sa láthair oibre, le 10 acu siúd d'aois 65 bliain nó níos sine. Taispeántar sa ghrafach seo a leanas treochtaí i nDíobhálacha Feirme Marfacha le deich mbliana anuas. Léiríonn sé minicíocht mhéadaitheach i measc feirmeoirí aosta agus líon laghdaitheach i measc feirmeoirí níos óige. Méadaigh básanna óige in 2020. (Foinse: an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta).



- Bhí an Dr. John McNamara, Speisialtóir SSC, ina chomhúdar in 2020 ar 'Athbhreithniú mór ar thodhchaí Talmhaíochta agus Sábháilteachta agus Sláinte Ceirde'. Ba í an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (AE OSHA) a choimisiúnaigh an tAthbhreithniú. Cuirfidh an tAthbhreithniú eolas ar fáil don lucht ceaptha beartais agus páirtithe leasmhara faoi phríomh-shaincheistean a bhaineann le dul chun cinn OSH sa Talmhaíocht san Eoraip. Is féidir teacht ar an Doiciméad ag láithreán gréasáin AE-OSHA: <https://osha.europa.eu/en/publications/future-agriculture-and-forestry-implications-managing-worker-safety-and-health/view>
- Moladh do mhic léinn Choláiste Talmhaíochta Teagasc a bheith ina 'Seaimpíní Feirme don tSábháilteacht' ag seimineáir a eagraíodh roimh thús an chleachtaidh oibre ar an bhfeirm do mhic léinn i mí Feabhra 2020. Thug íospartach timpiste aitheasc uathu ag na seimineáir, a rinne cur síos ar iarmhairtí a ngortaithe. Tionóladh na seimineáir i gcomhar le HSA, ESB Networks agus le hurraíocht ó FBD Insurance. Méadaítear leis an tsraith seimineár sin sláinte feirme agus oiliúint chuimsitheach le creidiúnú ó QQI a chuirtear ar fáil do mhic léinn.

- Coinníonn Teagasc air ag cur oiliúint ar fheirmeoirí ar bhonn náisiúnta maidir leis an 'gCód Cleachtais Sábháilteachta Feirme' (CC). In 2020, cuireadh oiliúint ar 66 comhairleoir breise chun an oiliúint seo agus an chomhairle ghaolmhar a sholáthar maidir le SSC bunaithe ar an CC. Mar gheall ar COVID-19, cuireadh tús le rogha na hoiliúna ar líne in 2020.
- Choinnigh Teagasc air le cur chun feidhme leanúnach ar Dheontas Spreagthaigh na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) chun iniúchadh a dhéanamh ar chuir chuige Iompraíochta chun Sábháilteacht Feirme a fheabhsú. D'éascaigh an cistiú do cheapachán taighdeora iardhochtúireachta agus beirt Scoláirí PhD Walsh. I measc na n-éachtaí a bhain leis an tionscadal sin in 2020 bhí staidéar Máistreachta ar iompar beostoic a chríochnú, dhá pháipéar a dhréachtú ar threochtaí díobhálacha marfacha feirme agus suirbhé ar éascaitheoirí a ghlac rannpháirt i gclár Aistrithe Eolais RTBM a bhain le sábháilteacht agus sláinte ceirde. an Dr. Is é David Meredith ó Teagasc an Príomh-Imscrúdaitheoir don deontas seo.
- Is é an aidhm le tionscadal darb ainm 'On Feirm Ground', arna urrú ag RTBM agus RS, chun oiliúint shaincheaptha a fhorbairt, a sholáthar agus a mheastóireacht chun an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a thabhairt do chomhairleoirí agus do shainchomhairleoirí Teagasc chun dul i ngleic le feirmeoirí ar shaincheistanna sláinte agus sábháilteachta, lena n-áirítear an mheabhairshláinte. Táthar á sholáthar i gcomhar leis an Líonra Náisiúnta Forbartha Sláinte na bhFear. Bronnadh Scoláireacht PhD Walsh Teagasc ag IT Cheatharlach agus COBÁC chun an Tionscadal a mheastóireacht. Tá Réamhmheastóireacht ar an tionscadal seo ar fáil ar láithreán gréasáin Teagasc (<https://www.teagasc.ie/publications/2020/on-feirm-ground---wellbeing-for-farmers.php>)
- Lean staidéar mór ar chuir chuige maidir le Galar Cardashoithíoch (GCS) a chosc i measc feirmeoirí in 2020. Tá an staidéar seo á chur i bhfeidhm ag An Lárionad um Shláinte na bhFear in IT Cheatharlach, Glanbia, Foras Croí na hÉireann, agus Scoil na nEolaíochtaí Sláinte COBÁC. Tá Scoláireacht PhD Walsh de chuid Theagasc ann chun meastóireacht a dhéanamh ar an staidéar sin. Críochnaíodh scrúduithe sláinte d'fheirmeoirí ag marglanna agus ag brainsí agra-chomharchumainn, a bhaineann leis an staidéar. Tá Réamhmheastóireacht ar an tionscadal seo ar fáil ar láithreán gréasáin Teagasc. (<https://www.teagasc.ie/publications/2020/farmers-have-hearts-cardiovascular-health-programme.php>).
- Cuireann Teagasc Sláinte agus Sábháilteacht Feirme chun cinn go gníomhach trína fhoilseacháin, (Today's Farm, TResearch, Nuachtlitreacha) agus trí na meáin thalmhaíochta. Baintear úsáid ar leith as na meáin ghréasánbhunaithe mar Twitter, Facebook agus Instagram. Eisíodh deich bpreasráiteas náisiúnta agus 120 teachtaireacht ar na meáin shóisialta in 2020, a bhain le mórthionscnaimh, imeachtaí agus tuarascálacha staidéir sláinte agus sábháilteachta ceirde le Teagasc. Tugadh aird ar leith ar shaincheistanna coiscithe a bhaineann le COVID-19, go háirithe sa chéad leath de 2020, de réir mar a tháinig forbairt ar an bpaindéim.
- Bhí foireann Theagasc ina gcomhúdair ar cheithre pháipéar eolaíochta in 2020. Bhain na páipéir le rannpháirtíocht an Phléghrúpa in OSH, Mapáil Idirghabhála; Díobhálacha Feirme bunaithe ar Shuirbhé Náisiúnta Feirme Teagasc agus Leochaileacht an phobail Feirmeoireachta do COVID-19.
- Gníomhaíocht COST an AE – Cultúr Sábháilteachta agus Bainistíocht Riosca sa Talmhaíocht (arcainm SACURIMA) Is líonra eolaithe í an Ghníomhaíocht sin ó 39 tír a bhfuil sé mar aidhm leis sábháilteacht feirme a fheabhsú ar fud na hEorpa. Is é an Dr. John McNamara, Speisialtóir Sláinte agus Sábháilteachta Theagasc an Leas-Chathaoirleach air. In 2020, measadh an Gníomh mar ghníomh 'an-éifeachtach' bunaithe ar na Moltaí Beartais uaidh.



Deir comhairleoir Teagasc, Rachel Taylor, gur féidir leis an stiogma maidir le saincheisteanna meabhairshláinte agus cabhair a iarraidh cosc a chur ar fheirmeoirí cabhair a lorg.

AN FHORBAIRT TUAITHE

Eachaí

Cuireadh tús le sraith seimineáir ghréasáin Let's Talk Equine i mBealtaine 2020 agus soláthraíodh naoi seimineár gréasáin faoi dheireadh na bliana. B'ionann an meánfhreastal beo agus 100; meánlíon amharc taifeadta agus 589; meánlíon amharc iomlán 688 (b'ionann an líon amharc ab airde do sheimineár gréasáin aonair agus 1,245). Tháinig deis ó na topaicí chun plé a dhéanamh ar shamhlacha éagsúla d'fhiontair phórúcháin, bunstoc, riachtanais mhargaidh agus measúnú ar tháirgí, ar chleachtais feirmeoireachta agus ar chinnteoireacht.


Soláthraíodh gearrchúrsa foghlama cumaiscthe ar phórúchán (25 uair an chloig) do 50 rannpháirtí ag baint úsáide as ardáin Zoom agus moodle a sholáthraíonn forbheathnú ar chleachtais feirmeoireachta agus ar ábhair mhachnaimh maidir le cinnteoireacht laistigh d'fhiontar pórúcháin eachaí.



Feirmeoir as Cill Ghainnigh
Eamon Sheehan le
Comhairleoir Eachaí
Teagasc Alan Hurley.

Orgánach

Cuireann Teagasc oiliúint, comhairle agus taighde ar fáil dóibh siúd a bhfuil baint acu le táirgeadh orgánach, dóibh siúd atá ag smaoineamh ar athrú go feirmeoireacht orgánach agus don earnáil orgánach i gcoitinne.



Scrúdaíonn feirmeoir orgánach ó Chill Dara, Fergal Byrne, barr foráiste speicis mheasctha.

Comharbas agus Oidhreacht

Mheall seimineár gréasáin *Transfer the Family Farm* (Aistriú na Feirme Teaghlaigh) lucht féachana de 1,500 agus ina dhiaidh sin breis agus 2,500 amharc ar Youtube. Tá sé rithábhachtach díospóireacht teaghlaigh a chur chun cinn maidir le comharbas agus oidhreacht ar fheirmeacha na hÉireann chun feirmeoirí óga oile a áireamh le gnó na feirme teaghlaigh ag aois an-óg, agus ar an gcaoi sin éifeachtúlacht an ghnó feirme a fheabhsú trí eolas, scileanna agus teicneolaíochtaí feabhsaithe a chur chun cinn. Feabhsaítear sláinte agus sábháilteacht ar fheirmeacha na hÉireann freisin mar gheall ar an gcaoi go bhfuil níos mó daoine óga páirteach i reáchtáil agus i mbainistiú feirmeacha.


Feirmeoireacht Chomhoibríoch

Cur chun cinn leanúnach agus comhairle do chliant feirmeora, comhairleoirí agus páirtithe leasmhara maidir leis na buntáistí agus na céimeanna riachtanacha a bhaineann le Comhpháirtíochtaí Feirme Cláraithe a bhunú in Éirinn. Tá líon na gComhpháirtíochtaí Feirme Cláraithe in Éirinn, ag 3,061 faoi láthair, agus beidh méadú réamh-mheasta 10% ann in 2021.



Feirmeoirí déiríochta Tom agus Jim Power, Port Láirge.

Natural Capital, foundation of the bioeconomy Spotlight on HNV farmland and cultural services



As the Bioeconomy in Ireland relies on our Natural Capital, understanding natural capital stocks and flows facilitates a clear understanding of how natural systems can be used in a sustainable way to build Ireland's Bioeconomy. Natural Capital Accounting involves mapping the extent and condition of nature's stocks to account for the services that flow from these areas for human benefits. This is the focus of the INCASE (Irish Natural Capital Accounting for Sustainable Environments) project. INCASE is gathering data for selected catchment areas to establish the process steps to develop natural capital accounts in the Irish context. The High Nature Value farmland map developed by Teagasc incorporates five indicators of Natural Capital extent, condition and use, thereby linking the stocks of natural capital with flows of services and benefits. The HNV map combines data relating to: areas of high cover of semi-natural habitat cover, stocking density, hedgerow density, river and stream density, and soil diversity; therefore, it provides a useful baseline indicator of natural capital in Ireland. To further showcase the importance of Natural Capital, we overlaid the HNV map with Cultural services. Specifically national parks, pilgrimage trails and national walking trails, as well as the Wild Atlantic Way. These trails are of cultural (heritage, recreation) and economic (tourism and recreational industries) importance, and are strongly linked to farm structure, HNV farmland landscapes and our tourism sector. This is highlighted on the map, illustrating that the majority of the cultural services is linked to areas with a high probability of HNV occurring.



Jesko Zimmermann and Stuart Green
Department of Agri-Food Business and Spatial Analysis
Teagasc Ashdown Research Centre
Dr Catherine Farrell and Lisa Coleman
INCASE Project
www.incaseproject.com

Chomh maith leis sin, tá méadú suntasach tagtha ar líon an léasaithe talún fhadtéarmaigh atá cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim mar gheall ar an socrú comhoibríoch feirmeoireachta maidir le léasú fadtéarmach talún a chur chun cinn. Tá níos mó ná 11,000 léas cláraithe ann anois. Bíonn go leor buntáistí ag baint leis na socruithe fadtéarmacha léasaithe talún seo don léasóir agus don léasaí araon.

Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí

Soláthraíonn Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí sciar mór dá n-ioncam do go leor de na 130,000 feirmeoir in Éirinn. Agus muid ag déileáil le níos mó ná 44,000 cliant is feirmeoir gach bliain, cinntíonn Teagasc go mbaineann na cliant leas rathúil as na tacaíochtaí sin. Mar chuid d'fhoireann Tacaíochta na hÍocaíochta Bunúsaí agus mar acmhainn leanúnach do chomhairleoirí agus d'fheirmeoirí, cuireann speisialtóirí Teagasc seirbhís bhunriachtanach ar fáil do chustaiméirí a chinntíonn go n-uasmhéadaíonn siad a n-íocaíochtaí ó scéimeanna faoi stiúir AE agus RTBM.

EACNAMAÍOCHT

An Breatimeacht

Ag deireadh mhí Eanáir 2020, d'fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach ar bhonn foirmiúil. Tríd an gcuid eile de 2020 bhí an Ríocht Aontaithe in idirthréimhse ina raibh an Ríocht Aontaithe fós ina ball de Mhargadh Aonair an Aontais. Tháinig deireadh leis an idirthréimhse sin an 31 Nollaig 2020. An 24 Nollaig 2020, chomhaontaigh an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe Comhaontú Trádála agus Comhair (CTC) lena gceadaítear saorthrádail shaor ó tharaif agus ó chuótaí in earraí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh.

I bhfianaise na héiginnteachta a bhaineann leis na rialacha trádála lena rialófaí trádáil AE-RA tar éis deireadh na hidirthréimhse, chuir eacnamaithe ó rannóg Suirbhéanna Eacnamaíochta Talmhaíochta agus Feirme Teagasc tacaíocht theicniúil ar fáil don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara le linn 2020. Rinneadh iniúchadh san anailís eacnamaíoch seo ar an tionchar a bhíonn ag córais éagsúla trádála Breatimeachta AE-RA ar gheilleagar talmhaíochta na hÉireann agus ar ioncaim feirme na hÉireann.

Inbhuanaitheacht Comhshaoil agus Eacnamaíoch ar Leibhéal na Feirme

Tá eacnamaithe ó Rannóg Eacnamaíochta Talmhaíochta agus Suirbhéanna Feirme Teagasc in éineacht le comhghleacaithe ó gach cearn den AE faoi stiúir Ollscoil Wageningen (WUR) ag déanamh taighde ar conas is féidir le beartas talmhaíochta cur le cuspóirí comhshaoil agus conas is féidir le teicneolaíochtaí nua (cianbhraiteacht agus digitiúchán) forbairtí a éascú maidir le faireachán a dhéanamh ar inbhuanaitheacht thalmhaíocht na hEorpa. Tógann an taighde sin ar thaighde Teagasc ar mhéadracht inbhuanaitheachta atá ag forbairt bunaithe ar Shuirbhé Feirme Náisiúnta Teagasc (SFN) agus ar obair a rinne Teagasc roimhe seo nó i dtionscadal FP7 FLINT an Aontais Eorpaigh.

Staidéir Ionchais agus Suirbhé Náisiúnta Feirme

Is ar bhonn bliantúil a bhailítear sonraí mionsonraithe le Suirbhé Náisiúnta Feirme Teagasc (SFN) ó shampla ionadaíoch d'fheirmeacha na hÉireann. Cuireadh isteach ar na gnáthphróisis bhailithe sonraí á n-úsáid ag SFN Teagasc in 2020 agus 2021 de bharr na mbeart sláinte poiblí ba ghá chun víreas COVID-19 a chomhrac. Is le comhoibriú na gcéadta feirmeoirí a ghlacann páirt sa SFN, atá ár gcláraitheoirí feirme ag bailiú sonraí feirme ar bhealaí a chinntíonn go gcomhlíontar na treoirlínte sláinte poiblí go léir.

Mar thoradh ar na próisis seo agus na srianta beartais maidir le sláinte phoiblí ar ghluaiseacht, áfach, tá moill curtha le críochnú thuascáil 2020 SFN Teagasc. I mbliana, cosúil leis an mbliain seo caite, soláthraímid na meastacháin ar fheidhmíocht na hearnála in 2020 a d'fhoilsigh eacnamaithe ó Rannóg Suirbhéireachta Eacnamaíochta Talmhaíochta agus Feirme Teagasc ina dtuarascáil Ionchais 2021.

Bhí na dálaí aimsire in 2020 fabhrach do chórais féaraigh thalmhaíocht na hÉireann, ach ba bhliain dheacair dá réir í do go leor táirgeoirí gránaigh Éireannacha. Measadh gurbh ionann an meánioncam feirme teaghlaigh in 2020 agus € 24,700, suas thart ar € 1,300 ó leibhéal 2019. Mar sin féin, maolaíonn an toradh dearfach seo ar an bhfeirmeoir "meánach" torthaí éagsúla ar fud na bpríomhchineálacha feirme a fheictear i dtalmhaíocht na hÉireann.

Ar fheirmeacha déiríochta agus stoic thirim, tháinig laghdú ar chostais tháirgthe iomlána in 2020 mar gheall ar phraghsanna beatha, leasacháin agus breosla níos ísle, agus bhí na líonta úsáide ionchuir réasúnta seasmhach. Mar thoradh ar chobhsaíocht i bpraghsanna bainne agus méaduithe ar phraghsanna uain agus eallaigh araon, tháinig méadú ar ioncaim ar fheirmeacha déiríochta, tógála eallaigh agus caorach, agus d'fhan ioncaim ar fheirmeacha 'eallaigh eile' cobhsaí – in ainneoin praghsanna níos ísle in Earrach 2020 mar gheall ar shuaitheadh COVID-19 ar mhargaí feola na hEorpa. Tháinig meath mór sa mheánioncam ar fheirmeacha curaíochta de bharr na mbarr faoi bhun an mheáin in 2020.

Meastar go bhfacthas laghdú trí chéile in 2020 ar na príomhchostais féaraigh agus foráiste d'fheirmeoirí déiríochta na hÉireann, ar bhunús in aghaidh an heicteáir agus an lítir araon. De réir mar a tháinig fás leanúnach ar an meántál bainne ar leibhéal na feirme in 2020 agus i bhfianaise na cobhsaíochta sa mheánphraghas bainne a fuarthas, meastar gur mhéadaigh meánioncaim ar fheirmeacha déiríochta na hÉireann 5% go € 69,000 in 2020.



In 2020, bhí na praghsanna d'eallach críochnaithe den scoth cosúil leis na leibhéil a tuairiscíodh in 2019 ar an meán. In 2020, b'airde na praghsanna d'eallach níos óige i gcomparáid leis na praghsanna a gnóthaíodh in 2019, rud a d'fhág go raibh méadú ar luach aschuir an mhargaidh ar fhiontair dhiúil aonair. Tháinig laghdú ar luach aschuir an mhargaidh ar an meánfhiontar críochnaithe eallaigh in 2020 mar thoradh ar phraghsanna níos airde a íocadh as eallach ceannaithe. Chuir laghduithe beaga ar úsáid beatha agus i bpraghsanna beatha níos ísle le caiteachais bheatha níos ísle ar fhiontair eallaigh in 2020.

Chuir tabhairt isteach na scéime um Chlár Éifeachtúlachta Comhshaoil Mairteola - Ba Diúil (BEEP-S) go dearfach le luach na holltáirgeachta ar fheirmeacha diúil aonair agus chuir an scéim Íocaíocht Críochnaitheora Mairteola (BFP) le haschur comhlán ar fhiontair chríochnaithe eallaigh. In 2020, meastar gur mhéadaigh meánioncam feirme teaghlaigh ar fheirmeacha tógála eallaigh 17% ar fheirmeacha tógála teaghlaigh go € 10,600. Meastar nár tháinig aon athrú ar mheánioncam feirme teaghlaigh a thuilltear ar fheirmeacha "eallach eile" in 2020 ag € 13,800.

Bhí luach onnmhairí caoireola na hÉireann chuig an Aontas Eorpach in 2020 suas 12% i gcomparáid leo siúd in 2019, á dtiomáint ag praghsanna uan Eorpacha níos airde agus méadú ar mhéid na feola a seoladh ó Éirinn. Meastar gur tháinig méadú beag ar chostais dhíreacha iomlána na táirgeachta d'fhiontair uan achréidhe Éireannach i lár an bhiaiste in 2020. Le forchostais táirgeachta ag laghdú 2% in 2020, meastar gur tháinig méadú suntasach ar ioncam feirme teaghlaigh a thuilltear ó tháirgeadh caorach in 2020. Measann Teagasc gur tháinig méadú 30% ar ioncam feirme teaghlaigh ar fheirmeacha speisialaithe caorach in 2020 go € 19,200.

Cé go raibh praghsanna gránaigh idirnáisiúnta tráth an fhómhair in 2020 níos airde ná in 2019 mar gheall ar tháirgeadh níos ísle i roinnt réigiún agus leibhéil stoc réasúnta íseal, léiríodh dálaí deacra fais agus fómhair in Éirinn i dtorthaí go mór faoi bhun an mheáin. Tháinig laghdú os cionn 10% ar thorthaí eorna earraigh agus cruithneachta geimhridh i gcomparáid le 2019. Rinneadh méideanna táirgeachta níos ísle a fhritháireamh i bpáirt ag laghdú éigin ar chostais ach meastar gur tháinig laghdú suntasach ar leibhéal an mheánioncain a tuilleadh ar fheirmeacha curaíochta na hÉireann mar thoradh ar an drochthoradh in 2020. In 2020 measann Teagasc gur tháinig laghdú 11% ar mheánioncam feirme teaghlaigh curaíochta go € 29,000 in aghaidh na feirme.

Chuir críochnúan Chomhaontaithe Trádála agus Comhair (TCA) idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe Oíche Nollag 2020 deireadh leis an mbagairt ó Bhreathmeacht "gan Mhargadh", agus mar thoradh air sin tá an t-ionchas eacnamaíoch do thionscail thalmhaíochta agus bhia na hÉireann níos soirbhíche agus níos cinnte ná mar a bhí sé tamall gairid ó shin. Idir an gearrthéarma agus an meántéarma ar a laghad, coimeádann an TCA rochtain margaidh fhabhrach na hÉireann ar mhargadh na RA. Ceadaíonn an margadh a comhaontaíodh do thrádáil leanúnach shaor ó tharaifí idir an RA agus an tAontas Eorpach maidir le hearraí incháilithe, ach ciallaíonn sé go bhfuil constaicí nua ar thrádáil dhéthaobhach AE-RA tagtha chun cinn, i bhfoirm custam, seiceálacha deimhniúcháin táirge agus seiceálacha maidir le rialacha tionscnaimh.

D'éascaigh Margadh Aonair agus Aontas Custam an Aontais Eorpaigh do thrádáil gan aon ghá le seiceálacha custam ná rialála do Bhallstáit an Aontais. D'fheidhmigh na seiceálacha a bhfuil feidhm acu ar allmhairí earraí ón RA tionchar diúltach go nuige seo ar luach agus ar mhéid allmhairí AE ón Ríocht Aontaithe.

Táthar ag dúil anois go gcuirfear tús le seiceálacha custam agus rialála na Ríochta Aontaithe maidir le honnmhairí agraibhia AE chuig an Ríocht Aontaithe sa cheathrú ráithe de 2021, agus beidh tionchar diúltach acu ar an éileamh ar onnmhairí agraibhia na hÉireann sa Ríocht Aontaithe. Dá ainneoin sin, agus in ainneoin na bhfrithchuimiltí breise agus na gcostas trádála a thug an Breatimeacht isteach, tá na hionchais mhargaidh ghinearálta do 2021 dearfach d'earnáil agraibhia na hÉireann. Táthar ag dúil go léireofar téarnamh geilleagair na Ríochta Aontaithe, an Aontais agus an gheilleagair dhomhanda ó thionchar phaindéim COVID-19 in ionchas réasúnta dearfach ó thaobh praghsanna d'aschur tráchtarraí feirme agus ioncain feirme de in 2021.



Pléann comhairleoir Teagasc, James Dunne, soláthairtí foráiste leis an bhfeirmeoir Cabhánach Gene O'Rourke.



Sprioc 4

Inniúlacht eagrúcháin a fheabhsú agus luach ar airgead a sheachadadh

An Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Ba bhliain dhúshlánach ach an-táirgiúil í 2020 d'fhorbairt agus d'oibríochtaí TFC in Teagasc. Tháinig roinnt blianta d'obair forbartha i gcrích lena linn, nuair a rolladh amach córas nua um Bainistíocht agus Billeáil Caidrimh le Custaiméirí i mí Feabhra. Leanadh ar aghaidh le huasghrádú na nasc sonraí gan staonadh. Uasghrádaíodh gach suíomh Teagasc seachas ceann amháin. Cuireadh línte cúltaca breise leis freisin.

COVID-19

Tháinig an gá chun freagairt mhear agus lúfar a dhéanamh mar thoradh ar theacht COVID-19. Rinneadh athchumrú ar bhonneagar Teagasc taobh istigh de thréimhse trí seachtaine d'fhonn an cumas a dhúbailt plé le cianrochtain shlán ar a chórais TFC. Soláthraíodh, cumraíodh agus dáileadh ceadúnais chianrochtana ar phearsanra, agus soláthraíodh seisiúin oiliúna ar líne do bhaill foirne nár oibrigh ón mbaile roimhe seo. Go comhthreomhar leis sin, soláthraíodh agus bunaíodh Zoom mar an dara hardán le haghaidh fisghlaonna, agus mar ardán do sheimineáir ghréasáin, pléghrúpaí agus teagasc ar líne.

Bhí an tionscadal chun Windows 10 a rolladh amach ar fud na heagraíochta faoi lánseol, agus b'éigean é a athphleanáil chun bearta nua iomchuí a chur isteach ann, ionas go bhféadfadh sé leanúint ar aghaidh go sábháilte, faoi na srianta COVID-19. Ascnaíodh baill foirne a d'úsáid ríomhairí pearsanta roimhe seo chuig ríomhairí glúine. Ba leis na bearta sin go léir, i dteannta leis an tsolúbthacht a léirigh na baill foirne, a cheadaigh do Teagasc leanúint ar aghaidh ag feidhmiú go fíor-éifeachtach, fiú amháin faoi shrianta COVID-19 leibhéal a cúig.

Airgeadas

Tionchar COVID-19

Sa chéad ráithe de 2020 de réir mar a thosaigh an phaindéim COVID-19 ag dul i bhfeidhm ar Teagasc, thug an Rannóg Airgeadais faoi athbhreithniú ar an ionchas airgeadais don eagraíocht trí athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh ar bhuiséid, sreafaí airgid agus sócmhainn/dliteanais de chuid Teagasc. Nuashonraíodh an cleachtadh sin go hathfhillteach i rith na bliana. Ó thaobh an airgeadais de, bhí éifeacht mhaolaithe ag an bpaindéim ar chaiteachas toisc gur bhain claonadh le líon na ngníomhaíochtaí arbh éigean iad a ghearradh siar i gcomhréir le treoir sláinte poiblí a bheith níos tábhachtaí ná na costais bhreise a bhí mar thoradh air.

Feabhsú Próisis agus Uasghráduithe Córais

Rinne an Rannóg Airgeadais aistriú mear chuig cianobair i mí an Mhárta go tapa, agus iad ag cur sreafaí oibre leictreonacha in ionad go leor próiseas faofa airgeadais páipéarbhunaithe.

Leanadh ar aghaidh le híoc soláthraithe, pinsinéirí agus ball foirne in am; cé gur baineadh leas as próisis nua chuige sin. Rinneadh monatóireacht ghriinn ar an timpeallacht rialaithe airgeadais lena chinntiú nach mbainfeadh aon iarmhairtí neamhbheartaithe leis na bealaí nua oibre. Uasghrádaíodh an Integra (córas airgeadais) agus chuaigh an leagan nua beo i mí Mheán Fómhair.

Nuashonruithe Beartais

Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú in 2020 ar bheartas Rialaithe Creidmheasa Teagasc. Nuashonraíodh roinnt beartas airgeadais eile freisin.

Deontais Taighde

Rinneadh ualach oibre na foirne Airgeadais um Dheontais Taighde a atheagrú agus a leathnú in 2020 agus ball foirne nua curtha leis. Cuireadh bunachar sonraí nua i bhfeidhm do thionscadail agus éilimh thaighde in 2020 a chuimsigh rialuithe agus sreafaí oibre lenar cumasaíodh leibhéil táirgiúlachta níos airde san fhoireann.

Seirbhísí Corparáideacha agus Soláthar

Chuir Seirbhísí Corparáideacha agus Soláthar an cúram Sláinte agus Sábháilteachta lena bpunann iomlán freagrachtaí in 2020. Tháinig an bheirt oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta isteach sa rannóg ag am gnóthach le COVID-19 ag tabhairt dúshláin bhreise leanúnacha.

Soláthar

Chuir Seirbhísí Corparáideacha agus Soláthar uirlis tacaíochta bogearraí nua i bhfeidhm: Córas Bainistíochta Soláthraithe agus Conarthaí (CBSC). Tá an fheidhmiúlacht ag an CBSC chun cabhrú le bainistíocht tionscadal, tairiscintí, conarthaí, soláthraithe agus sócmhainní agus freisin chun anailísíocht chaiteachais a sholáthar. Rachaidh sé chun leasa na heagraíochta trí shonraí a lárú agus próisis a chaighdeánú, a chuíchóiriú agus a rialú.

Árachas

Chuir Teagasc sraith bainistíochta agus foirne dliteanais ar siúl go luath in 2020, mar chuid dá chlár rialaithe bainistíochta riosca leanúnach. Forbraíodh na seisiúin sin chun eolas ar rioscaí árachais, imscrúdú timpistí, teoiric measúnaithe riosca agus ceardlanna oiliúna praiticiúla a fheabhsú.

Bainistíú Fuinnimh / Dramhaíola

Faoi dheireadh na bliana 2020 bhí Teagasc ar tí a spriocanna fuinnimh faoi shainordú an rialtais a ghnóthú. Is éard a bhí i gceist leis sin fuinneamh a laghdú 33% ón bhfuinneamh a úsáideadh thiar in 2009. Tháinig laghdú 24% freisin ar an dramhaíl a táirgeadh agus mhéadaigh cion na hathchúrsála go 25.6% - feabhsuithe dearfacha iad an dá cheann ón mbliain roimhe sin.

Acmhainní Daonna

Córais nua




T-Learn

Seoladh Córas Bainistíochta Foghlama saincheaptha nua darbh ainm T-Learn d'fhoireann Teagasc in 2020. Feidhmíonn an córas mar óstach do chúrsaí aisioncronacha (féintreoraithe) agus sioncronacha araon. Éascóidh sé freisin eagrú cúrsaí seomra ranga, fóraim phlé foirne, meastóireacht ar an oiliúint agus ar thaifid oiliúna.

Workvivo

Sheol Teagasc Workvivo, ardán Cumarsáide Inmheánaí i mí Iúil 2020. Tar éis teacht COVID-19 i mí an Mhárta 2020 agus nuair a cuireadh tús le cohóirt mhóra foirne atá ag obair ón mbaile, feictear gur príomhuirlis rannpháirtíochta laistigh den eagraíocht é an t-ardán seo.

Tá an t-ardán deartha timpeall ar na príomhspreagthaí maidir le rannpháirtíocht na bhfostaithe lena n-áirítear: cumarsáid dhá bhealach, obair a nascadh le spriocanna eagraíochtúla agus cultúr aitheantais agus pobail a chur chun cinn.



Meantóireacht d'Fhorbairt Ghairmréime

Is deis nua foghlama agus forbartha nua é an Clár Meantóireachta Explore a tugadh isteach in 2020 d'fhoireann Theagasc. Is é cuspóir an chláir tacú le baill foirne ina bhforbairt phearsanta agus

ghairmiúil. Cuireadh oiliúint ar fáil do mheantóirí agus do dhaoine faoi mheantóireacht, agus tá an fhoireann ag glacadh páirte i gCiorcal Meantóireachta Comhairleach freisin. Forbraíodh acmhainní agus sraith uirlisí, lena n-áirítear creataí, lámhleabhair, agus clár ríomh-fhoghlama agus tá siad ar fáil ar TLearn, an córas nua Bainistíochta Foghlama.

Nochtuithe Cosanta

De réir an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014, is féidir le Teagasc a dheimhniú nach bhfuair sé aon Nochtadh Cosanta in 2020.

Faigheann baill foirne scagthástáil sláinte

Tá sé mar aidhm le Sprioc a Ceathair de Straitéis Daoine Teagasc baill foirne a spreagadh agus tacú leo chun aire onnghníomhach a thabhairt dá sláinte agus dá bhfoláine. Cabhraíonn tástálacha scagthástála sláinte le galair agus riochtaí a bhrath go luath, nuair is fusa iad a chóireáil. Moltar gnáth-scagthástálacha sláinte do dhaoine ar feadh an tsaoil mar chuid thábhachtach de chúram coisctheach.

D'éascaigh Teagasc clár Scagthástála Sláinte Corparáidí don fhoireann go déanach in 2019/go luath in 2020. Reáchtáladh clinici i naoi n-ionad ar fud na tíre. Chonacthas glacadh 61.2% leis an gclár. Ba é miondealú inscne na rannpháirtithe 46% bainneann agus 54% fireann. Fuarthas aiseolas an-dearfach ón gclár.

Teagmháil a dhéanamh le Daoine ar Scor

D'athsheol Teagasc nuachtlitir dá fhoireann ar scor in 2020.

Straitéis Éagsúlachta agus Cuimsithe

Sheol Teagasc a Straitéis nua um Éagsúlacht agus Cuimsiú i mí Iúil 2020. Tá an Straitéis comhdhéanta d'fhís don éagsúlacht agus don chuimsiú agus do ghníomhartha chun cabhrú leis an bhfís sin a fhíorú. Tá Teagasc comhdhéanta d'fhir, mná, baill foirne idir óg agus aosta, foireann phósta, foireann shingil, baill foirne i bpóstaí comhghnéis, baill foirne ó gach cearn den domhan, baill foirne faoi mhíchumas fisiciúil agus meabhrach.

Is í atá i gceist leis an Straitéis nua ná a chinntiú go mthaíonn gach duine san áireamh, go mbíonn guth acu agus go léirítear meas dóibh san eagraíocht. D'fhorbair Teagasc Plean Comhionannais Inscne in 2019, agus tá na gníomhartha uaidh seo ag dul chun cinn go maith.




Catalóg Leabharlaine Nua

In 2020, chuir Seirbhís Leabharlainne Teagasc an t-athrú chuig Córas Nua Bainistíochta Leabharlainne (Catalog) i bhfeidhm. Tá comhéadan iomasach cothrom le dáta ag an gcatalóg nua seo, rud a fhágann go bhfuil sé i bhfad níos éasca don fhoireann leabhair atá i seilbh Leabharlanna an Ionaigh Taighde a chuardach. Déantar nuashonrú uathoibríoch sa rannóg scrollaithe "Leabhair Nua" de réir mar a chuirtear míreanna leis an gcatalóg. Cumasaíonn an córas nua éifeachtúlacht níos fearr don Leabharlannaí toisc go bhfuil feidhmiúlacht fheabhsaithe aige, amhail taifid chatalóige "réamhdhéanta" a iompórtáil le haghaidh leabhair nua.

Seachtain na hEolaíochta 2020

Cé gur chiallaigh srianta mar gheall ar COVID-19 go mb'éigean gníomhaíochtaí Sheachtain na hEolaíochta a bhogadh ar líne, chiallaigh sé freisin nach raibh aon srianta geografacha ar an bhfreastal. Shroich gníomhaíochtaí Sheachtain na hEolaíochta Teagasc breis agus 15,000 duine, agus bhí lucht freastail ó gach contae i bPoblacht na hÉireann, gan trácht ar naoi dtír is fiche ó fud an domhain, idir an Astráil agus an tSaimbia.



Ba é an príomhthéama do Sheachtain na hEolaíochta 2020 ná 'Seachtain na hEolaíochta - Ár dTodhchaí a Roghnú' ag díriú ar conas is féidir leis an eolaíocht feabhas a chur ar ár saol amach anseo, agus san am i láthair. Scrúdaigh sé seo conas is féidir leis an eolaíocht cabhrú linn roghanna dearfacha a dhéanamh a mbeidh tionchar acu ar an gcomhshaol, ar ár sláinte, agus ar ár gcaighdeán maireachtála. Bhí sé mar aidhm ag Teagasc feasacht agus plé a spreagadh ar mhíreanna a bhfuil spéis mhór acu sa talmhaíocht agus i mbia, mar shampla, sláinte plandaí agus bithéagsúlacht; sláinte na hithreach; an fheirmeoireacht inbhuanaithe; teicneolaíochtaí nua bia agus bianna na todhchaí chun daonra domhanda atá ag dul i méid a bheathú.

Ceartha an Duine agus Comhionannas.

Cuireann An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, dualgas dearfach ar chomhlachtaí san earnáil phoiblí féachaint don ghá le hidirdhealú a dhíothú, comhionannas a chur chun cinn agus ceartha an duine a chosaint, ina gcuid oibre laethúla. Tugtar "Dualgas na hEarnála Poiblí" air seo. Alt 42[1] den Acht. Tá cleachtadh cuimsitheach curtha i gcrích ag Teagasc le déanaí chun na saincheistanna um chearta an duine agus um chomhionannas ábhartha do Teagasc a aithint; thionsaigh siad na beartais agus na cleachtais go léir atá i bhfeidhm cheana féin, agus d'fhorbair sé plan gníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna reatha agus amach anseo chun a chinntiú go gcosnaítear ceartha daonna an phobail. Foilseofar an plan seo ar shuíomh gréasáin Teagasc in 2021 agus tuairisceofar faoi bhuaiophointí an dul chun cinn i dTuarascálacha Bliantúla amach anseo.

RGCS agus SF

Tar éis tionscadal ullmhúcháin um Chosaint Sonraí a rinneadh roimh theacht i bhfeidhm an RGCS i mí na Bealtaine 2018, tá Oifigeach Cosanta Sonraí tiomnaithe sannta ag Teagasc don ról ó shin i leith. Oibríonn gach aonad gnó Teagasc i gcomhar leis an Oifigeach Cosanta Sonraí, chun comhlíonadh a ghnóthú go leanúnach le ceanglais an RGCS. Tá cleachtadh cumarsáide tar éis a bheith ar siúl ar fud na heagraíochta. Sa chleachtadh sin, cuireadh béim ar oibleagáidí Teagasc faoin RGCS lena n-áirítear tuairisciú ar Shárú Sonraí, freagairt d'arratais ó Dhaoine is Ábhair do na Sonraí agus Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí a chur i gcrích.

Rinne Teagasc ceiliúradh ar an Lá Idirnáisiúnta um Chosaint Sonraí in 2020 agus 2021, agus spreagadh gach aonad gnó chun an t-athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar an Sceideal Coinneála Sonraí Pearsanta dá n-aonad. Tá Oiliúint um Chosaint Sonraí ar Líne ar fáil in Teagasc agus á hóstáil ar ardán foghlama Teagasc, TLearn i gcomhréir le ceanglais RGCS. Maidir le slándáil sonraí, úsáideann Teagasc ISO 27001 mar threoirlíne chun an caighdeán a shocrú do shlándáil Teagasc.

Tagann Teagasc faoi réir na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise, eadhon an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014. Déileáiltear le gach iarratas saorála faisnéise a chuirtear faoi bhráid Teagasc mar atá leagtha amach sa reachtaíocht.

Tuarascáil fuinnimh

Feidhmíonn Teagasc as 55 ionad príomha ar fud na tíre de scálaí éagsúla ó mhéid Campais go dtí oifigí Comhairleacha beaga áitiúla, agus miondealaítear na láithreacha ina;

- 10 gCampas Mhóra ar an meán ag díreach faoi bhun 6,000m² d'achar urláir cóireáilte/oiriúnaithe
- 45 Oifig Chomhairleach ar an meán ag díreach faoi bhun 340m² d'achar urláir cóireáilte/oiriúnaithe

D'ídigh Teagasc 24,687,159 kWh d'fhuinneamh in 2020, ar laghdú beagnach 5% é ar a ídiú in 2019. Is féidir miondealú a dhéanamh air sin mar seo a leanas:

- 9,781,919 kWh leictreachais (39.6% den fhuinneamh iomlán);
- 10,586,892 kWh de bhreosla iontaise chun spásanna a théamh (42.9% den fhuinneamh iomlán);
- 4,318,348 kWh de bhreosla feithicle, lena n-áirítear talmhaíocht, iompar tráchtála agus flít carranna (17.5% den fhuinneamh iomlán);
- 666,797 kWh de bhreoslaí in-athnuaite (2.7% den fhuinneamh iomlán - ní thugtar san áireamh leis an bhfigiúr sin cion an leictreachais ceannaithe a ghintear ó fhoinsí in-athnuaite nó eilimint an bhreosla in-athnuaite de bhreoslaí iompair ceannaithe).

Is í timpeallacht thógtha Theagasc an príomhúsáideoir acmhainní fuinnimh a fhreagraíonn do thuairim 83% den ídiú iomlán. Tá Teagasc ag déanamh suirbhéanna riochta ar a bhfoirgnimh go léir lena múnlófar forbairt agus cur chun feidhme ar chlár uasghrádaithe foirgneamh. Tá Straitéis Dhícharbónaithe á forbairt faoi láthair a theoróidh an eagraíocht i dtreo a spriocanna do 2030 a bhaint amach. Is éard atá i gceist leo sin ná feabhsú 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach, gnóthú rátáil BER B a ghnóthú do gach foirgneamh poiblí, agus sprioc nua laghdaithe astaíochtaí carbóin de 50% a bhaint amach.

Tá cistí á n-imfháilú ó bhuiséad Mionchaipitil 2021 chun tionscadail a mhaoiniú mar rannchuidiú le laghduithe ar thomhaltas fuinnimh agus ar astaíochtaí carbóin gaolmhara. Seo a leanas dhá cheann de na príomhthionscadail atá á bhforbairt faoi láthair: (1) an ról a fheidhmíonn feithiclí leictreacha do chabhlach Teagasc le suiteáil chomhthráthach pointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha ar gach campas agus coláiste agus (2) creat a fhorbairt le haghaidh suiteálacha fótavoltacha ar fud láithreacha Teagasc.

Aithníodh roinnt tionscadal eile amhail: insliú agus uasghráduithe ar chreatlacha foirgneamh; uasghráduithe téimh theirmigh (lena n-áirítear teaschaidéil nó teicneolaíocht eile atá neodrach ó thaobh carbóin de i gcás inarb iomchuí); barrfheabhsú rialuithe tógála; agus suiteáil na gCóras Bainistíochta Foirgníochta (CBF).

Tá obair ar siúl faoi láthair ar thionscadal soilsiú mar sheirbhís chun soilsiú LED a iarfheistiú ar fud Teagasc, rud a sholáthróidh coigilteas suntasach fuinnimh thart ar 1,550,000 kWh/biana – tá an tionscadal seo ag soláthar chéim a dó faoi láthair.

GRADAIM/GNÓTHACHAIN

Rinne beirt den triúr iomaitheoirí do Ghradaim Dhochtúireachta Chumann Tíreolaíochta na hÉireann i mbliana, an Dr. Jack McCarthy, iar-Scoláire Walsh Teagasc, agus an Dr. Shane Conway comhoibriú go forleathan le Teagasc chun a gcuid taighde a fhorbairt.

Ionadaíocht Mhaith ag Teagasc ag Gradaim Dhochtúireachta Chumann Geografach na hÉireann

Rinneadh iniúchadh in PhD an Dr. McCarthy iniúchadh ar chomhoibriú agus comhar i measc feirmeoirí agus páirtithe leasmhara beartais tuaithe a raibh baint acu leis an tionscnamh EIP-AGRI. Rinneadh iniúchadh in PhD an Dr. David Meredith ó Chlár Geilleagair agus Forbartha Tuaithe Teagasc agus an Dr. Christine Bonnin ó Scoil Tíreolaíochta COBÁC a rinne maoirseacht ar an taighde.

Cúigear Taighdeoirí Teagasc ar Liosta Ard-Luaite

Ainmníodh cúigear taighdeoirí Teagasc i measc an chéad chéatadán is fearr ar domhan do pháipéir is mó luaite i liosta Clarivate 2020 de “Thaighdeoirí Ardluaite”. Aithnítear sa liosta bliantúil a mbítear ag súil go mór leis taighdeoirí a léirigh tionchar suntasach ina réimse nó réimsí roghnaithe, trí fhoilsiú ilpháipéir ardluaite le deich mbliana anuas.

Tarraingítear a n-ainmneacha ó na foilseacháin atá sa chéad chéatadán is fearr de réir luanna don réimse agus don bhliain foilsitheoireachta san innéacs luanna *Web of Science*.

An tOllamh Declan Bolton, Príomhoifigeach Taighde, An Rannóg Sábháilteachta Bia ag Ionad Taighde Bia Teagasc agus Ollamh Cúnta i Scoil an Leighis Tréidliachta, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Éire. Díríonn sé a chuid taighde ar phataiginí baictéara a rialú lena n-áirítear Campalabaictéir, *Salmonella* agus *Escherichia coli* a tháirgeann tocsain Shiga (STEC) ar feadh an bhiashlabhra, seilfré agus cosc a chur ar mhilleadh bia, *spp Clostridium*. (*C. estertheticum*, *C. gasigenes* agus *C. difficile*) agus gnéithe sláinte poiblí agus tréidliachta de theicneolaíochtaí glasa amhail díleá anaeróbach.

An tOllamh Paul Cotter, Ceann na Rannóige Folaíochtaí Bitheacha Bia ag Ionad Taighde Bia Teagasc, Príomhthaighdeoir in APC Microbiome Ireland agus VistaMilk agus CTO na mac-chuideachta Teagasc/APC, SeqBiome. Díríonn taighde Paul ar mhicribhitheolaíocht agus micribhithóim bhia (go háirithe bianna coipthe agus déiríochta eile), timpeallachtaí próiseála agus táirgthe bia agus an chonair ghastraistéigeach d'fhonn micribhithigh phutóige shláintiúla a chothabháil / a bhunú trí idirghabhálacha aiste bia, go háirithe i lúthchleasaithe.

An tOllamh Catherine Stanton, Príomhoifigeach Taighde Sinsearach, Teagasc, Roinn na Síciatrachta, COC agus APC Microbiome Ireland. Áirítear ar a cuid taighde gnéithe cothaitheacha de bhianna déiríochta agus feidhmiúla, saothráin phróibhitheacha, táirgeadh meitibileach bithghníomhach, micribhithigh phutóige naíonán, agus próitéiní agus saillte sláintiúla (lena n-áirítear aigéad líonoiléach comhchuingeach, aigéid shailleacha slabhra ghearr) a tháirgeann baictéir na putóige. Tá an-suim aici freisin sa mhicribhithóm le linn toirchis agus naíonachta.

An tOllamh Brijesh Tiwari, Príomhoifigeach Taighde, An Rannóg Sábháilteachta Bia ag Ionad Taighde Bia Teagasc agus Ollamh (Cúnta) i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath,

Éire. Áirítear lena thaighde cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí próiseála, bainte agus caomhnaithe bia nuálacha, le béim láidir ar ghnéithe bithcheimiceacha den bhia agus de tháirgí bia. Baineann fócas ar leith ina thaighde reatha le himscrúdú a dhéanamh ar réitigh ghlasa agus inbhuanaithe ar dhúshláin thionscal an bhia. Rinneadh iniúchadh in PhD an Dr. Paul Allen ó Theagasc, ar chlúdaigh a leasanna taighde raon cur chuige ceannródaíoch maidir le dúshláin thábhachtacha sa taighde feola, lena n-áirítear dearbhú ar bhlastacht feola, modhanna íomháiithe agus speictreascópacha a chur i bhfeidhm chun cáilíocht itheacháin feola a thuair, dath a bharrfheabhsú agus a rialú i bhfeoil úr, réitigh phacáistithe d'fheoil úr, meastóireacht oibiachtúil ar chonablaigh, agus nuálaíocht i dtáirgí feola níos sláintiúla.

Tarraingíonn an mhodheolaíocht lena gcinntear an rogha taighdeoirí ar shonraí agus anailís a dhéanann saineolaithe biblimhéadracha ag an Institiúid um Fhaisnéis Eolaíoch ag Clarivate. Úsáideann sé InCites agus Táscairí Eolaíochta Bunriachtanacha agus tiomsú uathúil méadrachtaí feidhmíochta eolaíochta agus sonraí treochotha bunaithe ar chomhaireamh foilseachán na bpáipéar scolártha agus sonraí lua ó *Web of Science*, an t-innéacs lua atá neodrach ó thaobh foilsitheora de is mó ar domhan agus ardán faisnéise taighde.

Roghnaíodh os cionn 6,000 taighdeoir ó fud an domhain (33 in Éirinn), i 21 réimse de na heolaíochtaí agus na heolaíochtaí sóisialta, agus catagóirí tras-réimse bunaithe ar líon na bpáipéar ardluaite a tháirg siad thar thréimhse 11 bhliain ó Eanáir 2009 go Nollaig 2019.

Gradaim Mhac Léinn na Bliana

Gradaim Mhac Léinn na Bliana Teagasc/FBD 2019,

Is í Enda Farrell as Contae an Longfoirt, Mac Léinn Teagasc/FBD na Bliana 2019. Rinneadh an fógra ag searmanas bronnta fíorúil ar líne an 16 Samhain, 2020.



Bonn Óir Scoláirí Teagasc Walsh

Bronnadh Bonn Óir Scoláirí Teagasc Walsh ar Meritxell Grau ó Chlár Barra, Comhshaoil agus Úsáide Talún Teagasc. Bronnadh gradam an Bhoinn Óir ag an ócáid ar líne - Scoláirí Walsh: An Chéad Ghlúin Eile, a bhí ar siúl i mí na Samhna, agus aithnítear ann an Scoláire Walsh is fearr den bhliain.

Taispeántas de phríomhthaighde agraibhia iarchéime Teagasc ab ea an t-imeacht ar líne, arna óstáil ag Sharon Ní Bheoláin. D'fhoghlaim an lucht freastail faoi Chlár Scoláireachtaí Walsh agus chuala siad faoi chuid de na staidéir iontach a rinne Scoláirí na bliana deiridh.





Tuarascáil an Údaráis agus Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020

RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

CLÁR NA nÁBHAR	Leathanach
TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE	71
RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS	73
RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH	79
RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IONCAM AGUS CAITEACHAS	82
RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IONCAM CUIMSITHEACH	83
RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE AGUS STAID AIRGEADAIS TEAGASC	84
RÁITEAS COMHDHLÚITE AR ATHRUITHE AR CHAIPITEAL AGUS AR CHÚLCHISTÍ	85
RÁITEAS Ó TEAGASC AR ATHRUITHE AR CHAIPITEAL AGUS AR CHÚLCHISTÍ	86
RÁITEAS COMHDHLÚITE AR SHREABHADH AIRGID	87
NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE	88 - 116

RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Teagasc don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 de réir mar a éilítear le halt 12 den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Tá sna ráitis airgeadais

- ráiteas comhdhlúite ar ioncam agus caiteachas
- ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach
- ráiteas ar staid airgeadais an Ghrúpa agus Teagasc
- ráiteas comhdhlúite ar athruithe ar chaipiteal agus ar chúlchistí
- ráiteas ar athruithe ar chaipiteal agus ar chúlchistí Teagasc
- ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach, cóir ar acmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais an ghrúpa agus Teagasc amhail an 31 Nollaig 2020 agus ar ioncam agus caiteachas an ghrúpa do 2020 de réir Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bonn na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar Teagasc agus tá mo chuid freagrachtaí eitiiciúla eile comhlíonta agam ar aon dul leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte agam imleor agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo thuairim.

Tuairisciú ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile.

Sholáthair Teagasc faisnéis eile áirithe in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis an bhfaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas um rialachas agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí as tuairisciú ar a leithéid d'fhaisnéis, agus ar ábhair eile áirithe ar a ndéanaim tuairisciú de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis sin.

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Údaráis, tá comhaltaí an Údaráis freagrach as

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 12 den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988
- chun a chinntiú go dtugtar léargas firinneach, cóir leis na ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid bhonn an ghnóthas leantach de chuntasaíocht iomchuí, agus
- a leithéid de rialú inmheánach agus a mheasann siad riachtanach chun ullmhú na ráiteas airgeadais a chumasú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh nó ná bíodh mar gheall ar chalaíocht nó earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Éilítear orm le halt 12 den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Teagasc agus chun tuairiscí orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á chur chun feidhme dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha mar gheall ar chalaíocht nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht é go mbraithfear míshonrú ábhartha i gcónaí nuair atá sé ann le hiniúchadh arna chur chun feidhme de réir na ISAnna. D'fhéadfadh míshonruithe teacht chun cinn mar gheall ar chalaíocht nó earráid agus meastar ábhartha iad dá mbeifí ag súil ar bhonn réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, bainim úsáid as breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus sin á dhéanamh agam:

- sainiú agus measaim na rioscaí de mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais bíodh mar gheall ar chalaíocht nó earráid; déanaim nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur chun feidhme atá freagrúil i leith na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá imleor agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo thuairim. Tá an riosca gan míshonrú ábhartha mar thoradh ar chalaíocht a bhrath níos airde ná míshonrú ábhartha mar thoradh ar earráid a bhrath, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh intinníúla, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar rialú inmheánach a bheith i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh seo d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá iomchuí sna himthosca, ach ní chun críche tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta arna n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtuíthe gaolmhara.
- Déanaim conclúid maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn an

ghnóthas leantach de chuntasaíocht agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta arna fáil, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó dálaí lena bhféadfaí amhras suntasach a chur i gcumas Teagasc leanúint mar ghnóthas leantach. Má dhéanaim conclúid go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuíthe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil a leithéid de nochtuíthe imleor, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta arna fáil suas le dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí sa todhchaí, áfach, a bheith ina gcúis le Teagasc a scor de leanúint mar ghnóthas leantach.

- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus inneachar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuíthe, agus cibé an léirítear na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha leis na ráitis airgeadais ar bhealach lena mbaintear cur i láthair chothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil rialachas mar thasc acu maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, i measc ábhair eile, lena n-áirítear aon easnamh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaítear le mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní léiríonn aon fhoirm de chonclúid maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca leis m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a léamh atá curtha i láthair agus, trí sin a dhéanamh, breithniú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhchomhsheasmach ar bhonn ábhartha leis na ráitis airgeadais nó le mo chuid eolais arna fháil le linn an iniúchta, nó má tá cumair air ar shlí eile go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha. Má dhéanaim conclúid, bunaithe ar an obair atá curtha chun feidhme agam, go bhfuil an fhaisnéis eile míshonraithe go hábhartha, éilítear orm an fhíric a thuairiscí.

Tuairiscí ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit ó thaobh a mbainistithe agus a bhfeidhmíthe de. Tuairiscím má aithnínn gnóthaí ábhartha a bhaineann leis an mbealach a ndéanadh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta. Tuairiscím má aithnínn aon chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm le haghaidh na críche beartaithe nó nuair nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tugaim tuairisc de réir eisceachta sa chás, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé gach faisnéis agus míniúchán a theastaigh uaim i dtaca le m'iniúchadh, nó
- nach raibh taifid chuntasaíochta na Cuideachta imleor le cur ar ár gcumas na ráitis airgeadais a iniúchadh i gceart, gan bhac, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

Rialachas

Bunaíodh Údarás Teagasc faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Leagtar feidhmeanna an Údaráis amach sa Chéad Sceideal den Acht sin. Tá an tÚdarás cuntasach don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus déanann sé an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir le saincheisteanna príomhghnó uile. Tá an Stiúrthóir agus an fhoireann bhainistíochta sinsearaí freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh rialta laethúil Teagasc. Ní mór don Stiúrthóir agus don fhoireann an treo ginearálta straitéiseach a leanúint a leagann an tÚdarás amach agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Údaráis ar phríomhghníomhaíochtaí agus ar phríomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fheadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Stiúrthóir mar idirghabhálaí díreach idir an tÚdarás agus lucht bainistíochta Teagasc.

Freagrachtaí an Údaráis

Tá obair agus freagrachtaí an Údaráis leagtha amach san Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988, ina bhfuil cúrsaí freisin atá coimeádta go sainiúil le haghaidh chinneadh an Údaráis. I measc na mbuannmhíreanna a bhreithníonn an tÚdarás tá:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha na gcoistí,
- tuarascálacha airgeadais/ cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha ar fheidhmíocht, agus
- ábhair fhorchoimeádta.

Éilítear le hAlt 12(1) den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle) 1988, i gcomhar le I.R. Uimh. 418 ó 2011, ar Údarás Teagasc gach gnáthchuntas cuí a choinneáil ar airgead a fhaigheann nó a chaitheann sé, i gcobé foirm a ordóidh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar Údarás Teagasc:

- beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura meastar iomchuí é talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ar aghaidh ag feidhmiú, agus
- a shonrú cé acu ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a bhí nochta agus atá mínithe sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád lena nochtar, le cruinneas réasúnta, staid an Údaráis ó thaobh airgeadais de ag aon am, agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 12(1) den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Tá an tÚdarás freagrach as cothabháil agus macántacht an eolais chorparáidigh agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin Teagasc.

Ó mhí an Mhárta 2020, tá nua-thréithchineál coróinvíris (COVID-19), agus na bearta a ghlac an Rialtas chun a thionchar a mhaolú, ag dul i bhfeidhm ar ghníomhaíocht Teagasc. Tá an tÚdarás ag coinneáil súil ghéar ar thionchar na paindéime ar na buiséid, na sreafaí airgid agus na rioscaí gaolmhara don bhliain 2021. Tá bearta curtha i bhfeidhm ag Teagasc d'fhonn a chinntiú go mbíonn oibríochtaí ag teacht le treoirlínte reatha na n-údarás sláinte, ar gá iad chun sláinte na foirne, na mac léinn agus na gcliant a chosaint, agus leanúnachas gnó a chinntiú.

Rinneadh na rioscaí a bhaineann le COVID-19 a mheas agus a dhoiciméadú ar chlár riosca, atá á athbhreithniú ag an Lucht Ardbhainistíochta ar bhonn leanúnach.

Tá an tÚdarás freagrach as an bplean gnó agus buiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht Teagasc trí thagairt don phlean gnó agus buiséad bliantúil an 3 Márta 2021.

Tá an tÚdarás freagrach chomh maith as a chuid sócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

Measann an tÚdarás go dtugtar léargas fírinneach agus cóir le ráitis airgeadais Teagasc ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais Teagasc amhail an 31 Nollaig 2020.

Athbhreithniú ar fheidhmíocht an údaráis

Rinneadh measúnú feidhmíochta seachtrach in 2020 ar an gcaoi a bhfeidhmíonn Bord Teagasc.

Struchtúr an Údaráis

Tá an tÚdarás comhdhéanta de Chathaoirleach agus deich ngnáthchomhalta, agus ceapann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara gach duine acu. Is iondúil go gceaptar comhaltaí chun an Údaráis go ceann tréimhse cúig bliana (agus féadtar iad a athcheapadh uair amháin) agus go dtagann siad le chéile uair sa mhí, seachas mí Lúnasa. Sa tábla thíos sonraítear an tréimhse cheapacháin do chomhaltaí an Údaráis a bhí in oifig le linn 2020:

Comhalta den Údarás	Ról	Tréimhse an cheapacháin
Herlihy, An tUas. Liam	Cathaoirleach	An 17 Meán Fómhair 2018 – An 16 Meán Fómhair 2023
Buckley, An tUas. John	Gnáth-Chomhalta	An 28 Meán Fómhair 2018 – An 27 Meán Fómhair 2023
Cooke, An tUas. Tommy	Gnáth-Chomhalta	An 5 Deireadh Fómhair 2011 – An 4 Deireadh Fómhair 2021
Donnelly, Martina, Uas.	Gnáth-Chomhalta	An 10 Deireadh Fómhair 2019 – An 9 Deireadh Fómhair 2024
Duffy, An tUas. Patrick	Gnáth-Chomhalta	An 28 Meán Fómhair 2018 – An 27 Meán Fómhair 2023
Fitzgerald, an tOll. Gerald	Gnáth-Chomhalta	An 15 Meán Fómhair 2013 – An 14 Meán Fómhair 2023
Hennessy, An tOll. Thia	Gnáth-Chomhalta	An 23 Bealtaine 2018 – An 22 Bealtaine 2023
Kennedy, An tUas. Richard	Gnáth-Chomhalta	An 25 Bealtaine 2016 – An 26 Eanáir 2020
Murphy Uas., Cliona	Gnáth-Chomhalta	An 29 Aibreán 2015 – An 28 Aibreán 2020
O'Connell, Eilís, Uas.	Gnáth-Chomhalta	An 30 Deireadh Fómhair 2018 – An 21 Eanáir 2023
Reynolds, Elizabeth Uasal	Gnáth-Chomhalta	7 Iúil 2020 – 6 Iúil 2025
Rushe, An tUas. Brian	Gnáth-Chomhalta	An 27 Eanáir 2020 – An 26 Eanáir 2025
Woulfe, An tUas. Liam	Gnáth-Chomhalta	29 Aibreán 2015 - 28 Aibreán 2020 agus 03 Iúil 2020 - 02 Iúil 2025

Tá cúig choiste curtha ar bun ag an Údarás, eadhon:

1. An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC): triúr comhaltaí den Údarás agus comhalta seachtrach amháin. Is é ról an ARC tacú leis an Údarás maidir lena chuid freagrachtaí i dtaca le saincheistean riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhaithhe ghaolmhar. Tá an ARC neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an ARC don Údarás tar éis gach cruinnithe, agus ar bhonn foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Seo a leanas comhaltaí Údaráis an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2020: An tUas. Liam Woulfe, Cathaoirleach, An tOll. Thia Hennessy agus Eilís O'Connell, Uas. Ba é an tUas. Noel O'Connell an comhalta seachtrach. Bhí sé chruinniú ag an ARC in 2020.

2. An Coiste Oibríochtaí (OC): comhdhéanta de cheathrar comhaltaí den Údarás. Is é ról an OC tacú leis an Údarás athbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar ábhair a bhaineann leis an gClár Oibríochtaí in Teagasc agus chun tuairisciú agus moltaí a dhéanamh don Údarás, chomh maith le glacadh le dea-chleachtas. Seo a leanas comhaltaí Údaráis an Choiste seo in 2020: An tUas. Tommy Cooke, Cathaoirleach, an tUas. Liam Herlihy, Cliona Murphy, Uas. agus Martina Donnelly, Uas. Bhí trí chruinniú den OC in 2020. I gcaitheamh 2020, chríochnaigh Cliona Murphy, uas. a téarma ar an Údarás agus tháinig Elizabeth Reynolds, Uas. i gcomharbacht uirthi ar an gcoiste.

3. An Coiste Comhairleach agus Oideachais (AEC): Cúigear comhaltaí den Údarás. Is é ról an AEC tacú leis an Údarás athbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le Clár Chomhairleacha agus Oideachais in Teagasc agus chun tuairisciú agus moltaí a dhéanamh don Údarás, chomh maith le glacadh le dea-chleachtas. Seo a leanas comhaltaí Údaráis an Choiste seo in 2020: An tUas. Richard Kennedy, Cathaoirleach, an tUas. Patrick Duffy, Martina Donnelly, Uas., an tUas. Tommy Cooke agus an tUas. John Buckley. Bhí cúig chruinniú ag an AEC in 2020. I gcaitheamh 2020, chríochnaigh an tUas. Richard Kennedy a téarma ar an Údarás agus tháinig an tUas. Brian Rushe i gcomharbacht air ar an gcoiste. Tháinig an tUas. John Buckley in ionad an Uas. Richard Kennedy mar chathaoirleach ar an gcoiste.

RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

4. An Coiste Taighde (RC): comhdhéanta de chúigear comhaltaí den Údarás. Is é ról an RC tacú leis an Údarás athbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le Clár Taighde in Teagasc agus chun tuairisciú agus moltaí a dhéanamh don Údarás, chomh maith le glacadh le dea-chleachtas. Seo a leanas comhaltaí an Choiste seo le linn 2020: An tOll. Gerald Fitzgerald, Cathaoirleach, an tUas. Richard Kennedy, Martina Donnelly, Uas., an tUas. John Buckley agus an tOll. Thia Hennessy. Bhí dhá chruinniú den RC in 2020. I gcaitheamh 2020, chríochnaigh an tUas Richard Kennedy a théarma ar an Údarás agus tháinig an tUas. Brian Rushe i gcomharbacht air ar an gcoiste.

5. An Coiste Ainmniúchán (NC): seisear comhaltaí den Údarás. Is é ról an NC folúntais a bhreithniú ar Údarás Teagasc agus moltaí a dhéanamh maidir le conas na folúntais a líonadh ar an mbealach is fearr. Seo a leanas comhaltaí an Choiste seo le linn 2020: An tUas. Liam Herlihy, Cathaoirleach, an tOll. Gerald Fitzgerald, an tUas. Tommy Cooke, Cliona Murphy, Uas., an tOll. Thia Hennessy agus an tUas. Patrick Duffy. Bhí trí chruinniú ag an NC in 2020. I gcaitheamh 2020, chríochnaigh Cliona Murphy, uas. a téarma ar an Údarás agus tháinig Elizabeth Reynolds, Uas. i gcomharbacht uirthi ar an gcoiste.

Sceideal tinrimh, táillí agus costas

Tá sceideal tinrimh chruinnithe an Údaráis agus na gCoistí in 2020 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach comhalta:

Cruinnithe an Údaráis, 2020	08 Ean	05 Fea	04 Már	01 Aib	06 Bea	03 Mei	01 Iúí	02 MFó	07 DFó	04 Sam	23 Sam	02 Noll	07 Noll	Táillí 2020 €	Costais 2020 €
Herlihy, An tUas. Liam	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	20,520	2,007
Buckley, An tUas. John	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	11,970	-
Cooke, An tUas. Tommy	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	11,970	-
Donnelly, Martina, Uas.	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	-	4,139
Duffy, An tUas. Patrick	✓	✓	✓	✓	✓	-	✓	✓	✓	-	✓	✓	✓	11,970	-
Fitzgerald, an tOll. Gerald	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	-	✓	✓	✓	✓	11,970	973
Hennessy, An tOll. Thia	✓	-	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	-	2,185
Kennedy, An tUas. Richard	✓													-	136
Murphy Uas., Cliona	✓	-	✓	✓										-	763
O'Connell, Eilís, Uas.	✓	✓	-	✓	✓	-	-	✓	✓	✓	✓	✓	✓	-	205
Reynolds, Elizabeth Uasal							✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	5,985	-
Rushe, An tUas. Brian		✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	10,973	73
Woulfe, An tUas. Liam	-	✓	✓	✓			✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	9,975	1,251
														95,333	11,732

Thabhaigh Teagasc costais fáilteachais agus chóiríochta de € 4,167 thar ceann chomhaltaí an Údaráis in 2020. Bhí ceathrar comhaltaí den Údarás ann nach bhfuair táille faoin bprionsabal Aon Duine, Aon Tuarastal (OPOS). Tharscaoil Cliona Murphy, atá i dteideal táille ó bhí 2015 ann, a cheart chun na teidlíochta. Fuair an tUas. Noel O'Connell, comhalta seachtrach den ARC, táillí €5,200 in 2020.

RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca	22 Ean	21 Fea	28 Aib	01 Iúí	07 DFó	02 Noll
Woulfe, An tUas. Liam	✓	✓	✓		✓	✓
Hennessy, An tOll. Thia	✓	✓	✓	✓	✓	✓
O'Connell, Eilís, Uas.	✓	✓	✓	✓	✓	✓
O'Connell, an tUasal Noel	✓	✓	✓	✓	✓	✓

An Coiste Oibríochtaí	24 Fea	27 Lún	18 Nol
Cooke, An tUas. Tommy	✓	✓	✓
Herlihy, An tUas. Liam	✓	✓	✓
Donnelly, Martina, Uas.	✓	✓	✓
Murphy Uas., Clóna	-		
Reynolds, Elizabeth Uasal		-	✓

An Coiste Taighde	03 Mei	18 Nol
Fitzgerald, an tOll. Gerald	✓	✓
Rushe, An tUas. Brian	✓	-
Hennessy, An tOll. Thia	✓	✓
Buckley, An tUas. John	✓	✓
Donnelly, Martina, Uas.	✓	✓

An Coiste Comhairleach & Oideachais	24 Ean	06 Bea	11 Mei	17 Iúil	27 DFó	25 Sam
Kennedy, An tUas. Richard	✓					
Buckley, An tUas. John	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Cooke, An tUas. Tommy	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Donnelly, Martina, Uas.	✓	-	-	✓	✓	✓
Duffy, An tUas. Patrick	-	✓	✓	✓	✓	✓
Rushe, An tUas. Brian		✓	✓	✓	✓	✓

An Coiste Ainmniúchán	04 Már	03 Mei	17 Mei
Herlihy, An tUas. Liam	✓	✓	✓
Cooke, An tUas. Tommy	✓	✓	✓
Duffy, An tUas. Patrick	✓	-	✓
Fitzgerald, an tOll. Gerald	✓	✓	✓
Hennessy, An tOll. Thia	✓	✓	✓
Murphy Uas., Clóna	✓		

Na príomhathruithe pearsanra

Tar éis do bheirt dhaoine dul ar scor, ceapadh beirt chomhaltaí nua chun an Údaráis le linn 2020.

RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

Nochtuithe a éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an tÚdarás freagrach as a chinntiú gur chomhlíon Teagasc riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear go ndéanfaí na nochtuithe seo a leanas faoin gCód:

Costais chomhairleachta

Folaíonn costais chomhairleoireachta an costas i leith comhairle sheachtrach don lucht bainistíochta agus ní fholáíonn feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnáthghnó'.

	2020 €'000	2019 €'000
Comhairle dhlí	186	201
Comhairle airgeadais/um chánachas	25	27
Pinsin/Acmhainní Daonna	87	76
Comhairle ailtireachta/ innealtóireachta	391	813
Comhairle taighde	351	226
Eile	258	289
Costais chomhairleachta iomlána	1,298	1,632
Costais chomhairleachta arna gcaipitliú	345	736
Costais chomhairleachta arna ngearradh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Cúlchisti Ioncaim Coinnithe	953	896
Iomlán	1,298	1,632

Costais dlí agus socraíochtaí

Tá miondealú sa tábla thíos de na suimeanna a aithníodh mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, socraíochtaí agus imeachtaí eadrána agus idir-réitigh a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Níl san áireamh leis sin caiteachas a tabhaíodh i ndáil le comhairle ghinearálta dlí a fuair Teagasc atá nochta rud a nochtar sna costais Chomhairleachta thuas.

	2020 €'000	2019 €'000
Táillí dlí - imeachtaí dlíthiúla	12	43
Costais dlí chontrapháirtí	-	9
Socraíochtaí	139	175
Iomlán	151	227

Tá 23 cás san áireamh faoi Shocraíochtaí sa bhliain 2020 (2019: 24).

Caiteachas taistil agus cothaithe

Tá caiteachas taistil agus cothaithe catagóirithe mar a leanas:

	2020 €'000	2019 €'000
Intíre		
Údarás	12	31
Fostaithe	1,895	4,768
Idirnáisiúnta		
Údarás	-	-
Fostaithe	106	837
	2,013	5,636

RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

Caiteachas Fáilteachais

Áirítear an caiteachas fáilteachais a leanas sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas:

	2020	2019
	€'000	€'000
Fáilteachas don fhoireann	31	39
Fáilteachas do chliaint	16	18
Iomlán	47	57

De réir a gcomhaontuithe fostaíochta/socrúcháin tá cuid den fhoireann agus de na mic léinn i dteideal béilí i gceaintíní coláiste. In 2020 chosain sé €18,414 (2019: €41,362) leis na béilí sin a chur ar fáil.

Tá comhaontú urraíochta scothshuíochán 10 mbliana ag Teagasc le Páirc an Chrócaigh ar chostas bliantúil €4,800 chun an fhoireann a dhreasú agus siamsa a thabhairt do pháirtithe leasmhara, rud a chlúdaíonn an tréimhse ó mí Dheireadh Fómhair 2012 go dtí mí Mheán Fómhair 2022. Is é €4,800 an costas a bhí ar dhreasachtaí foirne in 2020.

Ráiteas comhlíontachta

Ghlac an tÚdarás leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus tá nósanna imeachta curtha ar bun aige chun comhlíontacht ina leith a chinntiú. Chomhlíon Teagasc an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit in 2020.

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

Raon feidhme na freagrachta

Thar ceann Teagasc, admhaím freagracht an Údaráis as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Tugtar riachtanais an Cóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) san áireamh leis an bhfreagracht sin.

Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Deartar an córas rialaithe inmheánaigh chun riosca a bhainistiú chuig leibhéal infhulaingthe seachas chun é a dhíothú. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, nach bhfuil absalóideach, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am trátha.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in Teagasc don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus suas le dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais.

Cumas chun déileáil le riosca

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (ARC) ag Teagasc atá comhdhéanta de thríúr atá ina gcomhaltaí den Údarás, agus duine acu mar Chathaoirleach, mar aon le comhalta seachtrach amháin ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúcháireachta. Tháinig an coiste le chéile sé huair in 2020.

Bhunaigh Teagasc feidhm iniúchta inmheánaigh freisin a soláthraítear acmhainní imleora di agus lena gcuirtear clár oibre chun feidhme arna chomhaontú leis an ARC. Faigheann an feidhmeannas tacaíocht ó ghnólachtaí seachtracha a sholáthraíonn seirbhísí iniúchta inmheánaigh.

Rinne an ARC athbhreithniú ar an mbeartas bainistíochta riosca lena leagtar amach a shásta atá Teagasc glacadh le riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus lena sonraítear ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann uile nach mór di oibriú laistigh de bheartais bainistíochta riosca Teagasc, chun an lucht bainistíochta a chur san airdeall maidir le rioscaí agus laigí rialaithe a thagann chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas rialaithe bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag teagasc lena ndéantar na príomhrioscaí a shainaithint agus a thuairisciú mar aon leis na bearta bainistíochta atá á nglacadh chun tabhairt fúthu agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí os comhair Teagasc agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an tÚdarás an clár a athbhreithniú ar bhonn míosúil agus an ARC ar bhonn ráithiúil. Baintear úsáid as torthaí na n-athbhreithnithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as rialuithe a oibriú arna sannadh d'fhoireann shainiúil. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- rinneadh nósanna imeachta maidir le príomhphróisis ghnó uile a dhoiciméadú,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an luchta bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú leanúnach,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- trí nósanna imeachta rialaithe ar mhaoiniú deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha cinntítear rialú imleor ar fhaomhadh deontas agus monatóireacht agus athbhreithniú ar dheontaithe chun a chinntiú gur cuireadh maoiniú deontais i bhfeidhm chun na críche atá beartaithe.

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

Monatóireacht agus athbheithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm le próisis rialaithe a mhonatóiriú agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíochtaí ceartaitheacha a fheidhmiú agus don lucht bainistíochta agus don Údarás, nuair is ábhartha, ar bhonn tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais monatóireachta leanúnaí a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun oibriú na bpríomhrialuithe sin a mhonatóiriú agus aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbheithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais lena léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Teagasc chun comhlíontacht rialacha agus treoirlínte soláthair a chinntiú. Ba é €55.1m an caiteachas iomlán a bhain le soláthar. Déanann Teagasc athbheithniú ar stádas comhlíontachta na n-orduithe ceannaigh uile a bhfuil a luach níos mó ná €25,000. In 2020, as na 232 ordú ceannaigh a eisíodh, fuair Teagasc amach go raibh na cinn a bhain le cúig sholáthraí neamh-chomhlíontach. B'ionann luach na n-orduithe neamhchomhlíontacha agus €166,180 (2019: €477,743). D'ainneoin nach raibh na soláthairtí seo comhlíontach, tá Teagasc sásta go bhfuairamar luach ár gcuid airgid.

Riarachán tarmligthe

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Teagasc chun a chinntiú go gcomhlíontar an uasteorainn pá cheadaithe tarmligthe ama leithdháileadh ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. In 2015 tugadh isteach creat nuashonraithe lena cuireadh uasteorainn ar chaiteachas buan párola agus a riartar go bliantúil trí bhithin 'ceadú tarmligthe'. Éilíonn na socruithe ceadaithe tarmligthe ar Teagasc a chinntiú nach sáraíonn a bhille pá d'fhoireann bhuan an uasteorainn phá bhliantúil shonraithe. In 2020 sháraigh pá ceadaithe tarmligthe an uasteorainn € 67.8m seo le € 967k.. Mar thoradh ar athruithe le déanaí ar rialacha scoir chuir go leor ball foirne a scor siar agus, le gealltanais earcaíochta a rinneadh sular tugadh fógra faoin uasteorainn, thosaigh róchaiteachas ag teacht chun cinn. Chomhaontaigh RTBM roinnt solúbthachta lena chinntiú go bhféadfaí seirbhísí a chothabháil agus ag féachaint do na dúshláin a bhaineann le COVID -19, agus lean sé ag ceadú d'earcaíocht i gcomhair poist líne thosaigh chriticiúla agus ag soláthar do phríomhharduithe céime le haghaidh gráid bhainistíochta in 2020. Cuireann an lucht bainistíochta sceideal earcaíochta níos srianta i bhfeidhm ar feitheamh dearbhú na huasteorann pá ceadaithe tarmligthe do 2021.

Réamhioc deontas

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Teagasc chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha maidir le deontais réamh-mhaoinithe. Cuireann Teagasc réamh-mhaoiniú deontais ar fáil do thrí choláiste phríobháideacha agus do roinnt ollscoileanna. Chuaigh Teagasc i dteagmháil leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun maolú a lorg ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le ceadú dó leanúint de dheontais a réamh-mhaoiniú. Fuarthas an cead sin i leith 2020.

Tionchar PHAINDEIM COVID-19 ar an timpeallacht rialaithe

Ba le teacht phaindeim COVID-19 go luath in 2020, agus an chomhairle sláinte poiblí agus na bearta sábháilteachta dá barr, a tháinig athrú ar chleachtais oibre Teagasc. Rinne Teagasc monatóireacht ghéar ar na forbairtí, ag iarraidh na rioscaí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar a oibríochtaí gnó, a fhoireann agus a gheallsealbhoirí a mhaolú. I measc na mbearta rinne Teagasc bhí:

- Plean leanúnachais gnó a thionscnamh ar chumasc pleananna é ama n-ullmhú ag gach aonad gnó in Teagasc.
- Údarás Teagasc a aistriú go timpeallacht chianda chun na críche cinntí gnó a dhéanamh.
- Oiriúnuithe riachtanacha a dhéanamh ar thimpeallacht oifige fhisiceach Teagasc de réir na treorach foilsithe agus measúnaithe saineolaithe.
- Measúnuithe COVID-19 don fhoireann agus do gheallsealbhoirí.
- Measúnú leanúnach ar rioscaí suntasacha a bhaineann le PAINDÉIM COVID-19 agus gastacht Teagasc chun freagairt go héifeachtach.
- A chinntiú go gclóítear le dealú láidir dualgas agus go mbíonn clúdach leordhóthanach i bhfeidhm mura mbeadh údarais cheadaithe shonracha ar fáil.
- A chinntiú go leanfaidh gach beartas agus nós imeachta maidir le cosaint sonraí agus bainistíochta taifead á gcur i bhfeidhm mar is gnách.
- Measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht laigí i rialuithe inmheánacha mar thoradh ar COVID -19 agus bearta a dhéanamh chun monatóireacht agus nuashonrú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha nuair is gá.

RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag Teagasc chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca dá chuid. Na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre agus an lucht ardbhainistíochta laistigh de Teagasc atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil, cuireann a gcuid oibre bonn eolais faoin monatóireacht agus faoin athbhreithniú a dhéantar ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh in Teagasc.

Deimhním go ndearna an tÚdarás athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2020 ar an 3 Márta 2021.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh

Seachas na cinn a tugadh faoi deara i leith soláthair agus ceadú tarmligthe, ní dhearnadh aon laigí sa rialú inmheánach a shainithint maidir le 2020 nach foláir iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IONCAM AGUS CAITEACHAS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

	Nóta	2020 €'000	2019 €'000
Ioncam			
Deontais ón Oireachtas	4	152,524	149,594
Maoiniú ón AE	5	3,644	3,440
Ioncam trádála beostoic		3,661	3,302
Ioncam oibríochtúil	6	33,887	34,684
Maoiniú iarchurtha glan do shochair scoir	10	(8,564)	(6,421)
(Caillteanas)/gnóthachan ó dhiúscairt sócmhainní seasta	12	(22)	162
Deontais, tabhartais agus tobhaigh dheonacha		3,285	4,665
Díolachán earraí		84	134
Seirbhísí taighde agus teicneolaíochta		1,082	1,819
Ioncam iomlán		<u>189,581</u>	<u>191,379</u>
Caiteachas	7	<u>(179,389)</u>	<u>(185,684)</u>
Barrachas oibriúcháin		10,192	5,695
Ús infhaighte		<u>2</u>	<u>16</u>
Barrachas roimh aistrithe agus cáin		10,194	5,711
Aistriú chuig Cuntas Caipitil	23	<u>(7,567)</u>	<u>(5,787)</u>
Barrachas/ (easnamh) don bhliain airgeadais roimh cháin		2,627	(76)
Cánachas	11	<u>65</u>	<u>(9)</u>
Barrachas/ (easnamh) don bhliain airgeadais		<u>2,692</u>	<u>(85)</u>
Barrachas/ (easnamh) inchurtha i leith			
Teagasc		2,898	(98)
Leas neamh-urlámhais		<u>(206)</u>	<u>13</u>
		<u>2,692</u>	<u>(85)</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-35.

RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IONCAM CUIMSITHEACH DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

	Nóta	2020 €'000	2019 €'000
Barrachas/ (easnamh) don bhliain airgeadais		2,692	(85)
(Caillteanas)/gnóthachan achtúireach ar dhliteanais sochar scoir	10	(75,420)	(156,742)
Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha	10	75,420	156,742
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		<u>2,692</u>	<u>(85)</u>
Teagasc		2,898	(98)
Leas neamh-urlámhais		<u>(206)</u>	<u>13</u>
		<u>2,692</u>	<u>(85)</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-35.

RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2020

		An Grúpa		Teagasc	
		2020	2019	2020	2019
	Nóta	€'000	€'000	€'000	€'000
Sócmhainní neamhreatha					
Maoin, gléasra agus trealamh	12	128,453	121,211	116,335	108,768
Infheistíochtaí	14	598	616	599	617
		129,051	121,827	116,934	109,385
Sócmhainní reatha					
Fardail	15	5,649	5,542	5,649	5,542
Infháiltais: méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin	17	24,624	27,142	24,194	26,605
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	18	43,342	35,230	40,442	32,127
		73,615	67,914	70,285	64,274
Suimeanna iníoctha: méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin					
Suimeanna iníoctha agus fabhruithe	19	22,244	21,649	21,171	20,551
Ioncam iarchurtha	21	20,403	19,717	20,357	19,657
		42,647	41,366	41,528	40,208
Glansócmhainní reatha		30,969	26,548	28,757	24,066
Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha		160,020	148,375	145,691	133,451
Soláthairtí do dhliteanais					
Cáin iarchurtha	22	63	120	-	-
Suimeanna iníoctha: méideanna atá dlite tar éis bliain amháin					
Ioncam iarchurtha	21	12,330	10,919	12,224	10,720
Suimeanna iníoctha agus fabhruithe	20	406	375	-	-
		147,220	136,961	133,467	122,731
Maoiniú sochar scoir iarchurtha	10	1,366,697	1,299,840	1,366,697	1,299,840
Oibleagáid i ndáil le sochar scoir	10	(1,366,697)	(1,299,840)	(1,366,697)	(1,299,840)
Glansócmhainní		147,220	136,961	133,467	122,731
Caipiteal agus cúlchistí					
Cuntas caipitil	23	116,335	108,768	116,335	108,768
Cúlchistí ioncaim	24	18,140	15,448	17,132	13,963
Ranníocaíocht chaipitiúil		12,745	12,745	-	-
		147,220	136,961	133,467	122,731
Cúlchistí inchurtha i leith Teagasc		140,439	129,974	133,467	122,731
Leas neamh-urlámhais		6,781	6,987	-	-
		147,220	136,961	133,467	122,731

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-35.

An tUas. Liam Herlihy
Cathaoirleach
21 Meitheamh 2021

An tOllamh Gerry Boyle
Stiúrthóir
21 Meitheamh 2021

RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

RÁITEAS COMHDHLÚITE AR ATHRUITHE AR CHAIPITEAL AGUS AR CHÚLCHISTÍ AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2020

GRÚPA

		Cuntas caipitil	Ranníocaíocht chaipitiúil	Cúlchistí ioncain	Ranníocaíocht chaipitiúil	Iomlán	
				An Grúpa	Leas neamh- urlámhais	Leas neamh- urlámhais	
	Nóta	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Amhail an 1 Eanáir 2019							
(Easnamh)/barrachas don bhliain		-	-	(98)	13	-	(85)
Caillteanas achtúireach ar dhliteanais sochar scoir	10	-	-	(156,742)	-	-	(156,742)
Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha	10	-	-	156,742	-	-	156,742
Ioncam cuimsitheach iomlán		-	-	(98)	13	-	(85)
Breisiú ar ranníocaíocht chaipitiúil		-	3,840	-	-	889	4,729
Méideanna arna gcaipitliú maidir le sócmhainní ceannaithe	12	13,136	-	-	-	-	13,136
Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí	12	(47)	-	-	-	-	(47)
Lúide: amúchta i gcomhréir le dímheas ar shócmhainní	12	(7,302)	-	-	-	-	(7,302)
Amhail an 31 Nollaig 2019		108,768	6,400	14,806	642	6,345	136,961
			129,974		6,987		136,961
Barrachas/ (easnamh) don bhliain		-	-	2,898	(206)	-	2,692
Caillteanas achtúireach ar dhliteanais sochar scoir	10	-	-	(75,420)	-	-	(75,420)
Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha	10	-	-	75,420	-	-	75,420
Ioncam cuimsitheach iomlán		-	-	2,898	(206)	-	2,692
Breisiú ar ranníocaíocht chaipitiúil		-	-	-	-	-	-
Méideanna arna gcaipitliú maidir le sócmhainní ceannaithe	12	15,251	-	-	-	-	15,251
Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí	12	(30)	-	-	-	-	(30)
Lúide: amúchta i gcomhréir le dímheas ar shócmhainní	12	(7,594)	-	-	-	-	(7,594)
Caillteanas lagaithe	12	(60)	-	-	-	-	(60)
Amhail an 31 Nollaig 2020		116,335	6,400	17,704	436	6,345	147,220
			140,439		6,781		147,220

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-35.

RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

RÁITEAS AR ATHRUITHE AR CHAIPITEAL AGUS AR CHÚLCHISTÍ AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2020

TEAGASC

	Nóta	Cuntas caipitil €'000	Cúlchistí ioncaim €'000	Iomlán €'000
Amhail an 1 Eanáir 2019		102,981	14,077	117,058
Easnamh don bhliain		-	(114)	(114)
Caillteanas achtúireach ar dhliteanais sochar scoir	10	-	(156,742)	(156,742)
Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha	10	-	156,742	156,742
Ioncam cuimsitheach iomlán		-	(114)	(114)
Méideanna arna gcaipitliú maidir le sócmhainní ceannaithe	12	13,136	-	13,136
Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí	12	(47)	-	(47)
Lúide: amúchta i gcomhréir le dímhéas ar shócmhainní	12	(7,302)	-	(7,302)
Amhail an 31 Nollaig 2019		108,768	13,963	122,731
Barrachas don bhliain		-	3,169	3,169
Caillteanas achtúireach ar dhliteanais sochar scoir	10	-	(75,420)	(75,420)
Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha	10	-	75,420	75,420
Ioncam cuimsitheach iomlán		-	3,169	3,169
Méideanna arna gcaipitliú maidir le sócmhainní ceannaithe	12	15,251	-	15,251
Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí	12	(30)	-	(30)
Lúide: amúchta i gcomhréir le dímhéas ar shócmhainní	12	(7,594)	-	(7,594)
Caillteanas lagaithe	12	(60)	-	(60)
Amhail an 31 Nollaig 2020		116,335	17,132	133,467

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-35.

RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

RÁITEAS COMHDHLÚITE AR SHREABHADH AIRGID AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2020

GRÚPA

		2020	2019
	Nóta	€'000	€'000
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	27	23,807	21,065
Ús a íocadh		(88)	(91)
Cánachas		8	(9)
Glan-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		<u>23,727</u>	<u>20,965</u>
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Íocaíochtaí le sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil	12	(15,667)	(18,309)
Fáltais ó dhíolacháin sócmhainní seasta inláimhsithe	12	50	230
Íocaíochtaí chun infheistíochtaí a fháil	14	-	(70)
Fáltais ó dhiúscairtí infheistíochtaí	14	-	24
Ús faighte		2	16
Ranníocaíocht chaipitiúil a fháil		-	4,729
Glanairgead tirim arna úsáid i ngníomhaíochtaí infheistíochta		<u>(15,615)</u>	<u>(13,380)</u>
Glanmhéadú ar airgead tirim agus ar coibhéisí airgid thirim		8,112	7,585
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir		35,230	27,645
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig		<u>43,342</u>	<u>35,230</u>
Is é atá cuimsithe le hairgead tirim agus coibhéisí airgid thirim:			
Airgead sa bhanc agus ar láimh	18	27,842	19,730
Taiscí gearrthéarmacha	18	15,500	15,500
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig		<u>43,342</u>	<u>35,230</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-35.

NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

1. Eolas ginearálta

Bunaíodh Teagasc faoin (Údarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia na hÉireann) faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Is é misean Teagasc ná tacú le nuálaíocht eolaíocht-bhunaithe san earnáil agraibhia agus leis an mbith-gheilleagar níos leithne, rud a bheidh mar bhonn agus mar thaca ag brabúsacht, iomaíochas agus inbhuanaitheacht. Tá príomhoifig chláraithe Teagasc suite ag Páirc na Darach, Ceatharlach.

Tá sciar 57% i seilbh Teagasc i Moorepark Technology Limited a bhfuil mar phríomhghníomhaíocht aige seirbhísí a sholáthar do Thaighde agus d'Fhorbairt.

2. Achoimre ar pholasaithe suntasacha cuntasaióchta

Tá bunús na cuntasaióchta, agus na beartais chuntasaíochta shuntasacha, arna nglacadh ag Teagasc leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad go léir ar feadh na bliana agus i leith na bliana roimhe sin.

2.1 Ráiteas comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Teagasc don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC).

2.2 Bunús an chomhtháthaithe

Chun críocha na ráiteas airgeadais seo, cuimsítear le 'Grúpa Teagasc' an máthaireintiteas Teagasc agus an fhochuideachta dá chuid Moorepark Technology Limited. Tá beartais chuntasaíochta agus tréimhse chuntasaíochta na fochuideachta i gcomhréir le cinn an Ghrúpa. Cuirtear idirbhearta idirchuideachta agus iarmhéideanna agus gnóthachain ar idirbhearta as an áireamh. Tuairiscítear ar infheistíocht san fochuideachta ar chostas lúide lagú. Tá sonraí maidir leis an bhfochuideachta i Nóta 14.

2.3 Bonn a n-ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite de shócmhainní agus dliteanais áirithe a rinneadh a thomhas ar a luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá faofa ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, le haontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, faoi Alt 12 den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988, in éineacht le I.R. Uimh. 418 de 2011. Cuireadh na polasaithe cuntasaióchta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhí plé á dhéanamh le míreanna a mheastar atá bainteach le ráitis airgeadais Teagasc.

2.4 Aithint ioncaim

Deontais ón Oireachtas

Faigheann Teagasc deontais ón rialtas maidir le taighde agus tionscadail eile (deontais ioncaim) agus deontais chaipitil chun infheistíocht chaipitiúil a mhaoiniú. Aithnítear deontais ioncaim nach bhfuil critéir feidhmíochta san áireamh leo mar ioncam ar bhonn fáltas airgid. Cuirtear deontais lena bhforchuirtear critéir feidhmíochta shainiúla chun sochair d'ioncam iarchurtha agus déantar iad a thaifeadadh mar chreidiúnaí go dtí go gcomhlíontar na critéir feidhmíochta ábhartha agus go dtí go n-aithnítear na deontais mar ioncam. Déantar deontais chaipitil a scaoileadh go hioncam thar shaolré úsáideach ionchasach na sócmhainne ábhartha arna ceannach.

Díolachán earraí

Aithnítear ioncam ó díolachán earraí nuair a aistrítear na rioscaí suntasacha agus luachanna saothair úinéireacht na n-earraí chuig an gceannaitheoir, ar sheoladh na n-earraí de ghnáth, nuair is féidir méid an ioncaim a thomhas go hiontaoifa, nuair is dóchúil go sreabhfaidh na tairbhí eacnamaíocha a bhaineann leis an idirbheart chuig an aonán agus nuair is féidir na costais a tabhaíodh, nó a bheidh le tabhú, maidir leis an idirbheart a thomhas go hiontaoifa.

NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Táillí comhairleacha

Faigheann Teagasc ioncam le haghaidh conarthaí seirbhíse comhairlí bliantúla, conarthaí um pléghrúpaí bliantúla agus seirbhísí comhairleacha breise a chuirtear ar fáil. Aithnítear ioncam ó chonarthaí seirbhíse comhairlí bliantúla sa tréimhse chuntasaíochta ina ndéantar an sonrasc a eisiúint. Aithnítear ioncam ó chonarthaí um pléghrúpaí bliantúla agus seirbhísí comhairleacha breise sa tréimhse chuntasaíochta ina soláthraítear an tseirbhís nuair is féidir toradh an chonartha a mheas ar bhonn iontaoifa.

Ioncam fabhraithe

Aithnítear ioncam a dhéantar a thuilleamh ar earraí/seirbhísí arna soláthar, ach nach bhfuil billeáilte, de réir na dtéarmaí conarthacha mar ioncam fabhraithe ar an Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Aithnítear ioncam a dhéantar a thuilleamh ar thionscadail taighde, ach nach bhfuil éillithe, mar ioncam fabhraithe ar an Ráiteas ar an Staid Airgeadais, agus rialacha aonair na gcomhlachtaí maoinithe uile á dtabhairt san áireamh.

Ioncam dleachta

Aithnítear ioncam dleachta ar bhonn fabhraithe de réir shubstaint na gcomhaontuithe ábhartha.

Táillí teagaisc

Aithnítear ioncam thar thréimhse an teagaisc.

Figiúirí comparáideacha

Rinneadh figiúirí comparáideacha a athghrúpáil agus a anailísiú arís, nuair a bhí sé riachtanach, ar an mbonn céanna leis na cinn don tréimhse reatha.

2.5 Sochair fostaithe

Cuireann an Grúpa réimse sochar ar fáil d'fhostaithe, mar shampla, socruithe íoctha saoire agus pleananna pinsin le sochar sainithe.

(Sochair ghearrthéarmacha)

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, pá saoire agus sochair neamhairgeadaíochta eile dá shamhail ina measc, mar chostas sa tréimhse a bhfaightear an tseirbhís lena linn.

Pleananna pinsin le sochar sainithe

Feidhmíonn an Grúpa scéimeanna pinsin le sochar sainithe a bhíonn maoinithe go bliantúil ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear ón airgead a bhíonn ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a chuireann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar fáil, agus ó ranníocaíochtaí a bhaintear as tuarastail na mball foirne. Déantar dliteanais na Scéime Pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach agus modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid á úsáid. Faightear luachálacha achtúireacha gach bliain agus déantar iad a nuashonrú ar dháta gach Ráitis ar an Staid Airgeadais.

Ina theannta sin, feidhmíonn Teagasc Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair), ar scéim pinsin le sochar sainithe í do státseirbhísigh inphinsin a earcaíodh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn costais na sochar scoir na sochair scoir a thuill fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne, a gcoinníonn an Grúpa iad. Déantar ranníocaíochtaí maidir leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóiriú. Aithnítear aon suim a bhaineann le muirear na sochar scoir mar ioncam sa mhéid agus go bhfuil sé inghnóthaithe, agus fritháirithe in aghaidh deontas a fhaightear le linn na bliana i leith íocaíochtaí sochar scoir a íoc. Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha de dheasca athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inghnóthaithe ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Léiríonn dliteanais sochar scoir luach reatha na n-íocaíochtaí sochar scoir sa todhchaí a thuill baill foirne go dtí seo. Léiríonn maoiniú sochar scoir an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le gnóthú i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

2.6 Léasanna

Ag an dáta tionscanta measann Teagasc comhaontuithe lena n-aistrítear an ceart úsáide maidir le sócmhainní. Meastar cibé acu atá nó nach bhfuil sa chomhaontú léas atá bunaithe ar bhunús an tsocraithe.

Léasanna oibriúcháin

Tugtar léasanna oibriúcháin ar léasanna nach n-aistrítear na rioscaí agus na buntáistí ar fad a bhaineann le húinéireacht iontu. Gearrtar íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin ar an ráiteas ar ioncam ar bhonn na líne díri thar thréimhse an léasa.

2.7 Cánachas

Tá an costas cánachais don thréimhse comhdhéanta den cháin reatha agus den cháin iarchurtha a aithnítear sa thréimhse tuairiscithe. Aithnítear cáin sa ráiteas ar ioncam. Ní dhéantar sócmhainní agus dliteanais na cánach reatha nó iarchurtha a lascainiú.

Cáin reatha

Is éard atá i gceist le cáin reatha ná an méid cáin ioncaim atá iníoctha i leith an bhrabúis inchánach don bhliain nó do bhlianta roimhe. Ríomhtar cáin ar bhonn na rátaí cánach agus na ndlíthe atá achtaithe nó atá achtaithe go substainteach faoi dheireadh na thréimhse.

Go tréimhsiúil, déanann an lucht bainistíochta suíomhanna a mheasúnú a ghlactar i dtuairisceáin chánach maidir le cásanna ina bhfuil an rialachán cánach infheidhme faoi réir ag léirmhíniú. Bunaíonn sé forálacha, nuair is iomchuí, ar bhonn na méideanna lena bhfuiltear ag súil le bheith íoctha do na húdaráis chánach.

Cáin iarchurtha

Eascaíonn cáin iarchurtha ó dhifriochtaí uainiúcháin arb ionann iad agus difriochtaí idir brabúis inchánach agus ioncam cuimsitheach iomlán de réir mar atá luaite sna ráitis airgeadais. Eascaíonn na difriochtaí ama sin a tharlaíonn nuair a chuirtear ioncam agus costais i measúnuithe cánach san áireamh i dtréimhsí atá difriúil ó na tréimhsí ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar gach difríocht ama ar an dáta tuairiscithe seachas i roinnt eisceachtaí áirithe. Ní aithnítear caillteanais chánach neamh-mhaolaithe ná sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair atá gach cosúlacht ar an scéal go n-aisghabhfar iad in aghaidh aisiompú na ndliteanas cánach iarchurtha nó brabúis inchánach amach anseo.

Ríomhtar cáin iarchurtha de réir na rátaí cánach agus na ndlíthe atá achtaithe nó atá achtaithe go substainteach faoi dheireadh na thréimhse agus a cheaptar a mbeidh feidhm acu ar aisiompú na difríochtaí ama.

2.8 Taighde agus forbairt

Aithnítear caiteachas ar thaighde mar chostas sa thréimhse ina dtabhaítear e.

2.9 Sócmhainní inláimhsithe

Maoín, gléasra agus trealamh

Tá maoín, gléasra agus trealamh luaite ar a gcostas lúide dhímheas carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Áirítear lena leithéid de chostais costais atá inchurtha go díreach i leith an tsócmhainn a dhéanamh oibriúchtúil de réir mar a bhí beartaithe.

Ní dhéantar talamh a dhímheas. Ní dhéantar sócmhainní atá á dtógáil a dhímheas. Déantar dhímheas maidir le gach maoín, gléasra agus trealamh ar rátaí a ríomhtar chun costas gach sócmhainne a dhíscríobh, lúide an luach iarmharach measta, ar bhonn córasach, thar a saolré úsáideach ionchasach, mar seo a leanas:

Trealamh ríomhaireachta	3 bliana
Gléasra agus feithiclí	5 bliana
Trealamh saotharlainne agus oifige	10 bliana
Gléasra agus trealamh tionsclaíoch	10 bliana
Foirgnimh feirme	20 bliana
Foirgnimh thionsclaíocha agus dhéantúsaíochta	30 bliana
Foirgnimh eile	50 bliana

Gearrtar dhímheas leathbhliana sa bhliain ina bhfaightear sócmhainní agus ina ndéantar iad a dhiúscairt.

NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Déantar athbhreithniú ar luachanna anonn maoine, gléasra agus trealamh maidir le lagú nuair a léirítear le himeachtaí nó athruithe ar imthosca nach mbeadh an luach anonn inghnóthaithe. Má léirítear lagú a bheith ann is amhlaidh a dhéantar an caillteanas lagaithe, nó an cealú caillteanas lagaithe, a aithint go láithreach sa Ráiteas Comhdhlúite ar loncam agus Caiteachas.

Déantar saolréanna úsáideacha ionchasacha, luachanna iarmharacha agus modhanna dímheasa a athbhreithniú agus a choigeartú ag deireadh gach bliana airgeadais.

Aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas, arb ionann é agus an difríocht idir fáltais na ndíolachán agus suim ghlanluacha na sócmhainne, a eascraíonn as diúscairt nó astarraingt earra maoine, gléasra nó trealamh sa Ráiteas Comhdhlúite ar loncam agus Caiteachas. Déantar aon mhéid sa chúlchiste athluachála a bhaineann leis an tsócmhainn sin a aistriú go díreach chuig tuilleamh coimeádta.

Coimeádtar gléasra agus trealamh arna ndímheas ina n-iomláine sna ráitis airgeadais go dtí nach n-úsáidtear iad a thuilleadh.

Sócmhainní le hathdhíol

Rangaítear sócmhainní inláimhsithe mar choinnithe le díol nuair atáthar ag súil go ndéanfar an luach anonn a ghnóthú go príomha trí idirbheart díolacháin agus nuair a bhíonn sé thar a bheith dóchúil do ndéanfar díolachán. Luaitear iad ar an tsuim is ísle de luach anonn nó de luach cóir lúide costas an díolacháin.

Lagú sócmhainní neamh-airgeadais

Déantar sócmhainní nach sócmhainní airgeadais nach dtugtar anonn ar a luach cóir a mheas ar dháta deiridh gach bliana airgeadais lena fháil amach an bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil an tsócmhainn (nó aonad ginte airgid na sócmhainne) lagaithe. Más amhlaidh, cuirtear méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad ginte airgid na sócmhainne) i gcomparáid le suim tugtha anonn na sócmhainne (nó aonad ginte airgid na sócmhainne).

2.10 Sócmhainní airgeadais

Infheistíocht i bhfochuideachta

Déantar an infheistíocht san fhochuideachta Moorepark Technology Limited ar chostas lúide lagú. Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar lagú, aithnítear caillteanas lagaithe sa Ráiteas Comhdhlúite ar loncam agus Caiteachas don bhliain.

Infheistíochtaí eile

Déantar infheistíochtaí atá liostaithe ar stocmhalartán aitheanta a thomhas ag a luach cóir, agus taifeadtar gluaiseachtaí tríd an Ráiteas Comhdhlúite ar loncam agus Caiteachas agus tríd an Ráiteas Comhdhlúite ar loncam Cuimsitheach. Déantar sócmhainní airgeadais eile lena gcuimsítear infheistíochtaí i scaireanna neamhluaite agus infheistíochtaí airgeadais a thomhas ag a luach cóir más féidir sin a chinntiú go hiontaofa; murar féidir déantar iad a thomhas ag an luach inchurtha ina leith ag dáta a bhfála lúide lagú. Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar lagú, aithnítear caillteanas lagaithe sa Ráiteas Comhdhlúite ar loncam agus Caiteachas agus sa Ráiteas Comhdhlúite ar loncam Cuimsitheach don bhliain.

2.11 Fardal

Sócmhainní bitheolaíocha

Déantar beostoc agus torthaí feirme féin a luacháil le samhail an luacha chóir. Cinntear luach cóir ar an mbonn go ndíoltar ainmhithe agus táirgí na feirme ar an margadh oscailte. Léirítear gnóthachain agus caillteanas a eascraíonn as na luachálacha seo ina n-iomláine in ioncam oibriúcháin.

Fardal eile

Luaitear fardal eile uile ag an tsuim is ísle de chostas agus glanluach inréadaithe.

2.12 Infháiltas

Aithnítear infháiltas ar a luach cóir, lúide soláthar i gcoinne lagaithe. Soláthar sonrach is ea an soláthar i gcoinne lagaithe, a bhunaítear nuair is ann d'fhianaise oibiachtúil nach mbeidh Teagasc in ann gach méid atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht san thoráil maidir le laguithe sa Ráiteas Comhdhlúite ar loncam agus Caiteachas.

NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

2.13 Suimeanna infíochta

Aithnítear suimeanna infíochta ar dtús, lena n-áirítear suimeanna infíochta trádála agus suimeanna infíochta eile agus ioncam iarchurtha, ar a bpraghas idirbhirt, ach amháin más rud é go bhfuil an socrú ina idirbheart maoinithe, nuair a dhéantar an ionstraim fiachais a thomhas ar luach reatha na bhfáltais amach anseo arna lascainiú ar ráta úis an mhargaidh. Cuirtear ioncam ardaighde, i gcás ina bhfuil cuid de na cistí le híoc le heagraíochtaí comhpháirtíochta, san áireamh san ioncam iarchurtha.

2.14 Soláthairtí agus bearta teagmhasachta

Soláthairtí

Aithnítear soláthairtí nuair atá oibleagáid láithreach dlí nó inchiallaithe ag an nGrúpa mar thoradh ar rudaí a tharla san am atá thart, agus nuair atá gach cosúlacht ar an scéal go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ag teastáil leis an oibleagáid sin a ghlanadh, agus nuair is féidir méid na hoibleagáide sin a mheas go héasca.

Déantar soláthairtí a thomhas ar luach reatha an chaiteachais lena bhfuiltear ag súil a bheith de dhíth chun an oibleagáid a ghlanadh agus ráta réamhchánach á úsáid lena léirítear measúnuithe an mhargaidh reatha ar amluach airgid agus na rioscaí a bhaineann go sainiúil leis an oibleagáid. Aithnítear an méadú ar an soláthar mar gheall ar imeacht ama mar chostas airgeadais.

Teagmhais

Ní aithnítear dliteanais theagmhasacha, a eascraíonn de bharr rudaí a tharla san am atá thart, (i) nuair nach bhfuil cosúlacht ar an scéal go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ann nó nuair nach féidir an méid a thomhas go héasca ar an dáta tuairiscithe, nó (ii) nuair a dhéanfar iad a dhearbhu nuair a tharlóidh nó nuair nach dtarlóidh rudaí áirithe amach anseo nach bhfuil faoi rialú iomlán an Ghrúpa. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin nuair is fánach an seans go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ann.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go mbeidh insreabhadh buntáistí eacnamaíocha ann.

3. Meastacháin agus breithnithe rithabhachtacha cuntasaíochta

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna arna dtuairisciú i ndáil le sócmhainní agus dliteanais amhail dáta an Ráitis ar an Staid Airgeadais agus ar na méideanna arna dtuairisciú i ndáil le hioncam agus caiteachas i rith na bliana. Mar sin féin, toisc gur meastachán atá i gceist, d'fhéadfadh na torthaí iarbhrí a bheith difriúil ó na meastacháin sin.

Is iad seo a leanas na breithiúnais a raibh an tionchar ba shuntasá acu ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais:

Saolréanna eacnamaíocha úsáideacha maoine, gléasra agus trealaimh

Déanann an Grúpa na sócmhainní seasta inláimhsithe a dhímheas thar a saolréanna úsáideacha measta tar éis a luachanna iarmharacha measta a thabhairt san áireamh. Léirítear le saolré úsáideach mheasta meastachán an lucht bainistíochta ar an tréimhse ina bhfuil sé de rún ag an nGrúpa tairbhí eacnamaíocha todhchaíocha a bhaint as sócmhainní seasta inláimhsithe an Ghrúpa. Léirítear le luach iarmharach an méid measta an lucht bainistíochta a gheobhadh an Grúpa ar dhiúscairt na sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscairthe a asbhaint, faoi mar a bheadh an tsócmhainn den aois agus sa riocht cheana féin a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáidí. D'fhéadfadh athruithe ar an leibhéal úsáide lena bhfuiltear ag súil agus forbairtí teicneolaíochta dul i bhfeidhm ar eacnamaíocht, saolréanna úsáideacha agus luachanna iarmharacha na sócmhainní sin agus mar thoradh air sin d'fhéadfadh tionchar a bheith ar mhuirir dímheasa sa todhchaí. Féach nóta 12 le haghaidh méid anonn na sócmhainní seasta inláimhsithe.

Luacháil ar infheistíochtaí

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar measúnú maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil táscairí ann go bhfuil infheistíocht Teagasc san fhochuideachta lagaithe. Nuair is gá, bíonn measúnuithe Teagasc bunaithe ar mheastachán ar luach úsáide na sócmhainní trí na sreafaí airgid sa todhchaí lena bhfuiltear ag súil a thuar do thréimhse suas le 5 bliana, agus ráta lascaine oiriúnach á úsáid chun luach reatha na sreafaí airgid sin a ríomh. Féach nóta 14 le haghaidh méid anonn na n-infheistíochtaí.

NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Lagú infháltas

Déanann Teagasc infháltais a mheasúnú ar bhonn leanúnach le haghaidh aon fhianaise oibiachtúil ar lagú trí fhachtóirí a bhreithniú, lena n-áirítear an próifíl aosaithe, acmhainneacht creidmheasa agus stair bailithe san am atá thart gach féichiúnaí. Dá ndéanfaí dálaí airgeadais na bhféichiúnaithe sin a mheathlú, agus lagú a n-ábaltachta chun íocaíocht a dhéanamh ina thoradh air sin, d'fhéadfadh liúntais bhreise a bheith de dhíth. Féach nóta 17 le haghaidh méid anonn na n-infháltas trádála agus infháltas eile.

Oibleagáid sochair scoir

Tá d'oibleagáid ar Teagasc sochar scoir a íoc le fostaithe áirithe. Braitheann costas na sochar sin agus luach reatha na hoibleagáide ar roinnt fachtóirí, lena n-áirítear; ionchas saoil, méaduithe ar thuarastail, luacháil ar shócmhainní agus an ráta lascaire ar bhannaí corparáide. Cuireann an lucht bainistíochta na fachtóirí sin san áireamh agus an oibleagáid um shochar scoir glan á cinntiú sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Léiríonn na foshuíomhanna taithí stairiúil agus treochtaí reatha. Féach Nóta 10 le haghaidh na nochtuithe a bhaineann leis an scéim sochair scoir.

Soláthairtí

Déanann an Grúpa soláthar i gcoinne oibleagáidí dlí agus oibleagáidí inchiallaithe, arb eol dó go bhfuil siad dlite ag deireadh na bliana. De ghnáth, déantar an soláthar sin ar bhonn faisnéis stairiúil nó faisnéis ábhartha eile, arna coigeartú le haghaidh treochtaí le déanaí nuair is cuí. Mar sin féin, is meastacháin iad ar chostais airgeadais a ghabhann le teagmhais b'fhéidir nach dtarlódh go ceann tamall de bhlianta. Mar gheall air sin agus mar gheall ar leibhéal na neamhchinnteachta a ghabhann leis na torthaí airgeadais, is féidir go mbeadh difríocht shuntasach idir an toradh iarbhír agus an meastachán ar an toradh.

RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

4. Deontais ón Oireachtas

		2020 €'000	2019 €'000
	Fo- cheannteideal		
Vóta 30: Deontas i gcabhair ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara do chaiteachas ginearálta	C.5	133,920	124,220
Deontas chun críocha acmhainní daonna	C.5	10,500	10,500
Deontas d'fhorbairt Chaisleán Bhaile Sheonach	C.11	-	1,020
An clár tacaíochta agus comhairleach um inbhuanaitheacht na talmhaíochta	B.3	-	130
Taighde ar bhia agus taighde ar thalmhaíocht	C.3	1,861	2,279
Clár taighde chomhoibritigh Stimulus	C.3	2,045	2,519
Clár na ndobharcheantar talmhaíochta	B.3	2,400	1,630
Scéim GLAS	B.3	-	19
Clár aistrithe eolais	B.7	469	3,269
Ionad Náisiúnta na mBianna Tomhaltais	C.4	1,484	4,001
Faireachlann náisiúnta carbóin	C.10	29	-
Deontas maidir le poiblíocht na foraoiseachta agus feasacht agus oiliúint	B.10	670	670
Deontas maidir le hoideachas um fhoraoiseacht	B.10	12	26
Ranníocaíochtaí ball leis an scéim pinsin aonair		(866)	(689)
		<u>152,524</u>	<u>149,594</u>

Is faoi ioncam a aithnítear deontas nach bhfuil aon chritéir feidhmíochta ag baint leis nuair a fhaightear na fáiltais ón deontas. Aithnítear deontais ón Oireachtas a fhaightear lena bhforchuirtear coinníollacha feidhmíochta sonraithe don todhchaí in ioncam nuair a chomhlíontar na coinníollacha sin. Taifeadtar deontais ón Oireachtas, a fhaightear roimh aithint ioncain a chomhlíonadh, mar dhliteanais ar leith sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Ag deireadh na bliana, bhí coinníollacha neamhchomhlíonta i gceist le Teagasc atá san áireamh leis an Ráiteas ar an Staid Airgeadais mar dhliteanais i dtaca leis an méid a leanas:

		2020 €'000	2019 €'000
	Nóta		
Taighde ar bhia agus taighde ar thalmhaíocht	21	1,865	1,671
Clár taighde chomhoibritigh Stimulus	21	2,359	2,698
Ionad Náisiúnta na mBianna Tomhaltais	21	1,018	2,503
		<u>5,242</u>	<u>6,872</u>

5. Maoiniú ón AE

	2020 €'000	2019 €'000
Ioncam ón Suirbhé ar Fheirmeacha	144	152
INTERREG	322	253
Marie Curie	309	456
Creatchlár VII	-	241
Fís 2020	2,701	2,271
Ioncam Eile ón AE	168	67
	<u>3,644</u>	<u>3,440</u>

